

Gaeilge Samplaí



CLÁR

Ardleibhéal

2015	3
2014	19
2013	26
2012	33
SEC	40

Gnáthleibhéal

Treoir don Scrúdú	49
2015	54
2014	65
2013	74
2012	84
SEC	92

Gaeilge

Ardteistiméireacht Ardleibhéal



CLÁR

Ardleibhéal

2015	3
2014	19
2013	26
2012	33
SEC	40

PÁIPÉAR I
CUID I: CLUASTUISCINT (60 M)

Cuid A (18 m)

FÓGRA A hAON (10 m)

1. (a) Raidió Fáilte (2)
(b) 12 Bealtaine / 12/5 (2)
2. (a) 7:30/leathuair tar éis a seacht (2)
(b) Na réaltaí móra popcheoil/na féilte ceoil timpeall na tíre (2)
3. Téacs a sheoladh isteach leis an bhfreagra ceart (2)

FÓGRA A DÓ (8 m)

1. (a) Cúrsa Gaeilge agus cultúir (2)
(b) Gleann Cholmcille, Dún na nGall (2)
2. Péintéireacht/amhránaíocht/léamh filíochta/siúlóidí ar an sliabh (2)
3. 074930285 (2)

Cuid B (28 m)

COMHRÁ A hAON (14 m)

An Chéad Mhír

1. An Bhratach Ghlas/Brat glas (2)
2. (i) Tá níos lú bruscair thart faoin scoil anois. (2)
(ii) Déanann siad níos mó athchúrsála. (2)
3. Uair gach téarma/gach téarma (2)

An Dara Mír

1. An timpeallacht/athrú aeráide/téamh an domhain (2)
2. Leictreachas agus teas a shábháil sa scoil (2)
3. Tá sí cráite ag éisteacht leis an gcaint ar fad faoi na táillí uisce* atá le híoc anois. (2)
*‘muirir uisce’ an téarma ceart (<http://www.tearma.ie/Search.aspx?term=muirir+uisce>)

COMHRÁ A DÓ (14 m)

An Chéad Mhír

1. Sé seachtaine (2)
2. A deartháir Seán agus uncail léi/a huncail (2)
3. Cúrsaí oibre/bhí sé míshásta leis an obair a bhí aige (2)

An Dara Mír

1. (i) Faigheann sé pá níos airde ansin. (2)
(ii) Tá an costas maireachtála níos ísle freisin. (2)
2. Cill Dara (2)
3. Tá an ráta dífhostaíochta ard./Tá fiacha troma ar dhaoine. (2)

Cuid C (14 m)**PÍOSA A hAON (8 m)**

1. Éirí Amach na Cásca i 1916 (2)
2. (i) Ag scríobh (2)
(ii) Ag cur feabhas ar a chuid Gaeilge (2)
(iii) Ag pleanáil don Éirí Amach]
3. Ionad oidhreachta (2)

PÍOSA A DÓ (6 m)

1. Ar líne/www.tuairisc.ie/ar an idirlíon (2)
2. Tuairisc.ie (2)
3. Tá córas ardluais leathanbhanda ar fáil ann. (2)

CUID II: CEAPADÓIREACTH (100 M)

Aiste nó Alt Nuachtáin / Irise (100 marc)

A (c) Níl teora ar an méid scéalta móra a ndéantar trácht orthu na laethanta seo.

Drugaí, fadhbanna sóisialta, fadhbanna an aos óig, an foréigean, an chogaíocht, na muirir uisce, an dífhostaíocht, an imirce – is liosta le háireamh é. San aiste seo, áfach, díreoidh mé ar chuid de na fadhbanna i dtionscal an spóirt agus i dtionscal an cheoil. Tá an spóirt agus an ceol go smior ionam. Tá suim iontach mór agam iontu. Ar an gcéad dul síos, pléifidh mé an spóirt i mo shaol. Tar éis sin, díreoidh mé ar fhadhbanna na ndrugaí sa spóirt. Déanfaidh mé mionanailís ar na cúiseanna a bhaineann leis. Pléifidh mé na fáthanna nach bhfuil na húdaráis spóirt ag dul i ngleic leo. Molfaidh mé cúpla réiteach freisin. Tar éis sin, pléifidh mé tábhacht an cheoil i mo shaol. Anuas air sin, déanfaidh mé mionanailís ar na príomhfhadhbanna a bhaineann le tionscal an cheoil. Faoi dheireadh, luafaidh mé cúpla réiteach.

Mar a dúirt mé cheana, tá dúil iontach mór agam i gcúrsaí spóirt. Is breá liom sacar. Is é Celtic an club is fearr liom. Is fearr liom Celtic níos mó ná aon rud eile i mo shaol! D'imrinn peil nuair a bhí mé óg ach d'éirigh mé as mar gheall ar na scrúduithe. Is breá liom an iománaíocht agus an lúthchleasaíocht freisin. Téim ag traenáil ceithre huaire sa tseachtain. Bíonn cluiche ag m'fhoireann iománaíochta ar an Satharn agus bíonn cluiche sacair againn ar an Domhnach. Is léir go bhfuil an spóirt go smior ionam. Faraor, áfach, tá rud éigin sa spóirt a bhíonn ag dó na geirbe agam. Is é sin mí-úsáid drugaí.

I ndáiríre, is léir go bhfuil cúrsaí spóirt in umar na haimléise i láthair na huaire. Cén fáth? Bhuel, ar an gcéad dul síos, tá an iomarca tionchair ag na comhlachtaí móra spóirt ar nós Nike agus Adidas ar lúthchleasaithe agus ar fhoirne spóirt. Tá tionchar ollmhór ag na gníomhairí spóirt agus ag na comhlachtaí cógaisíochta orthu freisin. Mar thoradh ar an tionchar ollmhór seo, tá an tionscal ar fad millte ag an éillitheacht agus ag an gcaimiléireacht. Tá a fhios ag an saol, agus ag na húdaráis spóirt ar ndóigh, go bhfuil drugaí ag milleadh an spóirt. Faraor, tá eagla orthu aon rud a dhéanamh, toisc go gcaillfidís an t-uafás leantóirí. Má fhógraíonn na húdaráis go bhfuil fadhb ann, ar nós lucht na rothaíochta mar shampla, stopfaidh daoine ag féachaint ar an spóirt.

Bhí an-tóir ar an Tour de France sna hochtóidí ach thosaigh na rothaithe ag tógáil EPO agus drugaí eile a chuireann leis an bhfeidhmiú (performance-enhancing drugs nó PEDs). Ba é Lance Armstrong an ciontach is mícháiliúla. Nuair a rugadh orthu, stop daoine ag leanúint an spóirt. Tá leantóirí ag teacht ar ais go dtí an spóirt faoi dheireadh, ach ní chreidfeá an méid airgid atá cailte acu ó shin i leith! Cúpla mí ó shin, rinneadh clár fáisnéise ar an lúthchleasaíocht sa Rúis. Maíodh ann go raibh níos mó ná 99% lúthchleasaithe sa Rúis ag tógáil drugaí a chuireann leis an bhfeidhmiú! Níl na húdaráis ag tarraingt achrainn, áfach. Tá ceacht luachmhar foghlamtha acu ó thionscal na rothaíochta!

Má theastaíonn ó na húdaráis an fhadhb seo a réiteach, ba chóir dóibh piónóis níos déine a chur i bhfeidhm. Sa mhullach air sin, ba chóir go gcuirfí na mangairí drugaí faoi ghlas. Tá an iomarca gníomhairí spóirt agus poitigéirí ag saothrú a lán airgid i dtíortha a bhfuil neart lúthchleasaithe rathúla ina gcónaí ann. Ba chóir do na húdaráis fiosrúchán a dhéanamh ar an saghas oibre a bhíonn ar siúl ag daoine mar seo.

Scéal mór eile a léitear faoi ar fud an domhain ná meath thionscal an cheoil. Cinnte, tá daoine ann a shaothraíonn go leor leor airgid. Bíonn sé níos dúshlánaí don ghnáthcheoltóir, áfach, cúpla euro a shaothrú ón gceol. Maidir liom féin, is aoibhinn liom an ceol. Saothraím féin cúpla euro ar Shráid an Chapail Bhui nuair a sheinnim cúpla port traidisiúnta le mo chairde. Seinnim an giotár agus an pháib uilleann. Cleachtaim gach lá. Nuair a bhíonn scrúdu nó ceolchoirm agam, bím ag cleachtadh gan stad staonadh ó cheann ceann an lae.

Tá dúil agam in go leor cineálacha ceoil, áfach. Is maith liom a bheith ag éisteacht le popcheol ar an raidió. Déanaim iarracht cúpla amhrán a fhoghlaim ar an ngiotár freisin. É sin raite, tá an-chuid saincheisteanna tromchúiseacha ag baint le tionscal an cheoil. Gan aon amhras, is í an phíoráideacht an fhadhb is mó. Dar leis na comhlachtaí móra ceoil, is fadhb phráinneach í. Deir siad go bhfuil an-chuid ceoltóirí ag cailleadh airgid. Ceapaim féin, áfach, go bhfuil na praghsanna fós ró-ard.

Mar aon leis sin, tá drochthionchar ag roinnt ceoltóirí ar dhaoine óga. Mar shampla, tógann siad drugaí, gléasann siad ar bhealach míchuí agus caitheann siad lena leantóirí go dona. Féach ar Amy Winehouse, Miley Cyrus, agus Justin Bieber, mar shampla. Ar bhonn pearsanta, baineann an fhadhb is tromchúisí le caighdeán an cheoil. Lá i ndiaidh lae, bíonn ceoltóirí ag baint an iomarca úsáide as AutoTune. Mar thoradh air sin, tá caighdeán an cheoil in umar na haimléise. Éist le Kesha, mar shampla!

Tá sé riachtanach dul i ngleic leis na fadhbanna seo láithreach bonn, i mo thuairim. Má íslíonn na comhlachtaí móra na praghsanna, ní bheidh gá leis an bpíoráideacht. Anuas air sin, ba chóir do cheoltóirí níos mó cheolchoirmeacha a dhéanamh. Níor chóir do na meáin ceoltóirí ar nós Bieber agus Miley Cyrus a mholadh go hard na spéire. Faoi dheireadh, níor chóir do cheoltóirí AutoTune a úsáid. Tríd is tríd, áfach, cé go bhfuil tionscal an cheoil in umar na haimléise, tá fós ceoltóirí iontacha ar an bhfód agus ba chóir dúinn tacaíocht a thabhairt dóibh.

- A (e)** Tír gan teanga tír gan anam. Ba é Pádraig Mac Piarais, múinteoir agus poblachtánach, a dúirt na focail sin. Faraor, áfach, tá cuma ar an scéal go bhfuil todhcháí neamhchinnte i ndán do Ghaeilge na tíre seo, go háirithe sna ceantair Ghaeltachta. San aiste seo, déanfaidh mé anailís ar thrí shaincheist a bhaineann le staid na Gaeilge faoi láthair. I dtús báire, pléifidh mé an Staidéar Cuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (SCT) a foilsíodh in 2007. Ar an dara dul síos, scríobhfaidh mé faoin easpa seirbhísí teicneolaíochta i gceantair thuaithe agus i gceantair Ghaeltachta. Faoi dheireadh thiar thall, luafaidh mé cúpla pointe faoi staid na Gaeilge i gceantair nach bhfuil sa Ghaeltacht.

Is léir go bhfuil an-chuid saincheisteanna teangeolaíochta, polaitiúla agus sóisialta i gceist le staid na Gaeilge. Pléitear na saincheisteanna seo i dtuarascáil thábhachtach darb ainm an Staidéar Cuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (SCT). Foilsíodh an SCT in 2007. Tugtar léargas cruinn sa tuarascáil ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht chomhaimseartha. Maíonn údair na tuarascála nach mbíonn úsáid na Gaeilge sa phobal inmharthanach nuair a thiteann líon na gcainteoirí gníomhacha faoi 67%. Deir siad go bhfuil cuid mhaith de phobail Ghaeltachta ar an tairseach seo.

Cuireann údair na tuarascála roinnt moltaí spéisiúla chun cinn. Dar leo, ba chóir gréasáin Ghaeilge faoi leith a neartú. Ba chóir spreagadh a thabhairt do lánúin clann a thógáil i nGaeilge. Ba chóir comhairle a chur ar lucht oideachais agus gnó úsáid na Gaeilge a fhorbairt. Faoi dheireadh, ba chóir níos mó seirbhísí as Gaeilge a sholáthar do phobail na Gaeltachta. Maíonn siad go bhfuil gá mór leis na hathruithe seo go háirithe i gcomhthéacs Ghaeilge an aos óig.

Faraor, níl siad den tuairim go bhfuil ag éirí leis an Rialtas na moltaí seo a chur i bhfeidhm. Deir siad nach mbeidh an Ghaeilge mar phríomhtheanga in aon cheantar Gaeltachta faoi cheann deich mbliana. Géarchéim theanga atá i gceist agus caithfidh rud éigin a dhéanamh faoi. Caithfidh muid, mar sin, cúiseanna na faidhbe a iniúchadh. I mo thuairim, baineann easpa áiseanna teicneolaíochta go mór leis an bhfadhb.

Mar is eol do chách, tá fás mór ar an nua-theicneolaíocht sa tsochaí. Ba dheacair maireachtáil gan an trealamh is nua-aimseartha inár saol. Maidir liom féin, is breá liom an nua-theicneolaíocht. Tá an saol i bhfad níos éasca léi. Tá tú in ann aon rud a dhéanamh léi, mar shampla, taighde a dhéanamh ar líne, caint le do chairde ar Skype, nó fiú féachaint ar na scannáin agus sraitheanna is déanaí ar Netflix. Níos tábhachtaí ná sin, áfach, is féidir leat bheith páirteach i ngréasain Ghaeilge ar fud na tíre.

Tá dhá shaincheist thromchúiseacha ag baint leis an nua-theicneolaíocht sa tír seo, áfach. Tá an córas leathanbhanda i gceantair Ghaeltachta agus i gceantair thuaithe in umar na haimléise. Tá costais an leathanbhanda an-ard freisin. Ba chóir don Rialtas an córas ardluais leathanbhanda a fhorbairt chun gnólachtaí a mhealladh chuig ceantair thuaithe. Ba chóir go mbeadh rochtain ag gach duine ar an idirlíon. Gan é, beidh muid ar an tráfhólamh. D'fhéadfa a rá gur ceart daonna é. Má chuireann muid luach ar an gcumarsáid, ba chóir dúinn luach a chur ar an idirlíon.

Is iomaí dúshlán eile atá roimh cheantair Ghaeltachta. Tá daoine óga na Gaeltachta ag dul ar imirce toisc nach bhfuil áiseanna ann. Tá sé ródheacair post a fháil faoin tuath. Téann siad go dtí cathracha móra na tíre nó fiú ar imirce chuig tíortha thar lear. Bíonn sé deacair an Ghaeilge a chaomhnú nuair a fhágann cainteoirí óga Gaeilge ceantair Ghaeltachta.

Ar an dea-uair, tá nóta dóchais ann. Tá fás mór ar líon na gcainteoirí gníomhacha i gceantair nach bhfuil sa Ghaeltacht. Tá méadú mór ar líon na nGaelscoileanna agus na nGaelcholáistí sa tír. Tá pobail bheaga Ghaeilge i gCeanada, i Sasana agus i dtíortha eile thar lear. Tá spreagadh ann. Tá tacaíocht ann don Ghaeilge. Caithfidh an Rialtas a aithint, áfach, go mbraitheann na Gaeilgeoirí seo ar Ghaeilge na Gaeltachta. Má chailltear saibhreas na teanga: scéalta, dánta, seanfhocail, piseoga, orthaí, nathanna agus a leithéid – beidh sé rídhúshlánach an Ghaeilge mar theanga chomhaimseartha a fhorbairt. Ní féidir linn anam ár dtíre a chailleadh.

Scéal (100 m)

B (a) Gheal m'aghaidh nuair a chuir an freastalaí an stéig shúmhar theobhlasta os mo chomhair. Bhí sé tuillte agam, bhí a fhios agam sin. Faoi dheireadh, bhí an Ardteist críochnaithe agam. Nach orm a bhí an bród! Chomh maith leis sin, bhí ocht mbliana déag díreach bainte amach agam. Bhí mé lán mórtais. Bhí mé i gcuideachta mo thuismitheoirí agus bheirt chairde, Karolina agus Pilib, in óstán Uí Shé ar an gCeathrú Rua i gConamara. Bhí faoiseamh mór orainn go léir agus ag tnúth go mór leis an mbéile deas seo.

Bhí mé leathbhealach trí mo stéig nuair a osclaíodh an doras agus tháinig slua mór isteach. Bhí siad go léir gléasta in éadaí sárfhaiseanta ildaite agus ag caint agus ag comhrá go glórmhar. Blas Meiriceánach a bhí ag cuid acu. Ansin, chonaic mé bean óg ag siúl isteach. Bhí gruaig ghearr dhubh uirthi, spéaclaí gréine (cé go raibh sé dorcha amuigh!), fáinní cluasa móra agus go leor seodra eile uirthi. D'aithin muid go léir láithreach í. Rihanna! Ach gan a thuilleadh moille, thionlaic an bainisteoir go dtí an staighre iad agus faoi cheann cúpla soicind bhí siad as amharc.

Thosaigh muid ag cogarnach le chéile. Tuige go raibh sí anseo? In óstán beag i gConamara? Céard a bhí ar siúl aici? Bhí a fhios againn faoina ceolchoirm i Londain an lá dár gcionn, ach ní raibh cliú dá laghad againn faoina turas go Conamara! Ar aon chaoi, lean muid ar aghaidh ag caint is ag comhrá faoi Rihanna. I ngan fhios dúinn, chuaigh Mam go dtí an leithreas. Tar éis cúpla nóiméad, cé a bhí in éineacht léi ach Rihanna féin. Níor chreid muid ár gcuid súl!

Shuigh sí síos agus ghabh sí comhghairdeas linn. Bhí bród an domhain orainn. Mhínigh sí dúinn go raibh siad ag déanamh fótasheisiún anseo mar gheall ar an gcósta álainn dramatúil a bhí againn. Ansin, d'fhiafraigh sí dinn céard a bhí ar siúl againn an lá dár gcionn. An mbeimis ábalta bheith i Londain an tráthnóna dár gcionn? Bhreathnaigh mé ar mo thuistí. Bhuel?

'Cogar,' a dúirt sí, 'pléigh le chéile é. Beidh muidne thuas staighre. Abair linn más feidir libh. Tá cúpla ticéad cúlstáitse agam agus eagróidh mé síob ón aerfort daoibh.' Chaoch sí orainn agus d'imigh sí.

Ní chaithfidh mé a rá go ndeachaigh muid go dtí an cheolchoirm. Ní raibh an dara rogha ag mo thuistí! Dhera, nár dhuine fásta mé faoin am sin! Chuaigh an triúr againn in éineacht le mo mháthair. Bailíodh muid ag an aerfort agus tugadh go dtí an O2 i nGreenwich Londain muid i limisín mór dubh. Bhí an cheolchoirm thar barr. Nuair a tháinig Rihanna ar an stáitse, thosaigh gach duine ag screadach in ard a gcinn is a ngutha. Chan sí na hamhráin is fearr aici agus ní raibh díomá ar aon duine. Mhair an cheolchoirm dhá uair, creid nó ná creid. Tar éis na ceolchoirme, chuaigh muid cúlstáitse agus chas muid uirthi arís. Ghabh muid buíochas le Rihanna agus dúirt muid go bhfeicfimis i gConamara arís í. Nach orainn a bhí an bród nuair d'inis muid dár gcairde faoin eachtra iontach sin.

Díospóireacht / Óráid (100 m)

C (b) In ainneoin na gciorruithe leanúnacha agus na ndrochbheartas frithdhalta a chuireann an Rialtas i bhfeidhm, maífidh mé sa chaint ghairid seo go bhfuil córas oideachais an-mhaith againn in Éirinn. Pléifidh mé trí shaincheist áirithe: na ciorruithe ar sheirbhísí do dhaltáí faoi mhíchumas; an iarracht a rinne an Roinn Oideachais scéim mharcála conspóideach don Teastas Sóisearach a thabhairt isteach agus faoi dheireadh, an chaoi a gcaitear le múinteoirí sa chóras oideachais. In ainneoin na bhfadhbanna seo, leanann oideachasóirí na tíre seo ar aghaidh ag déanamh sároibre dár gcuid daltaí.

Faraor, a lucht éisteachta, is iomaí dúshlán a cuireadh os comhair oideachasóirí agus tuismitheoirí. I mo thuairim, ba iad na ciorruithe ar sheirbhísí do pháistí faoi mhíchumas na ciorruithe is measa. Chaill na scoláirí seo múinteoirí acmhainne agus áiseanna acmhainne. Chaill siad cúntóirí riachtanas speisialta. Nuair nach mbíonn cúntóirí riachtanas speisialta ag daltaí áirithe, is minic a chuirtear isteach ar dhaltáí eile agus fulaingíonn gach duine.

Ar an dara dul síos, chuir an Roinn Airgeadais brú ar an Roinn Oideachais an méid airgid a bhí á chaitheamh acu ar scrúduithe stáit a ghearradh siar. Shocraigh saineolaithe córas scrúdaithe cosúil leis an gcóras i Sasana a thabhairt isteach. Sa chóras nua seo, áfach, ní cheartódh scrúdaitheoir anaithnid an obair a dhéanfadh daltaí le haghaidh an Teastais Shóisearach; bheadh ar mhúinteoirí obair a ndaltaí féin an obair sin a cheartú!

Ar ndóigh, bhí an-chuid díospóireachta le cloisteáil ar fud fad na tíre maidir leis na moltaí nua seo. Rinneadh agóidí taobh amuigh de na scoileanna. Chualathas plé agus díospóireacht ar an raidió agus ar an teilifís. Eagraíodh cruinnithe idir na ceardchumainn agus an Rialtas. Sheas an dá thaobh an fód áfach. Faoi dheireadh thiar thall, tháinig na scoileanna agus an Roinn ar chomhréiteach agus aontaíodh nach gcuirfí an t-athrú seo i bhfeidhm. Gheall na múinteoirí go ndéanfaidís an-iarracht réimse leathan athruithe eile a chur i bhfeidhm. A bhuí leis an gcomhréiteach seo, tá muinín fós agam as ár gcóras oideachais. Tá inchreidteacht agus ionracas an chórais fós ann.

Faoi dheireadh, ní féidir linn dearmad a dhéanamh ar na múinteoirí. Tá obair den scoth á déanamh ag fórmhór na múinteoirí timpeall na tíre seo. Faraor, tá brú á chur orthu i bhfad níos mó obair riaracháin a dhéanamh. Bíonn sé deacair dóibh díriú ar an múinteoireacht agus ar an méid sin páipéarachais ag an am céanna. I Sasana, bíonn ar mhúinteoirí an iomarca páipéarachais a dhéanamh agus mar thoradh air sin, ní chaitheann tromlach na múinteoirí níos mó ná trí bliana ag múineadh! Cuardaíonn siad slí bheatha nua. Caithfidimid bheith cúramach faoi sin in Éirinn. Faoi láthair, tá múinteoirí iontacha againn, múinteoirí a bhfuil cáilíochtaí den scoth acu – níor chóir dóibh an cineál sin oibre a dhéanamh. Tá sé riachtanach go gcaitear go cothrom leo.

Mar fhocal scoir, tuigim go bhfuil fadhbanna sa chóras. Ar an dea-uair, áfach, aithníonn muintir na hÉireann an tábhacht a bhaineann leis an oideachas. Oibríonn daoine iontacha inár scoileanna agus faigheann siad tacaíocht den scoth ó na tuismitheoirí. Go maire sé go deo!

PÁIPÉAR II

Ceist 1 (100 marc)

A Cuir Comhairle ar an Óige (50 m)

1. (a) Bhailigh míle trí chéad ceannaire óg ó thíortha as gach cearn den domhan le chéile ag an gcomhdháil OYW. (3)
Bhí na ceannairí óga seo idir ocht mbliana déag agus tríocha bliain d'aois.
- (b) (i) Tugann an chomhdháil bhliantúil deis do na ceannairí óga bualadh le chéile chun na dúshláin atá roimh óg agus aosta ar fud an domhain a phlé. (2)
- (ii) An t-oideachas/cearta daonna/an téamh domhanda/an éagothroime idirnáisiúnta/an tsíocháin/an choimhlint. (2)
2. (a) Chonaic sí an t-athmhuintearas nua ina tír dhúchais, na ciníocha uile ag teacht le chéile chun saol nua a chruthú don phobal go léir. (3)
- (b) (i) Creideann Robertson agus Jones nach mór don aos óg comhoibriú le chéile má tá saol níos cothroime le cur chun cinn ar fud an domhain. (2)
- (ii) Molann sé do chuideachtaí leas a gcuid oibríthe agus a gcuid custaiméirí a chur chun tosaigh ar an mbrabús. (2)
3. (a) Bíonn ar na hiarratasóirí scileanna ceannaireachta a léiriú, chomh maith le tiomantas don obair bhuíne agus suim i gceisteanna domhanda. Bíonn orthu a thaispeáint freisin go ndéanann siad obair dheonach. (3)
- (b) (i) Éistean na Comhairleoirí le díospóireachtaí na dtoscairí óga agus roinneann siad a dtaithe féin orthu. Cuidíonn siad leis na toscairí a gcuid moltaí a thabhairt chun barr feabhais. (2)
- (ii) D'impigh sí ar na toscairí óga ról gníomhach a ghlacadh san fheachtas chun an t-athrú aeráide a stopadh. (2)
4. (a) Cuireann cuid acu obair fhóna ar bun ina dtíortha féin agus glacann go leor eile acu páirt in obair atá ar siúl cheana. (3)
- (b) (i) Tá socrú déanta ag Foodcloud leis na hollmhargaí nach gcaithfear amach bia atá fós úr agus inúsáidte ag deireadh an lae ach go dtabharfar é do dhaoine atá ar an ngannchuid. (2)
- (ii) Coinnítear na hollmhargaí agus grúpaí carthanachta i dteagmháil lena chéile, agus a éascaítear bailiú an bhia. Gearrann obair Foodcloud siar ar an méid bia a chaitear amach agus faigheann na bochtáin cabhair riachtanach. (2)
5. (a) Rinne sí cur síos ar an rialtas éagórach a raibh diansmacht acu ar an tír. Labhair sí faoin gcosc a bhí ar gach meán cumarsáide sa Chóiré Thuaidh nach raibh údarás an rialtais aige. (3)
- (b) (i) Léirigh na scannáin seo dóibh go raibh saol difriúil agus saoirse ann lasmuigh den Chóiré Thuaidh. (2)
- (ii) Tá súil aici go mbeidh deireadh leis an bhfulaingt lá éigin agus go mbeidh saoirse ag a muintir. (2)
6. (a) An domhain/Átha/réimse* (2)
*úsáideadh an leagan mícheart den fhocal 'réimse' sa téacs;
Is/Tá (an rialtas)/Tá (súil aici) (1)
- (b) Dar liom, is eagraíocht mhaith é OYW. (2)
Ar an gcéad dul síos, tugann siad an seans do cheannairí óga bualadh le chéile agus cúrsaí domhanda a phlé. (2)
Ar na saincheisteanna a bhíonn á bplé acu, tá cúrsaí oideachais, cearta an duine, fadhbanna maidir leis an timpeallacht, neamhionannas ar fud an domhain agus an chogaíocht (3)
Ar an dara dul síos, cabhraíonn siad le daoine bochta ar fud an domhain. (2)
Maidir leis an dara pointe, chuir Iseult Ward, bean as Éirinn a bhí ag an gcomhdháil in 2013, eagraíocht darb ainm 'Foodcloud' ar bun. Gach lá, caitheann ollmhargaí bia so-ite amach. Déanann 'Foodcloud' nasc a chruthú idir na hollmhargaí agus na carthanacht chun an bia seo a shábháil. Mar thoradh air seo, tugtar níos mó bia do dhaoine bochta. (3)

B Cruachás na ndaoine gan dídean (50 m)

1. (a) Cyber Monday a thugann a lán daoine ar an gcéad Luan de mhí na Nollag anois.
Deirtear gurb é an lá is mó siopadóireacht ar líne sa bhliain é. (3)
- (b) (i) De réir na dtuairiscí, bhí an fhadhb níos measa in 2014, ní raibh sí teoranta do Bhaile Átha Cliath agus chaithfí dul i ngleic léi agus aimsir chrua an gheimhridh romhainn. (2)
- (ii) Bhí na tráchtairí ag rá go raibh feabhas ag teacht ar gheilleagar na tíre toisc go raibh an dífhostaíocht ag dul i laghad, cuideachtaí ag neartú arís agus siopaí ag déanamh brabúis. (2)
2. (a) Rinneadh suirbhé oíche an 11 Samhain agus fuarthas amach go raibh céad seasca is a hocht nduine ina gcodladh amuigh ar shráideanna na hardchathrach. (3)
- (b) (i) Bhí polaiteoirí, ionadaithe ó na húdaráis áitiúla agus ó na heagraíochtaí carthanachta i láthair. (2)
- (ii) Gheall an Rialtas ag an gcrúinniú sin go gcuirfí fiche milliún euro ar fáil chun dídean éigeandála a chur ar fáil do dhuine ar bith a bheadh á hiarraidh le linn shéasúr na Nollag. (2)
3. (a) Titeann daoine amach lena muintir, teipeann ar chleamhnas nó ar phósadh, b'fhéidir go mbíonn foréigean ann, agus fágann duine an baile. Uaireanta eile, tarlaíonn eachtra thubaisteach gan choinne. Cailleann duine a phost, agus bíonn fadhbanna airgid ann dá bharr sin. (3)
- (b) (i) Titeann saol duine as a chéile nuair a bhíonn meabhairghalar air cheal seirbhísí a chabhródh leis. (2)
- (ii) Tá go leor teaghlach ann anois nach bhfuil an teacht isteach acu a thuilleadh chun an morgáiste nó an cíos a íoc. (2)
4. (a) Dáileann siad bia ar dhaoine a mbíonn bia uathu agus cuireann siad lóistín sealadach ar fáil. (3)
- (b) (i) Bunaíodh an Peter McVerry Trust chun cabhrú le daoine óga nach mbíonn aon áit chónaithe acu ar chúis amháin nó ar chúis eile. (2)
- (ii) Deir sé go mbíonn na hógánaigh seo ar bheagán oideachais, bíonn a bhféinmhuinín agus a bhféinmheas an-íseal agus is minic a chasann siad ar na drugaí le faoiseamh a fháil ó chruatan an tsaoil. (2)
5. (a) Cuirfear níos mó ionad cónaithe ar fáil ar phraghas réasúnta do theaghlaigh.
Ardófar an forlíonadh cíosa. Cuirfear le méid na tithíochta sóisialta. (3)
- (b) (i) Deir siad nach n-oireann an cur chuige náisiúnta sin do gach áit sa tír.
Molann siad gur chóir díriú ar na ceantair ina bhfuil na fadhbanna sóisialta is measa agus breis acmhainní a chur ar fáil dóibh sin in ionad an t-airgead a scaipeadh ar fud na tíre. (2)
- (ii) Cearta cothroma agus deiseanna cothroma do gach saoránach in Éirinn. (2)
6. (a) Rinneadh/fuarthas (2)
Cuirfear (níos mó)/ardófar/cuirfear (le)/beifear (1)
- (b) Seánra/cineál = alt nuachtáin (2)
Tréith amháin a bhaineann leis an gcineál seo scríbhneoireachta ná go dtugtar fíricí agus staitisticí faoi rud éigin. (2)
Tréith eile a bhaineann leis an gcineál seo scríbhneoireachta go nochtar léargas ar shaincheist áirithe. (2)
Sampla den chéad tréith (3): (ní bhronnfar aon mharc ar aon phíosa tógtha díreach ón téacs; scríobhtar anseo iad mar chabhair amháin)
Maidir leis an gcéad tréith, is iomaí fíric agus staitistic maidir leis an easpa dídine a chuirtear i láthair san alt nuachtáin seo. Insítear dúinn go raibh beagnach 170 duine ina gcodladh ar shráideanna Bhaile Átha Cliath an 11 Samhain.
"Rinneadh suirbhé oíche an 11 Samhain agus fuarthas amach go raibh céad seasca is a hocht nduine ina gcodladh amuigh ar shráideanna na hardchathrach".

Sampla eile ná go ndúirt an Rialtas go gcuirfidís €20 milliún ar fáil chun cabhrú le daoine gan dídean i rith shéasúr na Nollag.

“Gheall an Rialtas ag an gcruinniú sin go gcuirfí fiche milliún euro ar fáil chun dídean éigeandála a chur ar fáil do dhuine ar bith a bheadh á hiarraidh le linn shéasúr na Nollag.”

Sampla den dara tréith (3):

Maidir leis an dara tréith, tugtar mionléargas ar an easpa dídine in Éirinn. Cuirtear síos ar roinnt cúiseanna atá leis an easpa dídine. Mar shampla, ní réitíonn daoine lena dteaghlach, ní éiríonn le pósadh nó éiríonn duine éigin sa teaghlach foréigneach. Anuas air sin, baineann fadhbanna airgid, drugaí, alcóil nó meabhairghalar leis an easpa dídine. Dar le Peter McVerry, bíonn daoine óga ina gcónaí ar na sráideanna mar gheall ar easpa oideachais, easpa féinmhuiníne agus fadhbanna drugaí. Is léir gur saincheist thromchúiseach é an easpa dídine.

Chomh maith leis sin, cuirtear síos ar an gcineál oibre a dhéanann na carthanachta eagsúla ar son daoine gan dídean. Tugann siad bia do dhaoine agus faigheann siad bheith istigh dóibh freisin. Labhraíonn siad ar a son freisin. Bíonn siad i gcónaí ag cur brú ar na polaiteoirí dul i ngleic leis an bhfadhb. Mar shampla, bhí siad i láthair ag an gcruinniú speisialta a d’eagraigh an Rialtas anuraidh.

Ceist 2 (30 marc)

2A Ráiteas an-ghinearálta atá ann. Is léir gur olc an gníomh a rinne sí in éadan Paul ach tá tréithe dá cineáltas le feiceáil sa scannán freisin.

Ag tús an scéil, tagann Catherine go dtí an stáisiún traenach sa charr lena máthair. Is léir dúinn ón tús go mbíonn an mháthair éilitheach agus clamhsánach agus go mbíonn ar Catherine bheith foighneach léi. Is dóigh gurb íse an príomhchúramóir atá ag an máthair, post dúshlánach ar ndóigh. Déanann Catherine iarracht a máthair a chur ar a suaimhneas. Cuirtear íomha de bhean dheas chabhrach fhoighneach os ár gcomhair.

Tar éis cúpla nóiméad, tagann banaltra chun an mháthair a bhailiú agus Catherine a ligean saor don lá. Téann sí isteach sa traen. Tá atmaisféar suaimhneach ann, faoi dheireadh. Faraor, chomh luath is a théann sí isteach sa traen, bristear an ciúnas agus an suaimhneas. Cloiseann muid feadóg, comhartha trioblóide b’fhéidir.

Díreach ansin, tagann fear dall isteach sa traen. Buaileann sé an doras lena mhála agus a mhaide. Déanann Catherine sracfhéachaint air agus ansin ar ais léi ag léamh. Titeann a mhaide ó Paul ach is í an chéad rud a ritheann le Catherine ná cabhrú leis. Píocann sí suas an mhaide agus tugann sí dó é. Aithníonn Paul gur duine cineálta í agus socraíonn sé suí síos os a comhair. Is dóigh go mothaíonn sé sábháilte ann.

Cé go bhfuil suaimhneas ag teastáil ó Catherine, is é an mhalairt atá i gceist. Is ar éigean nach mbuaileann sé í lena mhaide nuair a chuireann sé a mhála thar an suíochán. Tosaíonn sé ag cur isteach uirthi – buaileann sé a cosa faoin tábla agus tosaíonn sé ag caint. Tá sí foighneach, áfach. Éiríonn sé níos measa, áfach. Iarrann sé uirthi caife a fháil dó. Ní stopann sé ag caint faoina asma agus seanturais a rinne sé ar an traen.

Ní drochfhear é. Is fear neamhurchóideach é. Ní thuigeann sé go bhfuil sé ag cur isteach uirthi. Faoi dheireadh, áfach, tá a dóthain aici. Ach mo léan, leanann sé ag caint léi. Tugann sé cic di faoin tábla arís. Is ansin a chasann an scéal. Feiceann muid an fearg ina cuid súl. Cloiseann muid bonnán. Tuigeann muid go bhfuil rud uafásach ar tí titim amach. Iarrann sé ar an mbean ceist a chur air faoin a bhfuil lasmuigh den fhuinneog. Socraíonn sí cleas a imirt air, áfach. Nuair a deir sí go bhfuil sé mícheart, tagann líonrith air. Tosaíonn Catherine ag léiriú drochthréithe: tréithe neamhchineálta.

Nuair a thagann an freastalaí leis an gcaife, déanann Paul praiseach den siúcra. Ní chabhraíonn sí leis. Itheann sé an cáca agus ólann sé an caife ar nós muice. Is meafar é an cáca do shaol Catherine. Síleann sí go bhfuil a saol ar fad trína chéile agus mar thoradh air sin, cailleann sí a ciall. Faoi dheireadh, deir sí leis go bhfuil péist sa cháca agus gur íth sé píosa de. Is meafar í an phéist do gach rud a bhíonn ag crá agus ag

creimeadh ar a saol. Ní thuigeann Paul nó aon duine eile é seo agus teastaíonn uaithi go dtuigfidh.

Téann an traein isteach i dtollán agus cloistear bonnán. Tuigeann muid gur seo buaicphointe an scéil. Sa deireadh, tagann taom asma ar Paul. Bogann Catherine a analóir, áfach, ionas nach mbeidh sé ábalta teacht air. Féachann sí air gan trua nuair a thiteann sé i laige sa suíochán. Faigheann sé bás. Stopann an traein agus imíonn an bhean gan stró ar bith uirthi. Tá ciúnas agus suaimhneas ann arís.

An drochdhuine í Catherine? Is léir ón tús gur duine cabhrach foighneach í. Faraor, nuair a thagann an crú ar an tairne, léiríonn sí nach féidir brath ar a cineáltas. B'fhéidir nach bhfuil an drochrud go smior inti ach bheadh sé deacair a rá tríd is tríd gur duine deas í.

nó

Tá triúr príomhcharacter sa dráma seo: Séamas, fear óg 25 bliana; Micil, seanchláiríneach; agus Míoda, spéirbhean óg. Tá Séamas in aimsir ag Micil le dhá bhliain déag. Tugann sé aire dó. Faraor, áfach, tá Séamas faoi bhois an chait aige. Is é, mar sin, an tionchar a bhíonn ag Micil air is cúis lena chruachás.

Tugann Micil amadán ar Shéamas mar bíonn sé ag caint lena éan, an lasair choille. Coinníonn sé an lasair choille, Binncheoil, i gcás. Is meafar é sin dá (crua)chás féin. Ní ghabhann Micil buíochas leis ach oiread nuair a thiteann sé as an leaba. Tá sé níos buartha faoina chuid airgid. Nuair a chuireann Séamas ceist air maidir le cuid den airgead, maslaíonn Micil é.

Luann Séamas go bhfuil sé ag smaoineamh ar dhul go Sasana. Baineann an smaoineamh seo geit as Micil. Síleann Micil, áfach, gur rud seafóideach é seo. Cuireann se brú ar Shéamas fanacht. Maslaíonn sé arís é – deir sé go mbeidh daoine i Sasana ag magadh faoi Shéamas mar tagann taomanna nó 'fits' air. Deir sé nach bhfuil 'éirim sciortáin' ann. Chomh maith leis sin, áfach, déanann sé iarracht é a chur ar a shuaimhneas, ag rá leis go bhfuil siad ar a sáimhín só le chéile. Cuireann Micil comhairle air freisin. Beidh sé ródheacair post a fháil i Sasana. Chomh maith leis sin, ní bheidh se in ann mairceachtáil gan Mhicil.

Cuirtear le cruachás Shéamais nuair a thagann Míoda, iníon an tincéara, chuig an doras lá amháin. Deir sí gur iníon Iarla Chonnacht í agus go bhfuil sí ag éalú uaidh mar ní thabharfaidh sé saoirse di. Tá Micil cinnte gur tháinig sí go dtí an teach chun airgead a ghoid. Tá a fhios aige go bhfuil Míoda ag iarraidh teacht i dtír ar Shéamas agus go bhfuil airgead uaithi. Is duine soineanta é Micil, áfach, agus creideann sé í.

Déanann Míoda iarracht Séamas a mhealladh ó Mhicil. Deir sí leis go bhfuil Micil ag cur lena chruachás, go bhfuil sé ag magadh faoi agus ag déanamh searbhónta de. Molann sí dó an t-airgead a thógáil agus imeacht go Sasana léi. Socraíonn Séamas ina intinn chun dul go Sasana in éineacht le Míoda. Cé go mbíonn Micil agus Séamas ag argóint an t-am ar fad, impíonn sé air gan imeacht. Insíonn sé dó go bhfágfaidh sé an teach agus an talamh aige.

Nuair atá Séamas ar tí an teach a fhágáil, áfach, tagann fear isteach. Tá Míoda á lorg aige. Tugann sé 'cailín tincéara' uirthi. Is léir dó ansin go raibh Míoda ag iarraidh an dallamullóg a chur air. Tosaíonn sí ag gáire faoi agus ansin imíonn sí. Cé go bhfuil Micil den tuairim go ndearna sí amadán críochnaithe de, deir Séamas gur oscail sí a chuid súl dó. Tá a fhios aige go gcaithfidh sé é féin a scaoileadh óna chás féin. Socraíonn sé Binncheol, an lasair choille, a scaoileadh freisin. Fanfaidh sé le Micil ar feadh tamaillín, ach tá dóchas aige.

2B 'Clare sa Spéir' le Audrey O'Reilly

Tá roinnt mhaith tréithe ag baint leis an bpríomhcharacter Clare sa dráma seo. Is léir gur bhean cheandána dhiongbháilte éirimiúil í. Is léir freisin go bhfuil grá mór aici dá teaghlach.

Is scannán nua-aimseartha é seo faoi theaghlach atá ina gcónaí i dteach leathscoite i mbruachbhaile i mBaile Átha Cliath. Tá go leor eachtraí sa scannán seo. Is iad Clare agus Eoin na tuismitheoirí. Níl gaol rómhaith eatarthu faoi láthair. Tá fadhbanna sa phósadh. Tá cúigear páistí acu: beirt mhac agus triúr iníonacha.

Ag tús an scannáin tá an teaghlach ina suí ag an mbord sa chistin ag ithe a mbricfeasta. Tá rírá agus ruaille buaille ann idir na páistí. Briseann foighne Clare leo. Ligeann sí cúpla béic aisti agus deir sí leo dul ar scoil. Brostaíonn siad amach. Ceapann siad go bhfuil a máthair beagáinín ait faoi láthair.

Tosaíonn comhrá idir Clare agus Eoin. Léann Eoin scéal amach as an bpáipéar faoi dhuine ar éirigh leis a ainm a chur sa Leabhar Curiarrachtaí Guinness. D'fhan sé curtha faoi thalamh i mbosca ar feadh seacht lá is seasca. Ceapann Eoin gur gníomh buille é sin. Téann sé amach ag obair go tapa gan slán ceart a fhágáil ag a bhean. Ní phógann sé í.

Tá Clare sa chistin ina haonar. Tá frustrachas agus míshástacht uirthi. Mothaíonn sí nach bhfuil meas ag a clann uirthi. Déanann siad talamh slán di. Tugann sí sracfhéachaint ar an scéal sa nuachtán agus tosaíonn sí ag smaoineamh ar phlean. Is anseo a chuirtear béim ar na príomhthréithe atá aici.

An tráthnóna sin, is í an iníon is óige an chéad pháiste a thagann abhaile. Glaonn í amach “a Mham” cúpla uair ach ní fhaigheann sí freagra. Siúlann sí amach sa ghairdín. Tosaíonn an ceol ag éirí níos dáirí. Cuirtear ag smaoineamh muid. Ansin, feiceann sí cosa na máthar ar iobarna ó chrann. Síleann an iníon agus an lucht féachana gur chuir Clare a lámh ina bás féin. Ligeann an iníon scread uafásach aisti.

Ach níl an mháthair marbh. Dhreap sí suas sa chrann. De réir dealraimh, tá sí ag iarraidh áit a fháil sa Leabhar Curiarrachtaí Guinness trí fhanacht ansin ar feadh dhá lá is tríocha. Tá a fhios againn, áfach, go bhfuil rud eile ar a hintinn. Tá sí ag iarraidh aird an teaghlach a thabhairt ar an méid oibre a dhéanann sí dóibh. Tá sí ag iarraidh meas an teaghlach a bhuachan ar ais. Tuigeann muid go bhfuil grá mór aici dá teaghlach agus go mbeidh uirthi sí ceandána agus diongbháilte chun é a bhuachan ar ais.

Ceapann na páistí go bhfuil sí as a meabhair. Éiríonn Eoin cantalach léi. Deir Clare lena comharsa béal dorais gur mhaith léi a hainm a fheiceáil sa Leabhar Curiarrachtaí Guinness. Síleann an bhean gur seift mhaith é sin. Is dóigh go dtuigeann sí céard atá uaithi i ndáiríre. Tá sí níos éirimiúla ná mar a thuigeann a clann. Fanann Clare sa chrann.

Fad is atá sí ann, caitheann sí a cuid ama ag fuáil agus ag éisteacht le ceol. Níl Eoin in ann obair an tí a dhéanamh agus éiríonn sé an-chrosta léi. Níl sí in ann an chócaireacht a dhéanamh ach oiread; mar sin, ceannaíonn sé bia ón sceallaire do na páistí gach oíche.

Socraíonn sé dul go dtí an teach tábhairne. Mothaíonn sé go bhfuil gach duine ag caint faoi Clare. Is dóigh go bhfuil – tuigeann sé seo nuair a fheiceann se póstaer fúithi taobh thiar de. Imíonn se ar an bpointe agus tagann sé abhaile go luath. Tá na páistí thuas sa chrann ag caint le Clare.

Nuair a thosaíonn sé ag stealladh báistí, tagann áthas ar Eoin. Ceapann sé go mbeidh deireadh leis an gcleas seafóideach seo agus go dtiocfaidh sí anuas. Ceapann sé go bhfuil seisean níos ceandána ná í ach ní thuigeann sé cé chomh diongbháilte is atá sí. Ní thuigeann sé an méid grá atá aici dá teaghlach agus an bhéim a chuireann sí ar shaol an teaghlach. Tar éis tamaill, áfach, tuigeann sé go bhfuil sí faoi bhrú thuas ansin. Is ansin a thagann athrú meoin ar Eoin. Déanann sé clúdach canbháis di chun í a chosaint ón mbáisteach.

Labhraíonn sé go tuisceanach léi agus admhaíonn sé go dtuigeann sé anois cén fáth a ndeachaigh sí ar stailc. Tuigeann sé go ndearna sé dearmad ar an méid oibre a dhéanann sí dóibh agus níos tábhachtaí ná sin, ar na cúiseanna ar thit siad i ngrá ar dtús.

An lá ina dhiaidh sin, déanann sé bosca don teilifís di ionas go mbeadh sí ábalta ‘Coronation Street’ agus a cuid sobal eile a fheiceáil. Tagann feabhas mór ar an ngaol idir Eoin agus Clare ina dhiaidh sin. Bíonn Eoin ag caint léi thuas sa chrann agus titeann siad i ngrá arís.

Fanann Clare sa chrann go ceann tríocha is a dó lá. Ceapann sí go bhfuil an tsean-churiarracht sáraithe aici. Ach ansin insítear di gur chaith an duine eile tríocha is a haon bliain sa chrann agus go bhfuil sé fós thuas ann! Is cuma léi, áfach. Tá a haidhm féin bainte amach aici. Tá a fhios againn ón tús nárbh é an churiarracht a bhí uaithi ach aird an teaghlach a thabhairt ar thábhacht an teaghlach. Tá gaol i bhfad níos fearr aici lena fear céile agus iad lena bpáistí.

Is léir mar sin, de bharr na n-eachtraí ar fad a tharla sa scéal, go bhfuil Clare ceandána, diongbháilte agus éirimiúil. Chomh maith leis sin, faigheann muid léargas ar an méid grá atá aici dá teaghlach.

nó

'An Triail' le Máiread Ní Ghráda

Is é príomhthéama an dráma seo an bealach fimíneach ar caitheadh le máithreacha singile na hÉireann sna seascaidí.

Baineann an dráma go dlúth le fulaingt an phríomhcharachtair Máire Ní Chathasaigh agus na deacrachtaí a bhí aici mar mháthair shingil. Anuas air sin, tugtar léiriú cuimsitheach sa dráma seo ar an bhfimíneacht a bhí ann go forleathan i sochaí na seascaidí, go háirithe i leith máithreacha singile. San aiste seo a leanas déanfaidh mé mionanailís ar an bhfimíneacht seo.

Is cúis bhróin agus náire é go mbuaileann Máire leis an bhfimíneacht sa bhaile. Tuigimid gur tógadh Máire go cráifeach. Chuir a máthair an-bhéim ar an gcreideamh Caitliceach agus bhíodh sé de nós acu go léir an Choróin Mhuire a rá gach oíche. Nuair a fhaigheann a teaghlach amach go bhfuil sí ag iompar clainne gan a bheith pósta is beag carthanacht Chríostaí a léirítear do Mháire. Mar a deir a máthair léi: "Í féin a tharraing an trioblóid uirthi féin."

Ní chabhraíonn a deartháireacha léi fiú nuair a bhíonn tacaíocht agus cabhair ag teastáil go géar uaithi. "Tharraing sí náire shaolta orainn i láthair na gcomharsan."

Cuireann Pádraig go mór le fulaingt Mháire chomh maith. Nuair a fhaightear amach go bhfuil Máire ag iompar clainne, bíonn sí imeallaithe sa tsochaí agus bíonn uirthi éalú ón gconspóid agus dul go Baile Átha Cliath. Feicimid Máire ag fulaingt nuair a thréigeann Pádraig, athair an linbh, í. Tugann sé cúl di agus ní thagann sé i gcabhair uirthi in aon chor toisc go bhfuil sé buartha faoina stádas féin sa phobal. Tá eagla air go gcaillfeadh sé a phost dá bharr. Is sampla arís é seo den fhimíneacht. Is crann taca don phobal é ach ní sheasann sé le Máire: "An ród atá romham caithfidh mé aghaidh a thabhairt air i m'aonar".

Tagann an fhimíneacht chun solais arís nuair a fhaigheann Máire fostaíocht le Bean Uí Chinsealaigh. Tá Bean Uí Chinsealaigh lán sásta ligean do Mháire aire a thabhairt dá cúigear iníonacha ach nuair a fhaigheann sí amach go bhfuil Máire ag iompar clainne teastaíonn uaithi bata agus bóthar a thabhairt di láithreach: "Ní fhéadfaí iad a fhágáil i mbaol caidrimh lena leithéid. Cad a déarfadh na comharsana?" Fulaingíonn Máire arís nuair a chuireann Bean Uí Chinsealaigh agus an tOibrí Sóisialta ar aghaidh go dtí an teach tearmainn í agus ní bhíonn an dara rogha aici.

Feicimid an sampla is tragóidí den fhimíneacht nuair a thiteann an teach lóistín ina raibh Máire ag fanacht anuas. Ní bhíonn duine ná deoraí buartha faoina leanbh agus ní thugann éinne cead isteach di ach amháin Mailí. Ceistíonn Seáinín an Mhótair an bealach finmíneach ina gcaitear í nuair a deir sé: "Cé a deir gur tír Chríostaí é seo?"

Mar chonclúid, tríd an dráma seo go léir, faightear léiriú ar an mbealach fimíneach a gcaitear máithreacha singile, agus daoine imeallaithe eile, i sochaí na hÉireann sna seascaidí. D'fhéadfaimis a rá gur go raibh Máire Ní Cathasaigh cráite ar fad ag an bhfimíneacht agus ag an gclaonadh seo agus gur fhulaing sí mórán roimh a bás tragóideach.

Ceist 3 (30 m)

3A (i) Is é pósadh príomhthéama an dáin seo. Cuirtear an choimhlint idir an fear agus an bhean go soiléir i ngach véarsa. Nuair a phós siad ar dtús, bhí siad ag tnúth go mór le saol sona sásta le chéile ach faraor, bhí tuairimí difriúla acu ar an bpósadh. Is mar gheall ar na difríochtaí seo a theip ar an bpósadh.

I dtús báire, cuirtear tuiscint an fhir in iúl dúinn. Tá dearcadh seanaimseartha traidisiúnta ag an bhfear i dtaobh shaol an phósta. Cuireann seisean béim ar an teaghlach agus ar an teach. Teastaíonn grá agus sonas uaidh. Úsáideann sé rogha deas meafar chun an dearcadh seo a chur in iúl. Seasann "nead a chine" d'áit chónaithe an fhir. Ba mhaith leis go mbeidh cónaí orthu in áit dúchais a mhuintire, i measc a dhaoine. Seasann "leac a thine" don teach. Cuirtear in iúl dúinn íomhá de na tuismitheoirí agus a gclann ina suí cois tine, ag labhairt le chéile, ag léamh, nó ag féachaint ar an teilifís.

Cuirtear an chodarsnacht in iúl go soiléir sa dara véarsa. Tá mianta difriúla ag a bhean chéile. Is bean nua-aimseartha liobrálach í agus tá dearcadh nua-aimseartha aici i dtaobh shaol an phósta. Tá rudaí cosúil

leis an neamhspleáchas, cumhacht, airgead agus saoirse tábhachtach di. Ní chreideann sí go mbeadh an t-údarás ag an bhfear. B'fhéidir go bhfuil sí píosa beag ábharaíoch, ach níl sí ag iarraidh aon rud as an ngnách. Teastaíonn cuid bheag airgid uaithe. Teastaíonn uaithe dul ar saoire agus an domhan a fheiceáil. Ba mhaith léi go mbeadh meas ag daoine uirthi. Tá cothromaíocht ag teastáil uaithe.

Faraor, ní aithníonn siad gurb é an grá an t-aon rud a theastaíonn ón mbeirt uathu. Úsáidtear "gean" agus "searc" san áit chéanna i ngach véarsa, beagnach i bhfolach sa tríú líne. B'fhéidir go bhfuil siad chomh dírithe ar na mianta eile atá acu go bhfuil dearmad déanta acu ar an rud a tharraing le chéile iad, an grá. B'fhéidir go bhfuil siad beagáinín leithleasach freisin. Ní éistean siad lena chéile; ní thuigeann siad céard a bhí ag teastáil uathu.

Cabhraíonn rithim an dáin leis an tuairim seo. Bogann sé ar aghaidh go rithimeach, ar nós traenach nó ar nós capaill. Santaíonn an fear saol traidisiúnta. Santaíonn an bhean pósadh nua-aimseartha. Go tobann, stopann an buille rithimeach seo. Aithníonn siad nach féidir leosan dul ar aghaidh mar seo. Níl siad in ann teacht ar chomhréiteach. Socraíonn siad scaradh óna chéile.

(ii) Músclaíodh an díomá ionam nuair a léigh mé an dán seo.

Tá díomá orm toisc gur theip ar an bpósadh seo. Níl an fear ná an bhean in ann teacht ar chomhréiteach. Ní thuigeann an fear go bhfuil mianta éagsúla ag a bhean chéile. Ní thuigeann sí go bhfuil smaointe seanaimseartha aige. Ní aithníonn an bheirt acu go bhfuil an grá uathu.

Cuireann deireadh an dáin isteach orm mar ní chreidim gurb é sin an t-aon réiteach oiriúnach. Ní luaitear go bhfuil iarracht déanta acu teacht ar chomhréiteach. Bhí saol tradisiúnta cois tine i measc a dhaoine ag teastáil ón bhfear agus bhí saol nua-aimseartha, lán le spraoi, saoirse agus rudaí deasa ag teastáil ón mbean. Ceapaimse nach bhfuil an dá rud comheisiach. B'fhéidir go bhféadfadh an dá thrá a fhreastal sa chás seo. Faraor, socraíonn siad dul a mbealach féin.

(iii) Pádraig Mac Suibhne a chum an dán seo.

- Rugadh sa bhliain 1942 in Ard an Rátha, Dún na nGall é.
- Ba mhúinteoir iar-bhunscoile é. Bhain sé céim amach sa Ghaeilge agus sa Stair.
- Bhí baint aige leis an aisteoireacht. Bhíodh sé ag aisteoireacht in Amharclann an Damer i mBaile Átha Cliath.
- Leabhar scéalta amháin a scríobh sé ná 'Féar na Féile Vailintín agus Scéalta Eile'.
- Dhá leabhar dánta a scríobh sé ná 'Solas Uaigneach' agus 'Taibhsí an Chreagáin'.

3B 'Cuimhne an Uisce' le Nuala Ní Dhomhnaill

(i) An Ghaeilge

Sa dán seo, tá Nuala Ní Dhomhnaill ag caoineadh mheath na Gaeilge. Faraor, tá an teanga ag dul i léig agus ní thuigeann a lán daoine na hiarmhairtí a eascróidh as seo. Tá imní agus díomá ar an bhfile mar sin. Tá daoine fásta ag diúltú go bhfuil an Ghaeilge acu. Níl siad á húsáid ná á scaipeadh i measc an aos óig. Má leanann siad den chleachtas seo, ní labhróidh a bpáistí – an chéad ghlúin eile – í. Ní thuigfidh siad í. Tar éis tamaill, ní bheidh aon chur amach ar chor ar bith ar an teanga acu. Má théann siad i dtáithí leis an teanga, díreach mar a théann an mhaighdean mhara i dtáithí le huisce sa dán seo, beidh easnamh mór le brath ina gcuid oidhreachta. Ní bheidh siad ábalta cur síos cruinn a dhéanamh ar a bhféiniúlacht, ná ar a n-oidhreacht ná ar a stair.

Úsáideann an file meafar cruthaitheach chun a cuid tuairimí a mhíniú dúinn. Samhlaíonn sí cás na maighdine mara. Cé gur de bhunadh mhuintir na farraige í, níor mhúin a tuismitheoirí aon rud di faoi uisce. Rinne siad neamhaird iomlán air. Mar sin, nuair a shamhlaíonn an mhaighdean mhara go bhfuil an seomra folctha ag líonadh le hábhar trédhearcach de shaghas éigin – "Brat gléineach, ábhar silteach, rud fliuch" – streachlaíonn sí an rud seo a mhíniú.

Níl aon téarmaíocht aici,

ná téarmaí tagartha

ná focal ar bith a thabharfadh an tuairim is lú

do cad é ‘uisce’.

Sa todhchaí, má chailleann muid an Ghaeilge agus blianta ina dhiaidh sin, rachaidh treibh nó muintir éigin i dtáithí léi, conas a thuigfidh siad é? Conas a léifidh siad í, conas a fhuaimneoidh siad í, conas a chuirfidh siadsan síos uirthi? Beidh brí a saoil gan sásamh. Ba chóir dúinn bheith buartha faoi seo, dar leis an bhfile.

(ii) Tá an imní ar an bhfile sa dán seo. Chuaigh an mothúchán sin i bhfeidhm go mór orm.

Tá sí buartha faoi thodhchaí na Gaeilge toisc go bhfuil an ghlúin aosta ag déanamh dearmad uirthi. Tá siad ag séanadh go bhfuil aon bhaint ag an teanga leis an tír. Ní labhraíonn siad í. Ní mhúineann siad don aos óg í. Tá an teanga ag dul i léig mar thoradh air seo. Imeoidh sí uainn ar ball. Ní smaoiníonn an ghlúin aosta ar na hiarmhairtí a bhaineann leis seo. Dar leis an bhfile, má fhaigheann an teanga bás, ní bheidh muid, muintir na hÉireann, in ann cur síos cruinn a dhéanamh ar ár bhféiniúlacht, ar ár n-oidhreacht, ná ar ár stair. Beidh easpa sásaimh inár saol.

(iii) Nuala Ní Dhomhnaill (1952 – fós beo): Lancashire, Sasana

- B’as Corca Dhuibhne a tuismitheoirí ; d’aistrigh sí go hÉirinn agus í 5 (1957)
- Céim sa Ghaeilge & Béarla in UCC (Col. na hOll Corc)
- Ina ball de ‘INNTI’
- Pósta le Dogan Leflef as an Tuirc (ó 1973)
- Leabhair dánta:
- An Dealg Droighin (1981)
 - o Féar Suaithinseach (1984)
 - o Feis (1991)
 - o Cead Aighnis (1998)

Ceist 4 (40 m)

4A Tá dhá chuid sa cheist seo, i mo thuairim. I dtús báire, ba chóir an ról a bhí ag teaghlach Mháire ina bás tragóideach a lua. Anuas air sin, ba chóir an fhulaingt i saol Mháire a iniúchadh.

Is léir go gcruthaíonn teaghlach Mháire go leor fadhbanna di. Tógaimis máthair Mháire, mar shampla. Nuair a fhaigheann sí amach go bhfuil Máire torrach, gan an dara smaoinemh déanann sí iarracht an ghin a mharú. Guíonn sí mallacht Dé ar a hiníon féin agus glaonn sí striapach uirthi. Ceapann sí nach peaca é “deireadh a chur ar rud neamhghlan”. Chomh maith leis sin, ceapann sí gur mór an peaca é leanbh a bheith ag bean shingil. Tá dearcadh diúltach aineolach le feiceáil in Éirinn i leith máithreacha singile ag an am seo agus is léir go bhfuil an dearcadh sin aici. Ní ghlacann sí aon phioc den mhilleán: “... ní ormsa is cóir aon phioc den mhilleán a chur” a deir sí.

Is minic a dhéanann sí tagairt do chúrsaí creidimh. Feicimid an chlann ar a nglúine agus a bpaidreacha a rá acu. Léiríonn sé seo gur fimíneach í agus gur bean fhuarchúiseach í mar is beagán catharnachta a thaispeánann sí dá hiníon. Tugann sí an bóthar do Mháire agus í torrach agus i dtrioblóid mar tá sí buartha faoi thuairimí na gcomharsana, “Cad a déarfadh na gcomharsana?” Leagann Bean Uí Chathasaigh amach an saol a theastaíonn uaithi dá clann: Seán ina shagart, Liam i mbun na feirme agus Máire sna mná rialta.

Is léir go bhfuil deartháireacha Mháire freagrach as a fulaingt freisin. Tá eagla orthu roimh a máthair. Tá an t-eagla sin chomh laidir sin nach bhfuil siad ag iarraidh an fód a sheasamh do Mháire. Deir siad an rud céanna arís agus arís eile: “Ná cuir an milleán ormsa”. Smaoiníonn siad orthu féin seachas sláinte Mháire. Éiríonn Seán as an tsagartóireacht agus briseann Beití an cleamhnas idir ise agus Liam. Cé go n-aithníonn siad go bhfuil Bean Uí Chathasaigh ródhian ar Mháire, déanann siad scéala uirthi. Insíonn siad dá máthair nach nglacann Máire an Chomaoin Naofa a thuilleadh agus go mbíonn sí tinn go rialta. Fiú nuair atá a máthair ar deargbhuile léi agus go bhfuil brón an domhain uirthi nuair a thagann si abhaile an oíche

chinniúnach sin, deir Liam léi gur mhill sí a oíche. Ní thaispeánann aon duine acu grá teaghlaigh di tríd an scéal.

An Fhulaingt

Socraíonn Máire éalú ón bhfíneacht agus an neamhcharthanacht seo agus buaileann sí an bóthar. Faraor, ní thagann feabhas ar chúrsaí. I dtús báire, níl aon liúntas leanaí nó aon chabhair den chineál sin ar fáil do Mháire. Dá bharr sin, tá ar Mháire obair a fháil nuair a thugann a máthair féin an bóthar di. Téann sí go dtí teach Bhean Uí Chinsealaigh ag obair ar £2.10 sa tseachtain cé go bhfuil £4 luaithe i bhfógra an pháipéar nuachtáin. Cé go bhfuil Bean Uí Chinsealaigh sásta le hobair Mháire, tugann sí an bóthar di freisin nuair a fhaigheann sí amach go bhfuil Máire torrach.

Cuirtear Máire chuig an Teach Tearmainn. Is ann a bhuaileann sí leis an striapach Mailí, bean eile atá imeallaithe ón tsochaí. Is í Mailí an t-aon duine a thaispeánann catharnacht do Mháire. Nuair a thiteann an teach anuas, tugann Mailí abhaile léi í, faigheann sí teach agus obair sa teach céanna di, agus tugann sí comhairle di.

Tugann sí rabhadh di freisin. Ní chuireann sí fiacail ann. Sin an saghas duine atá inti. Tuigeann sí go bhfuil saol uafásach ag Máire mar tá s aol uafásach aici freisin. Aithníonn ciaróg ciaróg eile, mar a deir an seanfhocal. Is í Mailí an duine a fhaigheann Máire agus a leanbh marbh agus is í an t-aon duine a thaispeánann aon áifeála go bhfuil Máire marbh. Léiríonn sé seo an saol uafásach a bhí ag Máire.

Ní féidir dearmad a dhéanamh ar an ról atá ag Pádraig Mac Chárthaigh i bhfulaingt Mháire. Nuair a fhaigheann sé amach go bhfuil Máire ag iompar clainne, tréigeann sé í agus a leanbh freisin. Ní fhaigheann aon duine amach cad is ainm d'athair an linbh agus ní thugann sé aon chabhair do Mháire. Is féidir leis í a thréigean gan aon imní air. Ní chuirtear aon phioc den mhilleán air. Nuair a thagann sé go dtí an teach lóistín i ndeireadh an dráma, é ar meisce, a bhean chéile marbh, agus é pósta arís, tá Máire i ndeireadh na feide. Glaonn sé striapach uirthi agus diúltaíonn sé féachaint ar a iníon Padraigín. Maraíonn Máire a leanbh ionas go mbeidh sí saor ón bhfulaingt uafásach a bheidh i ndán di.

Is léir go bhfulaingíonn Máire go mór i rith a saoil. Is léir freisin go raibh a muintir féin – a máthair agus a deartháireacha, Liam agus Seán – freagrach as cuid mhór den fhulaingt seo sa dráma 'An Triail'.

4B Gan aon amhras, ba iad an ceol agus an chaid na caithimh aimsire ab fhearr le Maidhc

Dainín agus é ag fás aníos sa Ghaeltacht. É sin ráite, bheadh orm féin an iascaireacht agus an caitheamh tobac a lua freisin.

An Ceol

Chuaigh an ceol go smior i Maidhc Dainín. Thaitin leis a bheith ag éisteacht le Seán Ó Domhnaill agus Muiris Ó Cuinn ag seinm ceoil in Arús Bhréanainn. Le cabhair óna mham, cheannaigh sé a chéad bhosca ceoil. Ceann Hohner a bhí ann. Bhí ionadh orthu nuair a thosaigh a athair ag seinm cúpla port air, cinn a d'fhoghlaim sé in Chicago. Le comhairle ó cheoltóir eile, Seán Coughlan ó Arda Mór, chuir sé snas ar a chuid scileanna ceoil. Bhain sé taitneamh mór as ceol a sheinnt an samhradh i 1958. Bhíodh na cúrsaí Gaeilge ar siúl gach samhradh ar an Muirigh. Fuair sé post mar cheoltóir céilí i Halla na Muirí. Ba ann a thit sé i ngrá le cailín darb ainm Eibhlín as Contae Luimní.

An Chaid

Is cuimhin go maith leis a bheith ag imirt caide ar na bóithre agus é fós sa bhunscoil. D'imríodh Maidhc Dainín agus na buachaillí óga le liathróid rubair i mBaile an Mhúraigh. Bhíodh clocha acu mar chúl. Ní bhíodh aon réiteoir acu. Ní thagadh aon charr ag an am seachas an fo-cháirt is capall ar an mbealach chuig Baile Ghainnín Beag. De ghnáth, scóraladh na buachaillí is láidre agus is cróga.

Chuaigh sé go dtí an cheardscoil, nó an Tech, sa Daingean. Thaitin an scoil sin go mór leis. Is cuimhin leis an turas a dhéanamh ann i seanBhuick. Thaitin na cluichí móra peile a d'imir sé ann leis freisin. Bhuaigh siad roinnt cluichí móra ar Oileán Chiarraí, Bóthar Buí, agus fiú an Tóchar i gcluiche ceannais an chontae.

An Iascaireacht

Bhíodh an-tábhacht ag an iascaireacht ina shaol. Insíonn Maidhc dúinn faoi abhainn na Feothanaí a éiríonn i gCam an Lochaigh. Ba mhínic a dhéanadh siad iascach mídhleathach inti. Lá amháin, chonaic Maidhc bradán álainn san abhainn. Rith sé abhaile agus d'inis sé dá Dhaid faoi. Gan a thuilleadh moille, chuaigh siad go dtí an abhainn agus chonaic siad an bradán. Ropaigh a athair a phíce san iasc ach d'éirigh leis éalú. Faraor, thit a athair isteach san abhainn agus a phíp fós ina bhéal.

An Caitheamh Tobac

B'fhéidir nach caitheamh aimsire é na laethanta seo, ach nuair a bhí Maidhc Dainín óg is cinnte gurbh é. Is cuimhin leis a bheith ag fanacht ag Tigh an Phoirt ar an bhFeothanach ag lorg seanbhuiteanna na dtoitíní agus é dhá bhliain déag d'aois. Lá amháin chuaigh sé le Eddie Hutch chuig teach a uncail chun toitín a chaitheamh. Tar éis dó leath an toitín a chaitheamh, áfach, thainig tinneas air agus rith sé amach as an teach chuig Bóithrín an Bhy agus chuir sé amach a raibh ina bholg! Bhíodh roinnt seifteanna acu chun airgead a fháil le haghaidh tobac. Is minic a ghearraidís ruaimneach eireabaill na gcapall nó fiú an mhuing chun é a dhíol leis an lucht siúil. Uair amháin, ghoid sé roinnt uibheacha as nead circe agus chuir sé isteach go dtí an uachtarlann iad. An tseachtain ina dhiaidh sin, áfach, tháinig bainisteoir na huachtarlainne chuig an teach ag rá go raibh sicíní marbha iontu! Fuair sé cúpla buille óna athair an oíche sin. Faoi dheireadh, d'éalaigh sé chuig Inse Bhaile Ghainnín. Mar phíonós, bhí air prátaí a scoilteadh!

Is léir ó na samplaí seo go raibh a lán caitheamh aimsire ag Maidhc agus gur thaitin siad go léir leis.

PÁIPÉAR I

CUID I: CLUASTUISCINT (60 M)

Cuid A (24 m)**FÓGRA A hAON (12 m)**

1. Rúnaí i Roinn na Gaeilge. (4)
2. (i) Ard scileanna ríomhaireachta. (2)
(ii) Gaeilge líofa. (2)
3. (a) Ón a naoi ar maidin go dtí leathuair tar éis a cúig tráthnóna. (2)
(b) www.ul.ie. (2)

FÓGRA A DÓ (12 m)

1. Sceideal spóirt an tsamhraidh. (4)
2. (a) Corn an Domhain sa sacar. (2)
(b) Tuairiscí/torthaí/anailís. (2)
3. 3ú lá is fichead Meitheamh. (4)

Cuid B (24 m)**COMHRÁ A hAON (12 m)****An Chéad Mhír**

1. Ag obair go dian na laethanta seo. (2)
2. (i) Níl siad pioc chomh strusmhar le laethanta na hArdteistiméireachta. (1)
(ii) Laethanta crua. (1)
3. Cothrom (réasúnta). (2)

An Dara Mír

1. Nua-theicneolaíocht. (2)
2. Caitheann daoine óga an iomarca ama orthu. (2)
3. An leabharlann. (2)

COMHRÁ A DÓ (12 m)**An Chéad Mhír**

1. Gradam Scoláire na Bliana. (2)
2. Club sláinte agus aclaíochta. (2)
3. Éiríonn a lán déagóirí as an spórt na laethanta seo. (2)

An Dara Mír

1. (i) Ranganna rince. (1)
(ii) Cluichí cispheile. (1)
2. Bia mí-shláintiúil. (2)
3. Comhairle faoi chúrsaí bia. (2)

Cuid C (12 m)**PÍOSA A hAON**

1. Raidió na Life. (2)
2. Pobal na Gaeilge. (2)
3. Oibríthe páirt-aimseartha deonacha iad. (2)

PÍOSA A DÓ

1. Tríocha. (2)
2. Fágadh a lán daoine gan dídean. (2)
(i) Maidin caife. (1)
(ii) Seó faisin. (1)

CUID II: CEAPADÓIREACTH (100 M)

Aiste (100 m)

A (b) Bíonn gach mac máthar den tuairim go mbíonn saol an mhadra bháin ag daoine óga na tíre seo. Is minic a chloistear an seanfhocal “Is aoibhinn beatha an scoláire”, ag cur ina luí orainn gurb iad blianta na hóige na blianta is fearr sa saol. Is duine óg mé agus ní aontaím leis an tuairim seo in aon chor. San aiste seo a leanas, is mian liom é a thaispeáint, cé go mbíonn fuinneamh agus dearcadh dearfach ag an aos óg, go mbíonn go leor deacrachtaí agus dúshláin le sárú acu agus iad ag dul in aois.

I measc na dúshláin is mó atá ag daoine óga na tíre seo ná rás na bpointí. Gach uile bliain bíonn daltaí Ardteistiméireachta faoi an iomarca brú ar fad ag iarraidh pointí arda a bhaint amach. Is rud an-strusmhar é bheith ag staidéar ó dhubh go dubh agus ag brath ar aon scrúdú amháin sa deireadh chun do chuid scileanna ar fad a léiriú don scrúdaitheoir. Níl an córas seo réasúnta a thuilleadh. Bheadh measúnú leanúnach i bhfad Éireann níos féaráilte do chách agus ní bheadh an méid sin brú ar dhaltaí scoile.

Ní hiad laethanta scoile na laethanta is fearr a bhíonn ag daoine in aon chor. Caitheann daoine óga déileáil le fadhbanna ar nós piar-bhrú agus cibearbhulaíocht. Is é cibearbhulaíocht ceann de na fadhbanna is práinní dá bhfuil ann i measc an aosa óig. Tá sé fíor éasca daoine soineanta a chrá ar Facebook agus Twitter agus líonraí sóisialta eile. Ar an drochuair chloisfeá scéalta faoi dhaoine óga ag cur lámh ina mbás féin de bharr an saghas seo bulaíochta. Dar ndóigh, caitheann daoine óga bheith freagrach agus aireach mar tá sé an-deacair cibearbhulaíocht a stopadh.

Fadhb eile atá ann i measc an aosa óig ná eisimirce. Tá gach duine óg sa tír buartha go mbeidh orthu an bád bán a thógáil sa toadhchá. Cé go ndeirtear go bhfuil an cúlú eacnamaíochta sáraithe againn, tá deiseanna fostaíochta fós gann go leor sa tír seo. Ní hé go bhfuil daoine óga faoi bhrú céim ollscoile a bhaint amach, tá siad buartha ansin faoi phost a bhaint amach. Níl sé féaráilte go bhfuil ar ár ndaoine óga imeacht thar sáile chun saol a chothú dóibh féin.

Mar chonclúid, faoi mar a léirigh mé san aiste seo, ní hiad blianta na hóige na blianta is fearr a bhíonn againn. Caithfear cuimhneamh go bhfuil go leor fadhbanna agus dúshláin le sárú ag ár ndaoine óga agus iad fós ag fás aníos. Tá go leor tacaíocht agus cúnamh ag teastáil uathu. Mar a deir an seanfhocal, “Mol an óige agus tiocfaidh sí.”

Alt Nuachtáin/Irise (100 m)

A (c) Ní féidir a shéanadh gur ceann de na fadhbanna sóisialta is measa atá fós ag crá sochaí na tíre seo ná an bochtanas. D'éirigh an tír go léir an-saibhir nuair a bhí an Tíogar Ceilteach i mbarr a réime sna nóchaidí. Is cosúil go raibh saol an mhadra bháin ag pobal na tíre ag an am nuair a bhí an t-airgead agus ábharachas ann go flúirseach. Tháinig an cúlú eacnamaíochta aniar aduaidh orainn agus táimid fós ag iarraidh na fadhbanna a bhaineann leis a shárú. Is fadhb ollmhór é an bochtanas agus gineann sé go leor fadhbanna eile ar nós eisimirce agus easpa dídine.

Tá níos mó daoine ná riamh ar an ngannchuid sa tír seo. An chúis is mó le seo ná bochtanas agus dífhostaíocht. Tar éis an chúlú eacnamaíochta, chaill na mílte daoine a bpostanna nuair a thosaigh na comhlachtaí móra ag gearradh siar agus ag tabhairt bata agus bóthar dá n-oibrithe. Tá sé níos deacra do dhaoine íoc as na morgáistí móra a thóg siad amach le linn ré an Tíogair Cheiltigh. Is cúis imní anois do mhóran nach féidir leo iad féin agus a dteaghlach a chothú nó teacht ar fhostaíocht nua dóibh féin.

Ceann de na fadhbanna is truamhéalaí faoin mbochtanas ná go bhfuil daoine gan dídean ag maireachtáil ar shráideanna na tíre seo. Is náireach an scéal é go bhfuil ar dhaoine dul ag lorg airgid ar shráideanna tíre toisc nach bhfuil go leor le n-ithe acu. Déanann carthanachtaí cosúil le Clann Síomóin a gcroí dhícheall cabhair agus cúnamh a thabhairt do na daoine bochta seo. Is léir go bhfuil breis tacaíocht ón rialtas ag teastáil uathu chun dul i ngleic leis an fhadhb phráinneach seo.

Dar ndóigh, tá bochtanas agus dífhostaíocht fite fuaite le chéile. An toradh is measa atá acu ná eisimirce. Is brónach an scéal é go bhfuil ar dhaoine a n-áit dúchais a fhágáil toisc nach féidir leo saol a chothú dóibh féin sa bhaile. Gach uile lá téann daoine ar imirce go dtí an Astráil agus Ceanada sa tóir ar fhostaíocht agus saol níos fearr. Is mór an trua é go mbíonn ar dhaoine dul ar imirce go tír nua chun an bochtanas agus dífhostaíocht a sheachaint. Bíonn orthu cur suas le huaigheas baile agus dul i dtaithe ar chultúr nua.

Mar fhocal scoir, tá an bochtanas fós ann go forleathan sa tír. Cuireann an fhadhb seo lag misneach ar phobal na tíre. Is cúis buartha dúinn nach bhfuil a ndóthain airgid nó bia ag daoine áirithe sa tír seo. Beidh ar an rialtas iarracht mhór a dhéanamh deiseanna fostaíochta a chruthú do mhuintir na tíre chun go dtosóimis ar deireadh a chur leis an mbochtanas sa tír seo.

Díospóireacht (100 m)

C (b) A dhaoine uaisle, a chairde agus a chuiditheoirí ón nGearmáin, tá fáilte Uí Cheallaigh romhaibh go léir. Tá súil agam gur bhain ár gcuiditheoirí ón nGearmáin idir taitneamh agus tairbhe as an seal a chaith siad linn. Tá súil agam gur bhain siad taitneamh as an nGaeilge a fhoghlaim agus an cultúr Gaelach a bhlaiseadh. Máire is ainm dom. Is dalta sa scoil seo mé le sé bliana anuas agus táim anseo chun labhairt libh faoinár dteanga dhúchais agus an cultúr Gaelach. Tá súil agam go n-aontóidh sibh liom ag deireadh na hoíche faoin tábhacht a bhaineann leo i sochaí na tíre.

Tá tábhacht ag baint leis an teanga Ghaeilge toisc gurb í ceann do na teangacha scríofa is ársa san Eoraip. Is cúis ár mbróid gur teanga oifigiúil í san Aontas Eorpach. Is ábhar riachtanach í sna scoileanna agus gach uile samhradh téann na mílte dalta meánscoile go dtí na Gaeltachtaí chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Fanann siad le cainteoirí dúchasacha chun níos mó a fhoghlaim faoin stair agus cultúr a bhaineann leis na ceantair Ghaeltachta. Léiríonn sé seo go bhfuil meas ag daoine óga na tíre ar a dteanga dhúchais agus go bhfuil siad bródúil aisti.

Le tamall anuas tá dul chun cinn na Gaeilge fite fuaite leis na meáin. I 1996 seoladh TG4, an chéad stáisiún Gaeilge sa tír seo. Tá an stáisiún tar éis dul ó neart go neart ó shin. Cabhraíonn TG4 go mór le damhsa, amhránaíocht, drámaí Gaeilge agus an cultúr Gaelach i gcoitinne a léiriú don phobal ar fad. D'fhéadfá a rá mar sin a éisteoirí go gcuireann TG4 ina luí ar a lucht féachana an tábhacht a bhaineann le teanga na Gaeilge. Anuas ar sin cabhraíonn sé leis an gcultúr Gaelach a threisiú.

Le cúpla bliain anuas tá borradh tagtha ar líon na ndaltaí a fhreastalaíonn ar Ghaelscoileanna agus ar Ghaelcholáistí. Is cinneadh an-tábhachtach é seo do thuismitheoirí. Tugann an tumoideachas deis óga do dhaltaí dul i dtaithí ar an nGaeilge agus an cultúr Gaelach ar shlí an-nádúrtha. Taispeánann sé do dhaltaí gur teanga bheo, bhríomhar í an Ghaeilge agus gur fiú í a labhairt gach uile lá. Mar a deir an seanfhocal: "Tír gan teanga, tír gan anam."

Bhuel, a dhaoine uaisle, tá deireadh ag teacht le mo chuid cainte anseo anocht. Tá súil agam faoin tráth seo go n-aontaíonn sibh liom agus go dtuigeann sibh an tábhacht a bhaineann le teanga na Gaeilge agus an cultúr Gaelach a chaomhnú don chéad ghlúin eile. Mar a dúirt Pádraig Mac Piarais, "Beatha teanga í a labhairt." Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh as cluas a thabhairt dom anocht. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár gcuiditheoirí ón nGearmáin as cuairt a thabhairt orainn anseo. Slán abhaile.

PÁIPÉAR II

Ceist 1 (100 m)

Nelson Mandela: Laoch ar Lár (50 m)

- A 1. (a)** Níorbh ábhar iontais a bhí ann mar go raibh aois mhór ag Mandela. **(3.5)**
- (b) (i)** Scaipeadh scéal a bháis go tapa mar briseadh isteach ar na gnáthsceidil raidió agus teilifíse ar fud an domhain. **(1.75)**
- (ii)** Tugadh moladh do Mandela nuair a foilsíodh ailt mheastóireachta agus eagarfhocail mholtacha i nuachtáin mhóra. **(1.75)**
- 2. (a)** Tugadh an t-ainm Nelson air mar ní raibh meas ar chultúr na hAfraice sna scoileanna agus mar sin b'éigean do gach dalta ainm Briotanach a bheith air. **(3.5)**
- (b) (i)** Sa bhliain 1952 bhunaigh siad a gcomhlacht dlí féin. **(1.75)**
- (ii)** Bhí cosc ar aon duine nach raibh craiceann geal air páirt a ghlacadh i bpolaitíocht nó in eacnamaíocht nó i saol poiblí na tíre. **(1.75)**

3. (a) Bunaíodh an ANC chun troid ar son chearta daonna an chine ghoirm san Afraic Theas. (3.5)
 (b) (i) Maraíodh naoi nduine is seasca sa slad i Sharpeville. (1.75)
 (ii) Maidir lena príosúnacht, coinníodh Mandela i ngéibheann i Robben Island agus i bpríosún eile go dtí 1990. (1.75)
4. (a) Ba chosúil go leanfadh córas an Apartheid i bhfad mar is ag an gcine geal a bhí an chumhacht agus an saibreas go léir. Chomh maith leis sin bhí arm agus aerfhórsa láidir ag an tír. (3.5)
 (b) (i) Rinne roinnt oibrithe i Dunnes Stores baghcat ar thorthaí ón Afraic Theas. (1.75)
 (ii) Nuair a rinneadh uachtarán de, chuaigh sé i mbun cainte láithreach le Mandela agus le ceannairí an ANC. (1.75)
5. (a) Ar an 27 Aibreán 1994 reachtáladh olltoghchán saor daonlathach san Afraic Theas don chéad uair riamh. (3.5)
 (b) (i) An sprioc a bhí roimhe ná an t-athmhuintearas náisiúnta. (1.75)
 (ii) Aidhm amháin a bhí le Mandela Day ná iarraidh ar dhaoine rud ar leith a dhéanamh chun an tsíocháin a chur chun cinn. (1.75)
6. (a) Modh Coinníollach: *nach n-oibreodh*
 Briathar Saor san Aimsir Chaite: *reachtáladh* (7.5)
 (b) Tar éis dom an tsleachta seo a léamh is léir gur duine éirimiúil é Nelson Mandela. Bhí sé cáilithe mar dhlíodóir go hóg. B'iad Mandela agus a chara na céad dhlíodóirí Afracacha a bhunaigh comhlacht dlí. "Ba é sin an chéad chomhlacht de dhlíodóirí Afracacha a cuireadh ar bun san Afraic Theas." Anuas ar sin, is duine síochánta é. Nuair a toghadh é mar uachtarán san Afraic Theas rinne sé a chroí dhícheall síocháin agus athmhuintearas a chur chun cinn. Mar shampla: "Léirigh sé meas ar gach duine i gcónaí..." (7.5)

Súil Siar ar 2013 (50 m)

- B 1. (a) Dhá shampla den pleanáil don todhchaí ná: ag breathnú ar na Debs agus ar shaoire tar éis na scrúduithe. (3.5)
 (b) (i) Dar leis an údar, d'fhéach daoine siar ar nótaí a bhreac siad síos. (1.75)
 (ii) Rinneadh dhá stát dhifriúla d'oileán na hÉireann, Saorstát Éireann agus Tuaisceart Éireann. (1.75)
2. (a) Bhain Comhrá 24/7 curiarracht dhomhanda amach don chomhrá Gaeilge ab fhaide riamh. Bhí daoine ag comhrá ar feadh céad seasca is a hocht n-uaire a chloig. (3.5)
 (b) (i) Chuir sé tvuít Ghaeilge óna spásárthach agus é ag eitilt os cionn na hÉireann. (1.75)
 (ii) D'fhógair sé go raibh sé ag éirí as a phost mar gheall ar easpa tacaíochta agus mar gheall ar dhroghall an rialtais a pholasaí Gaeilge a chur i bhfeidhm. (1.75)
3. (a) Bhí siad ag coinneáil súil ghéar ar chúrsaí airgeadais na tíre. Bhí siad ag iarraidh ar an rialtas gearradh siar ar chaiteachas agus ciorraithe a chur i bhfeidhm. (3.5)
 (b) (i) Reáchtáil siad an Tóstal chun daoine de bhunadh na hÉireann a mhealladh anseo ar saoire. (1.75)
 (ii) B'ardú meanman do mhuintir na hÉireann na cuairteoirí a fheiceáil ag triail ar an tír as Sasana, as Meireiceá agus gach cearn den domhain. (1.75)
4. (a) An aidhm a bhí le comórtas LivCom ná aitheantas a thabhairt do phobail a léiríonn dea-chleachtais maidir le bainistiú an chomhshaoil áitiúil. (3.5)
 (b) (i) Tugadh moladh d'Inis Oírr as a ndílseacht do shaol traidisiúnta an oileáin, dá teanga agus dá gcultúr dúchais. (1.75)
 (ii) Cúis imní atá ag muintir Oileán Árann faoi láthair ná níl dóthain airgid ann chun infreastruchtúr an oileáin a dheisiú. (1.75)
5. (a) Difríocht amháin idir Heaney agus Maidhc Dainín ná: scríobh siad i dteangacha éagsúla. Cosúlacht idir Heaney agus Maidhc Dainín ná: léirigh siad beirt daonnacht nádúrtha ina gcuid scríbhneoireachta. (3.5)
 (b) (i) Chaith sé cuid mhaith dá shaol ag obair go ciúin calma leis an dá thaobh den phobal a thabhairt le chéile. (1.75)
 (ii) Tá pictiúr clúiteach den sagart umhal ar a dhá ghlúin ag guí le saighdiúir d'arm Breataine a maraíodh ar shráideanna Bhéal Feirste. (1.75)

6. (a) Ainmfhocal san ginideach iolra: Deich mbliana na **gCuimhneachán**
Briathar san aimsir fháistineach: An **leanfaidh (7.5)**
- (b) Cúis imní amháin ná gur éirigh an Coimisinéir Teanga as a phost toisc nach raibh sé ag fáil go leor tacaíocht ón rialtas. Is cúis imní é seo mar léiríonn sé go bhfuil fadhb sa tír maidir le cearta teanga agus tacaíocht do theanga na Gaeilge.
- Cuirim i gcás: "Mar gheall ar dhrogall an rialtais a pholasáí féin don Ghaeilge a chur i bhfeidhm."
Cúis imní eile ná go bhfuil daoine buartha faoi stádas gheilleagar na tíre. Tá borradh tagtha faoi ach ní heol do dhaoine an leanfaidh an feabhas i bhfad agus an mbeidh rudaí níos fearr fós don tionscadal turasóireachta. Mar shampla: "An dtiocfaidh na cuairteoirí ar ais go hÉirinn?" (7.5)

Ceist 2 (30 m)

2A (i) Tugtar léargas cuimsitheach dúinn ar shaol bhean Sheáin tríd an scéal.

Léirítear dúinn go gcaitheann bean Sheáin an lá ar fad ag tabhairt aire dá leanbh agus do chúrsaí tí. Cuirtear in iúl dúinn go bhfuil sí uaigneach mar ligeann sí bean an tsuirbhé isteach láithreach chun caint léi. Is léir go bhfuil sí míshona agus go bhfuil frustrachas uirthi maidir lena ról sa bhaile.

Cuireann sí ina luí ar bhean an tsuirbhé go bhfuil sí míshásta lena saol, deir sí go bhfuil mná tí "mar sclábhaithe ina dtithe féin." Is léir go dteastaíonn uaithi éalú ón sórt saoil seo. Tá sí ag súil le saoire máithreachas a chlúdach do bhean an tsuirbhé ionas go mbeidh a tabhairt isteach féin aici agus sorn nua.

Bíonn fearg uirthi agus cuireann sí an locht ar Sheáin go raibh sí chomh míshona nuair a rinne sí an tsuirbhé. Nochtann sí go ndeachaigh sí thar fóir ar fad ag gearán. "Na scéalta a chumas di a deir sí."

Léirítear dúinn nach bhfuil go leor tacaíocht ag bean Sheáin ina saol. Ní thugann Seán aon chabhair di le cúramaí tí agus tar éis di a gearáin ar fad a dhéanamh leis, titeann Seán ina chodladh. Léiríonn sé seo nach bhfuil puinn suime aige inti.

- (ii) Tá ról lárnach ag an tsuirbhé sa ghearrscéal seo. Cruthaíonn torthaí an tsuirbhé sin an teannas ar fad sa scéal. Ag tosach an scéil, tá atmaisféar nádúrtha, síochánta sa scéal. Nuair a luann bean Sheáin go bhfuil scéal ann fúithi sa nuachtán toisc gur ghlac sí féin páirt i tsuirbhé, bíonn raic ann! An ceannteideal leis an alt nuachtáin ná: "Tá an ceathrú cuid do mhná tí míshona míshásta."

Dar le bean Sheáin, léiríonn sé seo a tuairimí go beacht. Tugann an t-alt nuachtáin deis do bhean Sheáin a gearán a dhéanamh lena fear céile. Sa deireadh deir sí gur ar Sheán an locht go ndeachaigh sí thar fóir le bean an tsuirbhé. Bhí cúrsaí tí ag déanamh tinnis di nuair a líon sí isteach an tsuirbhé.

Anuas ar sin, is deis iad na torthaí tsuirbhé do bhean Sheáin cur in iúl do Sheán cé chomh míshásta agus díomách is atá sí faoina saol mar bhean an tí. Luann sí scéal de thraidisiún na Síne go raibh sé de nós acu fadó bean chéile a dhó nuair a fuair a fear céile bás. Léiríonn an sampla seo cé chomh míshásta is atá sí lena saol agus easpa saoirse a bhraitheann sí.

Is cúis íoróine é go dtiteann Seán ina chodladh ag deireadh an scéil, is tuilleadh fianaise é seo do bhean Sheáin gur cuma le daoine faoi mhná tí.

- (iii) Comhrá idir lánúin phósta atá sa scéal seo agus tá an stíl inste an-éifeachtach sa ghearrscéal seo. Tugann an stíl inste seo léargas cuimsitheach dúinn ar an saol pósta agus na fadhbanna a bhaineann leis agus na deacrachtaí a bhíonn ag mná tí. Tugann an teideal 'Dís' nod dúinn go mbainfidh an scéal seo le beirt ag plé lena chéile ar nós agallamh beirte. Toisc gur comhrá atá ann, déanann sé an scéal an-bhríomhar agus corraitheach. Tugann an stíl inste seo léargas den scoth dúinn ar thuairimí na gcarachtar scaoileann siad a tuairimí ar fad linn faoi mar a théann an scéal ar aghaidh. Mar shampla, léiríonn freagra Sheáin an-chuid faoi nuair a fhaigheann sé amach gur inis a bhean chéile a cuid tuairimí le bean an tsuirbhé. "Stroinséir mná a shiúlann isteach 'on dtigh chugat agus tugann tú eolas gach ní dí!" Taispeánann sé seo gur duine cúthail, príobháideach é Seán.

Léiríonn na habairtí ó bhean Sheáin go leor faoin a dearcadh. Deir sí: "tá mná tí mar sclábhaithe ina dtithe féin." Taispeánann sé seo go bhfuil frustrachas uirthi maidir lena saol sa bhaile.

Tugann an stíl inste cur amach dúinn ar an gcaidreamh idir an bheirt sa scéal seo, cabhraíonn an stíl inste na fadhbanna atá ag an lánúin phósta a chur in iúl don léitheoir go héifeachtach.

Ceist 3 (30 m)

3A (i) Faighimid cur síos éifeachtach sa dán ar chás an Spailpín agus saol na ndaoine bochta eile san ochtú haois déag in Éirinn. Déanann an file cur síos ar chruatan an tsaoil agus an tslí ina raibh muintir na hÉireann i gcruachás agus ag fulaingt chomh maith. Tugann an dán seo léargas dúinn ar an sórt saoil a bhí ag daoine ar nós “An Spailpín Fánach” a bhí ag siúl timpeall na tíre ag lorg oibre ó fheirmeoirí. “Ag siúl na drúchta go moch ar maidin.”

Is léir go raibh bochtanas ann go forleathan agus go raibh an Spailpín Fánach ag déanamh a chroí dhícheall fostaíocht a fháil. Ba théarma maslach ab ea “Spailpín Fánach” san ochtú haoise déag. Is léir go raibh daoine ag féachaint ar anuas ar an Spailpín agus níor thaitin sé sin leis ach in oiread. “s go brach arís ní ghlaofar m’ainm sa tír seo, an spailpín fánach”.

Tríd an dán ar fad feicimid conas mar a bhí an “Spailpín Fánach” ag fulaingt agus faightear eolas faoin saol crua a bhí aige. Is léir go raibh fadhbanna sláinte aige de bharr na hoibre crua a bhí le déanamh. “s ag bailiú galair ráithe.”

(ii) An mothúchán is mó sa dán seo ná an brón. Is léir dúinn go bhfuil an file in ísle brí, níl sé ag súil leis go n-éireoidh a shaol níos fearr. Tá trua againn don fhile mar déanann sé cur síos an-bhrónach ar a shaol deacair mar sclábhaí feirme. Is léir dúinn go bhfuil an obair chrua ag déanamh díobhála dá shláinte agus dá spiorad: “...Ag bailiú galair ráithe”.

Tá brón le feiceáil arís ag deireadh an dáin. Ní éiríonn rudaí níos fearr dó, bíonn air leanúint air agus an obair chrua a dhéanamh arís.

(iii) Tá meadaracht dhocht ag baint leis an dán. Baineann sé le stíl darbh ainm “amhráin na ndaoine” ón t-ochtú haois déag. Tugtar an t-ainm seo air toisc gur amhrán a bhí sa dán seo ag an am. Mar sin tá rithim an-cheolmhar sa dán. Rosc a thugtar ar an meadaracht seo. De réir sin bíonn ocht líne i ngach véarsa agus trí nó ceithre bhéime aiceanta i ngach líne. Chomh maith le sin, críochnaíonn gach dara líne leis an bhfuaim “á” san fhocal. Mar shampla: “*Sláinte; ráithe, sáite, fánach*”. Cuireann na heilimintí seo le ceol an dáin.

Ceist 4 (40 m)

4A Is máthair leis an bpríomhcharachtar í Bean Uí Chathasaigh. Buailimid léi ag tosach an dráma agus ní fheicimid arís í go dtí an radharc deireanach. É sin ráite cuireann sí isteach go mór ar phlota an dráma agus cuireann a hiompar isteach go mór leis an tragóid a bhuaileann leis an bpríomhcharachtar Máire. Taispeántar dúinn ag tosach an scéil go raibh saol crua ag Bean Uí Chathasaigh nuair fágadh í ina baintreach le clann go hóg. Is duine an-chráifeach í agus deir sí coróin Mhuire lena clann gach uile oíche.

Bíonn sí an-dian ar a clann, ar Mháire ach go háirithe. Bhí todhchaí a bpáistí pleanáilte aici. Bheadh Seán ina shagart, Máire ina bean rialta agus Liam an mac ba shine i mbun na feirme. Bhí smacht iomlán aici orthu, is minic a dúirt sí: “Is mó sin íobairt atá déanta agama ar bhur sin...’ leo chun go mbraithfeadh siad go raibh siad faoi chomaoín aici.”

Nuair a thosaigh Máire ag siúl amach le Pádraig b’éigean di éalú nuair a bheadh a máthair titithe ina codladh ionas nach mbeadh sí i dtrioblóid léi.

Faighimid amach cé chomh gránna agus cruálach í Bean Uí Chathasaigh nuair a thugann sí faoi deara go bhfuil a hiníon ag iompar clainne. Maslaíonn sí a hiníon. Is cuma léi fúithi mar tá sí buartha faoi thuairimí na gcomharsan. “Mallacht ar an té a tharraing an náire seo anuas orainn. Agus mallacht Dé anuas ortsa, a... striapach.”

Cuireann sí go mór leis an tragóid sa dráma mar ní léiríonn sí trua ar bith dá hiníon. Déanann sí an scéal níos tragóidí do Mháire, ní thugann sí puinn tacaíochta di in am a gátair.

Ní ghlacann sí leis a thuilleadh gur uirthi cuid den locht go raibh deireadh tragóideach le saol Mháire. Os comhair na cúirte bíonn sí ag iarraidh í féin a chosaint: “Ná cuirtear an milleán ormsa; ar sise. ‘Thóg mise go creidiúnach agus go Críostúil í.’”

Ceann de na radharcanna is tragóidí ná nuair a iarrann sí ar Mháire “deoch leighis” a ól chun an ghin a mharú. Diúltaíonn Máire di, imíonn sí ó bhaile agus ní fheiceann a máthair arís í go dtí lá na sochraide. Fós ag taobh na huaighe, ní léiríonn sí aon trócaire dá iníon bhocht. Déanann sí í féin a chosaint arís.

Tríd is tríd, bíonn tionchar diúltach ag Bean Uí Chathasaigh ar phlota an dráma. In ainneoin bheith ag tacú agus ag cabhrú lena hiníon, tréigeann sí í toisc go bhfuil “peaca” déanta aici de réir na heaglaise. Is cinnte go gcuireann sí le fulaingt Mháire agus an tragóid a bhíonn roimpi sa deireadh.

4B Is dírbheathaisnéis mór le rá é A Thig ná Tit Orm le Maidhc Dainín Ó Sé. Is mór an trua é gur imigh an t-údar ar shlí na fírinne i mbliana. Tá a dhírbheathaisnéis fágtha mar cheiliúradh ar a shaol agus a thabhairt suas i nGaeltacht Chorca Dhuibhne ach go háirithe. Léiríonn an leabhar go leor faoi chúrsaí saoil sa Ghaeltacht ag an am. Cé go raibh an bochtanas ann go forleathan, is léir nár chuir sé isteach ar an údar mar bhí spórt agus spraoi ann i gcónaí.

Ag tús an leabhair labhraíonn Ó Sé faoi go leor eachtraí a tharla dó nuair a bhí sé ag fás aníos. Is léir go raibh an-spraoi aige nuair a bhí sé ag freastal ar an mbunscoil. Chaith sé a chuid ama ag imirt spóirt nó, den chuid is mó, ag troid lena chairde, a chara Tomás ach go háirithe.

Léiríonn cuntas Uí Shé faoi chaitheamh aimsire na ndaoine go leor faoin mbochtanas a bhí ann ag an am. Is deacair é a chreidiúint ach ní raibh ach dhá raidió sa pharóiste nuair a bhí Maidhc Dainín ag fás aníos. Bhain sé taitneamh as a bheith ag éisteacht le ceol agus drámaí Gaeilge. Dar ndóigh bhain sé spórt agus spraoi as an mbothántaíocht chomh maith. Thagadh na daoine comharsan chun tí chun éisteacht leis an raidió. Is léir gur bhain Maidhc Dainín an-spórt as scéalta a chloisteáil ó sheandaoine cosúil le Grae. “Cleasaí, fear cuideachta agus sárscéalaí ba ea é.”

Eachtra eile a thugann léargas dúinn ar an mbochtanas ag an am ná an scéal faoi na toitíní. Bhí an-suim ag Maidhc Dainín agus a chairde sna toitíní ach ní raibh puinn airgid acu chun iad a cheannach. Thosaigh na buachaillí ag goid uibheacha le díol leis an uachtarlann agus airgead a dhéanamh i gcomhair toitíní. Bhain Maidhc Dainín spórt as an gcleas seo go dtí go bhfuair a thuismitheoirí amach agus tugadh íde béil dó.

Thar aon rud eile bhain Maidhc Dainín spórt agus spraoi as an gceol. Bhí dúil i gcónaí aige sa cheol agus le cabhair óna máthair bhí sé in ann bosca ceoil a ordú dó féin. Fuair sé ranganna ó fhear sa cheantar darbh ainm Seán Coughlan agus fuair Maidhc Dainín amach go raibh bua ceoil aige. Níos déanaí ina shaol bhain sé taitneamh as a bheith ag seinm ag na Coláistí Samhraidh a bhíodh ar siúl sa cheantar.

Mar chonclúid is cinnte gur dírbheathaisnéis dheas, soléite é A Thig ná Tit orm. Tugann cuntas Mhaidhc Dainín cur síos bríomhar dúinn ar spórt agus spraoi na hóige chomh leis an sórt saoil a bhí ag daoine sa Ghaeltacht ag an am. In ainneoin an bhochtanais is léir go bhfuil cuimhní cinn ag an údar ar laethanta a óige. Ní bheidh a leithid arís ann.

PÁIPÉAR I
CUID I: CLUASTUISCINT (60 M)

Cuid A (24 m)**FÓGRA A hAON (12 m)**

1. (a) Scléip. (2)
(b) Comórtas náisiúnta tallainne. (2)
2. (a) Scoileanna dara leibhéal Gaeltachta. (2)
(b) 6 (sé) rannóg. (2)
3. Ríomhphost a chur chuig oifig@gaelscoileanna.ie. (4)

FÓGRA A DÓ (12 m)

1. Chun cuidiú leis na daoine san Afraic ag fulaingt de bharr ghorta. (4)
2. (a) Turas rothaíochta. (2)
(b) Oíche eolais faoin turas rothaíochta. (2)
3. Ar iarrachtaí chun foinsí nua-uisce a aimsiú. (4)

Cuid B (24 m)**COMHRÁ A hAON (12 m)****An Chéad Mhír**

1. Chríochnaigh sí an Ardeistiméireacht inniu. (2)
2. Eolaíocht trí Ghaeilge. (2)
3. Is scoláire maith é. (2)

An Dara Mír

1. Post páirt-aimseartha. (2)
2. Beidh clárúchán níos airde ná riamh. (2)
3. (a) Costas lóistín. (1)
(b) Luí isteach ar an staidéar idir seo agus an oíche. (1)

COMHRÁ A DÓ (12 m)**An Chéad Mhír**

1. (a) Go raibh na heilití idir Éireann agus Nua-Eabhrac curtha ar ceal ar feadh trí lá. (1)
(b) Tuilte arda. (1)
2. Fágadh na sráideanna faoi uisce. (2)
3. (i) Leictreachas. (1)
(ii) Teas. (1)

An Dara Mír

1. Bhí na cáblaí leictreachais tite anuas agus carr trí thine. (2)
2. 50 milliún dollar. (2)
3. I gcomhair deisiúcháin. (2)

Cuid C (12 m)**PÍOSA A hAON**

1. Bliain iris Dhún na nGall. (2)
2. Stair/seandalaíocht/iascaireacht. (2)
3. (a) Bhuaigh siad craobh na hÉireann den chéad uair ó 1992. (1)
(b) 5.20 (cúig euro is fiche). (1)

PÍOSA A DÓ

1. Aonach na Nollag. (2)
2. (i) Cistí. (1)
(ii) Seodra. (1)
3. Caoga bliain ó bunaíodh é. (2)

CUID II: CEAPADÓIREACHT (100 M)

Aiste (100 m)

A (c) Nuair a smaoinimid ar an dtimpeallacht, na rudaí is mó a thagann chun cinn ná téamh domhanda, leac oighir ag leá, tuillte agus díothú an bhéar bán. Is samplaí móra domhanda iad sin. Is minic a dhéantar dearmad go mbaineann an timpeallacht leis an nádúr timpeall orainn sa bhaile freisin. Ní bhíonn an méid sin trácht ar truailiú na timpeallachta sa tír seo toisc go mbíonn aird na tíre dírithe ar an gcúlú eacnamaíochta. San aiste seo a leanas, is mian liom cur síos a dhéanamh ar chúrsaí timpeallachta na tíre mar atá siad agus conas mar a bheidh siad sa todhchaí chomh maith.

Le blianta beaga anuas tá borradh tagtha faoi éigean ar a dtugtar an tionscal glas. Séard atá i gceist le seo ná slite éagsúla ina bhféidir linn fuinneamh a chruthú ó áiseanna saor in aisce ar nós an ghaoth agus an fharraige. Faoi láthair bíimid ag brath an iomarca ar bhreosla iontaise mar fhoinsé cumhachta i gcomhair ár dtithe agus ár gcarranna. Mar is eol do chách, tiocfaidh deireadh leis an méid breosla a bheidh ar fáil agus is fiú go mór é casadh ar an bhfuinneamh glas chun fhoinsé bhuan a aimsiú. Cuir i gcás, bheadh an-luach le muilte gaoithe sa tír seo. Is féidir leictreachas a sholáthar do mhórán tithe ó mhuilte gaoithe dá mbeadh siad curtha ar fáil in áiteanna éagsúla timpeall na tíre.

An gearán is mó a chloistear ó thurasóirí go dtí an tír seo ná faoin mbruscar lofa a mbíonn le feiceáil inár gcathracha agus bailte móra. Déanann na coistí bailte shlachtmhara a gcroí dhícheall ár mbailte a fheabhsú agus a dhéanamh níos tarraingtí. Caithfidimid tacú leo agus a bheith níos bródúla as ár gceantair a choimeád níos deise agus chun ár dtimpeallacht áitiúil a choimeád slán. Ba chóir go mbeadh áiseanna athchúrsála ar fáil i ngach baile agus bruachbhaile. Chabhródh sé go mór le daoine fáil réidh lena mbruscar ar shlí nach ndéanfadh aon díobháil don timpeallacht. Is cúis onóra a bhíonn ann do mhórán scoileanna a bhaineann Brat Ghlas amach dá n-iarrachtaí athchúrsála.

Dar leis na saineolaithe, tá athrú aeráide agus an téamh domhanda tarlaithe de bharr lorg carbóin na ndaoine. Dar leo, caithfidimid ár lorg carbóin a ísliú ionas go féidir linn dul i ngleic le téamh domhanda. An tslí is fusa chun lorg carbóin na tíre a ísliú ná cáin a chur ar chomhlachtaí a chruthaíonn dramhaíl agus an iomarca carbóin. Chuirfeadh sé brú orthu bheith níos freagraí maidir le fuinneamh agus dramhaíl. Ba chóir chomh maith an córas taistil a dhéanamh níos saoire chun tiománaithe a mhealladh chun an bus nó traen a thógáil ar maidin. Is rud é seo a chabhródh go mór linn ár lorg carbóin a ísliú.

Mar fhocal scoir, is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine. Timpeallacht úr álainn atá againn sa tír seo, tá tírdhreacha againn sa tír seo thar insint scéal. Tá sé de dhualgas orainn ár dtimpeallacht a chaomhnú don chéad ghlúin eile. Lá ina dhiaidh lae téimid i dtuiscint ar conas go gcaithfidimid aire a thabhairt don timpeallacht. Is fadhb domhanda é truailiú na timpeallachta ach tá mórán le déanamh againn sa bhaile chun ár gcuid den domhain a choimeád slán.

Alt Nuachtáin/Irise (100 m)

A (b) Ceann de na fadhbanna is mó atá ag crá pobal na tíre i láthair na huaire ná imirce as Éirinn. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil formhór ár ndaoine óga ag dul ar an mbád bán. Tá cuid dóibh an-sásta dul ag taisteal agus an domhan mór a fheiceáil. An chuid is mó eile, níl an dara rogha acu ach imeacht ó bhaile. Tá ar níos mó daoine óga ná riamh dul ar imirce toisc go bhfuil cúrsaí na tíre seo chomh gruama i láthair na huaire. Léigh mé eolas le déanaí a chuir laghmhisneach orm, deirtear gur fhág 50,000 daoine óga an tír i mí Aibreán amháin. Chuir sé ag smaoineamh mé ar na cúiseanna le heisimirce na linne seo.

Ní féidir a shéanadh ach go bhfuil fadhb na heisimirce fite fuaite leis an gcúlú eacnamaíochta. Nuair a bhí an Tíogar Ceilteach i mbarr na réime, bhí airgead agus postanna ann go flúirseach. Tháinig an cúlú eacnamaíochta aniar aduaidh ar phobal na tíre. Deirtear go raibh ábharachas agus saint mar chúiseanna leis an gcúlú eacnamaíochta. Tá pobal na tíre ar fad ag fulaingt dá bharr. Cruthaíodh mórán fadhbanna dóibh ar nós dífhostaíocht agus ganntanas airgid. Bíonn imirce as Éirinn mar thoradh air sin.

Thar éinne eile, chuir an cúlú eacnamaíochta brú ollmhór ar dhaoine óga. Ardaíodh na táillí ollscoile ach fós tá níos mó daoine óga tar éis oiliúint thríú leibhéal a fháil. Tá sin le moladh dar ndóigh ach, ar an drochuair, is beag deiseanna atá i ndán do mhic léinn ollscoile na tíre seo. Tá córas oideachais den scoth againn sa tír seo ach cad fiú é nuair nach mbíonn deis ag daoine óga a scileanna agus a gcáilíochtaí a chur i bhfeidhm. Is náireach an scéal é nach bhfuil deiseanna fostaíochta ar fáil d'ár múinteoirí, banaltraí agus dochtúirí nua.

Ceapann daoine go mbíonn saol an mhadra bháin ag daoine a théann ar imirce. Tá na mílte daoine óga ag cur fúthu anois san Astráil. Bíonn an pá go maith, bíonn an aimsir go haoibhinn agus na daoine cairdiúil. Ach déantar dearmad go mbíonn a lán dúshláin acu, uaigneas agus uaigneas baile ach go háirithe.

Caithfear a admháil a léitheoirí, gurb é imirce as Éirinn ceann do na fadhbanna is práinní dá bhfuil againn i láthair na huaire. Feictear domsa go gcaithfidh an rialtas rud éigin fóna a dhéanamh chun deiseanna fostaíochta a chruthú do dhaoine óga na tíre seo. Oileán na naomh agus na n-ollamh a tugadh ar an tír seo tráth. N'fheadar cad a thabharfar air nuair a bheidh na daoine is fuinniúla agus is cliste go léir imithe thar lear.

Díospóireacht/Óráid (100 m)

C (a) A mhúinteoirí agus a dhaltaí, is mise Máire Ní Mhurchú agus táim go huile is go hiomlán i bhfabhar an rúin nach bhfuil ár bpolaiteoirí ag stiúradh chúrsaí na hÉireann mar is ceart. Is dócha go bhfuil cuid againn ar chomhintinn cheana féin ach táim cinnte go n-aontóidh sibh go léir liom nuair a thabharfaidh mé samplaí dár bpolaiteoirí ar ball. Éistígí liom le bhur dtoil anocht mar táim chun léiriú a thabhairt daoibh ar olcas na bpolaiteoirí agus an t-athrú atá ag teastáil uainn inár gcóras polaitíochta.

Mar is eol do chách, tá fiacha arda ag an tír seo. Tá geilleagar na tíre seo ina phraiseach de bharr an chúlú eacnamaíochta. Tá fios ag an saol go raibh baint ag ár bpolaiteoirí leis an gcúlú eacnamaíochta. Ní féidir a shéanadh go raibh caimiléireacht ar siúl ag ár bpolaiteoirí. Chuir polaiteoirí agus forbróirí áirithe an dallamullóg ar mhuintir na tíre chun brabús mór a thuilleamh dóibh féin. Ba chuma leo go raibh dlíthe á bhriseadh acu ná go raibh siad mímhacánta leis an bpobal. Chuir siad an iomarca béime ar an tionscadal tithíochta agus sin an fáth go bhfuil fiacha arda ag an tír. Déarfainn go n-aontóidh sibh liom nuair a deirim go gcaithimid an dlí a chuir orthu i dtaobh na coireanna a rinneadh le linn ré an Tíogair Cheiltigh.

Bhuel a dhaoine uaisle, nach mbraitheann sibh go bhfuilimid ag snámh in aghaidh easa ag iarraidh déileáil le fadhbanna airgid sa tír seo? Tá fios ag madraí na sráide go bhfuil postanna gann go leor agus go bhfuil níos mó daoine ná riamh ag brath ar an dól mar thabhairt isteach. Bheimis den tuairim go mbeadh ár bpolaiteoirí ag iarraidh cabhrú le daoine ach a mhalaírt atá fíor, a chairde.

Tá rialtas na tíre tar éis cáin ioncaim a ardú agus na mílte gearradh siar a dhéanamh ar seirbhísí poiblí agus tacaíochta. Táim go láidir den tuairim go bhfuil siad ag cur go mór le fulaingt na ndaoine.

Ceist agam oraibh a dhaoine uaisle, cad tá á dhéanamh ag ár bpolaiteoirí chun deireadh a chur leis an gcúlú eacnamaíochta? Faic na fríde! Níl ár bpolaiteoirí ag déanamh a ndícheall éirí as an gcruachás ina bhfuilimid. Tá an iliomad rudaí ann go bhféadfaimis a dhéanamh chun beocht a chur i ngeilleagar na tíre arís. Cad mar gheall ar infheistíocht? Cad mar gheall ar thionscadal turasóireachta agus deiseanna fostaíochta a chruthú do phobal na tíre? Caithfidh an rialtas tacú le muintir na hÉireann chun todhchaí gheal a chruthú.

Bhuel a dhaoine uaisle, tá deireadh ag teacht le mo chuid cainte. Tá súil agam go n-aontaíonn sibh liom ag an bpointe seo nach bhfuil an tír á stiúradh i gceart ag ár bpolaiteoirí. Caithfidh ár dTeachtaí Dála éisteacht linn sula dtosóimid ar phlean chun éirí as an gcúlú eacnamaíochta. Mo bhuíochas libh go léir as cluas a thabhairt dom anocht.

Oíche mhaith agus slán abhaile.

PÁIPÉAR II

Ceist 1 (100 m)

Steve Jobs: Fiontraí agus Fealsamh (50 m)

- A 1. (a)** Tugtar le fios go bhfuil daoine óga gafa leis an nuatheicneolaíocht mar ní féidir le déagóir maireachtáil go sona gan fón ina lámha ná lá amháin fiú a chaitheamh ar a shuaimhneas gan Facebook a sheiceáil nó gan Twitter a úsáid. **(3.5)**
- (b) (i)** Baineann tuismitheoirí agus seantuismitheoirí úsáid as Skype chun caint lena ngaolta i Nua Eabhrac nó in Sydney. **(1.75)**
- (ii)** D'fhás an dul chun cinn sa chumarsáid as obair agus as fíis eolaithe éagsúla in Silicon Valley, California. **(1.75)**
- 2. (a)** Baineadh úsáid as bogearraí an chomhlachta NeXT san ardoideachas agus san mhargaíocht idirnáisiúnta. **(3.5)**
- (b) (i)** Tugadh Athair na Réabhlóide Digití ar Jobs mar chuir Jobs agus a chomhoibrithe earraí ar fáil a bhí níos soláimhsithe agus níos cumhachtaí ná aon rud a bhí ar fáil riamh roimhe sin. **(1.75)**
- (ii)** Mhol an tUachtarán Obama go hard Jobs mar léirigh Jobs an fhíis Mheiriceánach go foirfe ina shaol agus ina iompar. **(1.75)**
- 3. (a)** Réitigh Jobs go maith lena tuismitheoirí uchtála. Ní raibh oideachas orthu ná mórán airgid acu. **(3.5)**
- (b) (i)** Chaitheadh sé tréimhsí fada lena athair uchtála sa gharáiste ag obair ar earraí leictreonacha. **(1.75)**
- (ii)** Ní raibh sé sona ar scoil mar níor thaitin an fhoghlaim fhoirmiúil ná an teagasc traidisiúnta leis. **(1.75)**
- 4. (a)** Maidir lena stíl bainistíochta, fear mór gnímh ba ea Jobs a bhí i gcónaí ar thóir na nuálaíochta, ach cainteoir cumasach agus fear maith cumarsáide ba ea é chomh maith. **(3.5)**
- (b) (i)** Thionóil sé cruinniú gach maidin Luain chun iniúchadh a dhéanamh ar ghnó an chomhlachta agus le cinní a dhéanamh. **(1.75)**
- (ii)** Thug Jobs óráidí a chun poiblíocht a fháil do na fiontair éagsúla a bhí idir lámha aige. **(1.75)**
- 5. (a)** Na hábhair chainte a bhí ag Jobs in Ollscoil Stanford ná an oideachas a fuair sé, agus faoi na deacrachtaí agus na deiseanna a bhí aige ina shaol. **(3.5)**
- (b) (i)** Chuir sé comhairle ar na mic léinn in Ollscoil Stanford rud a gcuireann siad spéis ann a aimsiú agus an rud a ghealann an croí a lorg. **(1.75)**
- (ii)** D'fhéach sé ar dhúshláin agus deacrachtaí an tsaol mar dheiseanna chun feabhais agus mar ócáidí le hiarracht níos fearr a dhéanamh. **(1.75)**
- 6. (a)** Briathar Saor Aimsir Chaite: **Tugadh**
Ainmfhocal sa ghinideach iolra: (In ainneoin na) **ndeacrachtaí (7.5)**
- (b)** Taitníonn Steve Jobs liom mar dhuine tar éis dom an sliocht seo a léamh. Is léir gur duine éirimiúil ab ea é agus go raibh ról an-thábhachtach aige i ndul chun cinn na teicneolaíochta. Bhí sé bainteach le bogearraí, ríomhairí agus scannáin. Mar shampla: "Ní haon iontas é, mar sin, gur tugadh Athair na Réabhlóide Digití ar Jobs nuair a bhásaigh sé in 2011." Anuas ar sin, tuigtear dom gur duine ceannasach agus féarálte ab ea é. Léirigh sé a mheas ar na hoibrithe ar fad a bhí aige. Cuirim i gcás: "Thuig na hoibrithe seo go raibh stádas ar leith acu i súile Jobs agus an chomhlachta." **(7.5)**

Raidió na Gaeltachta: 40 Bliain ar an Aer (50 m)

- B 1. (a)** Bhí 2012 an-speisialta do Raidió na Gaeltachta mar bhí an stáisiún raidió sin ag ceiliúradh dhá scór bliain ar an aer ó bunaíodh é sa bhliain 1972. **(3.5)**
- (b) (i)** Thug an stáisiún deis do mhuintir na Gaeltachta iad féin a chur in iúl ina dteanga féin sna meáin chumarsáide. **(1.75)**
- (ii)** Bhí cúigear craoltóirí ar an gclár speisialta ag caint faoin bpríbhleáid a bhí acu muintir na nGaeltachtaí éagsúla a nascadh le chéile ar an aer. **(1.75)**
- 2. (a)** Bhí ceantar Chonamara beo bocht ag an am, gan infrastruchtúr ceart ná deiseanna fostaíochta. **(3.5)**
- (b) (i)** Bhí Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta ag lorg údarás áitiúil forbartha agus pleanála, plean cuimsitheach oideachais agus raidió áitiúil Gaeilge do phobal na Gaeltachta. **(1.75)**
- (ii)** Bhí an raidió áitiúil Gaeilge le freastal ar na pobail Ghaeltachta agus ar Ghaeilgeoirí ar fud na tíre. **(1.75)**
- 3. (a)** Deacracht amháin a bhí ag an tseirbhís agus í ag tosú ná ní raibh an cheanncheathrú i gCasla feistithe amach mar ba chóir. **(3.5)**
- (i)** Seoladh beoshruth Raidió na Gaeltachta ar an idirlíon i mBealtaine 2000 agus tá fáil anois ar na cláir áit ar bith ar domhan. **(1.75)**
- (ii)** Tháinig athrú ar uaireanta craoladh Raidió na Gaeltachta mar tá an stáisiún ag craoladh gan stad ó cheann ceann an lae ó 2001. **(1.75)**
- 4. (a)** Cuireann siad seirbhís nuachta den scoth ar fáil. Bíonn tuairiscí acu ar imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. **(3.5)**
- (b) (i)** Tá éisteoirí Raidió na Gaeltachta le fáil anois i ngach cearn den oileán seo agus i ngach cúinne den domhan. **(1.75)**
- (ii)** Mhol an tUachtarán ról an stáisiúin sa chraoltóireacht seirbhíse poiblí agus an raon leathan clár atá acu. **(1.75)**
- 5. (a)** Beidh sé dian airgead a fháil leis an stáisiún a choimeád sa siúl mar tá airgead an stáit gann. **(3.5)**
- (b) (i)** Bíonn Béarla le cloisteáil anois tar éis a naoi a chlog tráthnóna ó ceadaíodh liricí Béarla ar na cláir a chraoltar faoin teideal Anocht FM. **(1.75)**
- (ii)** Má ghearrtar siar ar an airgead poiblí atá ar fáil don stáisiún, lorgófar tacaíocht airgid ón bhfógraíocht. **(1.75)**
- 6. (a)** Uimhir phearsanta: **Cúigear**
Ainmfhocal firinscneach sa ghinideach uatha: (Uair an) **chloig (7.5)**
- (b)** Is sliocht faisnéiseach é seo i mo thuairim. Tuigtear dúinn gur seo an genre atá i gceist mar: tá an t-údar ag cur síos go cuimsitheach ar saol agus bunús Raidió na Gaeltachta ar bhealach fhoirmeáilte, simplí agus soiléir, "Lorg Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta údarás áitiúil forbartha agus pleanála, plean cuimsitheach oideachais agus raidió áitiúil Gaeilge do phobal na Gaeltachta." Freisin, déantar cur síos ar phointe amháin i ngach alt. Baineann an chéad alt leis an gceiliúradh 40 bliain, an dara alt le tús an Raidió, an tríú le bunús an Raidió é féin, an ceathrú le curaimí an Raidió agus baineann an cúigiú alt le tacaíocht agus foinsí airgid. **(7.5)**

Ceist 2 (30 m)

- 2A (i)** Tá páirt lárnach ag Niamh Chinn Óir sa scéal Fiannaíochta seo agus i saol an laoi Oisín. Is í Niamh Chinn Óir an bhean is áille in Éirinn. Thit sí i ngrá le hOisín de bharr an méid a chuala sí faoin laoch óg. Is carachtar cumhachtach/draíochtach í. Cuireann sí geasa ar Oisín chun go bhfillfidh sé abhaile go Tír na nÓg léi. Titeann Oisín i ngrá léi freisin. Caitheann sé formhór a shaoil léi agus bíonn triúr páistí acu. I ndeireadh na dála, tagann fonn ar Oisín filleadh abhaile. Bíonn Niamh buartha faoi ach ligeann sí dó filleadh go hÉireann. Cuireann sí comhairle ar Oisín chun éirí anuas dá chapall mar tá a fhios aici go gcasfadh sé ina sheanfhear críonna caite.
- (ii)** Bhí cruachás i ndán d'Oisín nuair a d'fhill sé abhaile ó Thír na nÓg. Chuaigh Oisín go dtí na háiteanna ina mbíodh na Fianna ag fiach ach ní raibh cíos, cás ná cathú orthu. Bhí brón an domhain air nach raibh éinne ar a aithne fágtha. I nGleann na Smól, thit sé anuas dá chapall trí thimpiste agus d'iompaigh sé ina sheanfhear críonna caite láithreach. Bhí sé fágtha gan radharc na súl agus bhaist Naomh Pádraig é ag deireadh an scéil. Dúirt an naomh go raibh áit tuilte ag Oisín ar neamh de bharr a fhulaingthe.

- (iii) An tréith bhéaloidis is mó a thaitníonn liom sa scéal ná an bhéim a chuirtear ar uimhreacha áirithe. Is scéal béaloidis é seo a tháinig anuas chugainn ó ghlúin go glúin. Cheap daoine sa tseanaimsir go raibh draíocht ag baint le haon rud a tharlódh faoi thrí. Feictear an nós go láidir sa scéal seo. Cuir i gcás, bhí trí chéad fhear i nGleann na Smól, bhí triúr páiste ag Niamh agus Oisín, chaith Oisín trí oíche agus trí lá ag troid ag le Fómhar Builleach, ag deireadh an scéil, chuir Niamh comhairle ar Oisín faoi thrí. Tríd an scéil ar fad, is léir go bhfuil tábhacht speisialta ag baint leis an uimhir trí.

Ceist 3 (30 m)

- 3A (i)** Tugann an file cur síos an-ghreannmhar dúinn ar an bhfear. Cuireann Ní Dhomhnaill tréithe a leannáin i gcodarsnacht leis an nádúr agus í ag magadh faoin a lochtanna fisiciúla. Tá sí á chur ina luí nach bhfuil sé foirfe in aon chor, “tá ribí a ghruaige...ina WIRE deilgní.” Bíonn sí magúil agus ag spochadh as i gcónaí ach a mhalairt atá i gceist aici. Is é a grá geal é an fear seo. Tá an-dheabhóid aici dó agus is léir go bhfuil siad an-mhór le chéile mar is féidir leis an bhfile bheith magúil agus spráúil leis sa dán seo.

Éiríonn an dán an-dáiríre sa véarsa deireanach nuair a labhraíonn sí go hoscailte, “Ach is cuma sin...” Taispeánann an líne seo go bhfuil a grá dá leannán níos tábhachtaí ná a chuid lochtanna. Molann sí a leannán as a bheith fial flaithiúil léi i gcónaí. Is léir go bhfuil a phearsantacht agus a fhlaithiúlacht níos tábhachtaí di ná a chuma fhisiciúil, “(is nuair a bhíonn sé i ndeá-ghiúmhar caora finiúna.)”

- (ii) Baineann an file úsáid an-éifeachtach as lúbíní chun níos mó eolais as doimhneacht a ghrá a chur in iúl. Bíonn sí searbasach agus magúil sna línte sin ach is léir go bhfuil a grá dá leannán níos tábhachtaí di ná aon ní eile. I ndeireadh na dála tá siad chomh mór sin le chéile gur féidir leo bheith magúil agus spráúil le chéile.
- (iii) Nuala Ní Dhomhnaill is ainm don fhile. Rugadh Ní Dhomhnaill i Lancashire, Sasana i 1952 ach tógadh í i nGaeltacht Chorca Dhuibhne. Bhain sí céim amach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla i gColáiste na hOllscoile Chorcaí. Chaith sí seacht mbliana ina cónaí sa Tuirc. Tá cáil idirnáisiúnta uirthi mar bhanfhile agus tá a cuid filíochta aistrithe go dtí roinnt teangacha eile. Tá sí ina ball d’Aosdána. I measc na cnuasaigh atá foilsithe aici tá *Feis* agus *Pharaoh’s Daughter*.

Ceist 4 (40 m)

- 4A** Is carachtar lárnach é Pádraig Mac Cárthaigh sa dráma *An Triail*. Is carachtar casta go leor é agus téann sé i bhfeidhm go mór ar phlota an dráma. Níos mó ná sin, bíonn tionchar mór aige ar Máire Ní Chathasaigh agus an críoch tragóideach atá roimpi ag deireadh an dráma. San aiste seo a leanas, is mian liom scrúdú a dhéanamh ar a charachtar agus na slite éagsúla ina mbíonn tionchar aige ar shaol Mháire.

Is máistir scoile é Pádraig agus buaileann sé le Máire ag rince sa teach scoile. Is léir dúinn ó thús deireadh an dráma gur duine mímhacánta agus mídhílis é. Tuigeann sé láithreach gur duine óg soineanta í Máire agus níl leis ar bith air dul sa tóir uirthi cé go bhfuil sé pósta cheana féin. Bíonn sé ag cur mealladh faoi Mháire gan stad nuair a bhíonn siad ag siúl abhaile le chéile. Admhaíonn sé go bhfuil sé pósta agus deir sé nach n-oireann a bhean chéile agus é féin dá chéile, tá tinneas éigin uirthi agus tá sé cráite aici. Ní léiríonn sé aon trua dá bhean chéile nuair a deir sé “Tusa a thugann neart dom le cur suas léi féin agus lena cuid cnáimhseála.”

Bíonn caidreamh rúnda ag Pádraig agus Máire cé go mbraitheann Máire ciontach faoi. “Is minic mé á chuimhneamh go bhfuil éagóir á dhéanamh again uirthi.” Bíonn Pádraig an-ghlic i gcónaí, iarrann sé ar Mháire gan faic a rá le haon duine faoin gcaidreamh atá acu le chéile toisc go bhfuil sé buartha go gcaillfidh sé a phost. Ligeann sé air go bhfuil sé chun Máire a phósadh chun an dallamullóg a chur uirthi.

Léiríonn Pádraig a mhídhílseacht arís nuair a fhaightear amach go bhfuil Máire ag iompar clainne. Teitheadh Pádraig agus fágtar Máire gan aon thacaíocht nó cúnamh nuair a bhíonn cabhair ag teastáil go gearr uathí, “An ród atá romham caithfidh mé aghaidh a thabhairt air ina aonar.”

Tugann Máire faoi shaol nua a chothú di féin i mBaile Átha Cliath agus ní fheictear Pádraig arís go dtí deireadh an dráma. Bhí Máire i gcónaí ag súil leis go dtiocfadh Pádraig i gcabhair uirthi. Buaileann sí leis trí thimpiste ag teach Mhailí agus faigheann sí amach go bhfuair a bhean chéile bás agus gur phós sé athuair. Is é seo an radharc is tragóidí sa dráma ar fad. Tugann sé léiriú an-ghrána dúinn ar charachtar Pádraig. Tugann sé striapach ar Mháire agus tugann sé droim láimhe dá iníon. Tá sé an-mhailíseach anseo agus briseann sé croí Mháire. Ní féidir

le Máire an crá croí a sheasamh agus tamall gairid ina dhiaidh maraíonn sí a leanbh agus cuireann sí lámh ina bás féin. Ag deireadh an dráma feicimid Pádraig ina sheasamh ar bhruach na huaighe. Ní nochtann sé aon trua do Mháire ná Pádraigín.

Mar chonclúid, faoi mar a léirigh san aiste seo, bíonn droch-thionchar ag carachtar Phádraig ar Mháire agus an dráma araon. Cuireann a mhímhacántacht, gliceas agus mídhílseacht go mór le críoch brónach an dráma. Tá sé freagrach as mórán don fulaingt agus tragóid sa dráma.

- 4B** Is dírbheathaisnéis cáiliúil é *A Thig ná Tit Orm* le Maidhc Dainín Ó Sé a thugann léargas suimiúil dúinn ar an sórt saoil a bhí ag an údar nuair a bhí sé ag fás aníos i nGaeltacht Chorca Dhuibhne. Ag tosach an leabhair cuireann an t-údar an-bhéim ar laethanta a óige agus na heachtraí go léir a mhúnlaigh é. Is cosúil go raibh óige spráúil, sona aige. San aiste seo a leanas, is mian liom féachaint ar na gnéithe is suntasaí a luann Maidhc Dainín faoi chúrsaí scoile agus na caitheamh aimsire a bhí aige nuair a bhí sé ag fás aníos.

Is léir go bhfuil cuimhní cinn ag Maidhc Dainín ar chúrsaí bunscoile mar is cuimhin leis fós a chéad lá ar scoil. Bhí eagla air ag dul ar scoil den chéad uair ach rinne sé a lán cairde nua go héasca. Is cuimhin leis bheith ag pleidhcíocht agus ag troid le buachaillí eile na háite. Tugann sé cur síos ar “striall den bhfuinseoig” a fháil mar phionóis óna múinteoir. Thar aon ní, is léir gur bhain sé taitneamh as peil nó “caid” mar a thugann sé air a imirt lena chairde. Bhí leis ar Mhaidhc freastal ar an gceardscoil ach thaitin na hábhair phraiticiúla mar ní raibh puinn suime aige sna leabhair. Thaitin an scolaíocht leis mar rinne sé mórán cairde nua agus bhí sé in ann dul ag imirt caide agus ag rámháíocht.

Taobh amuigh de chúrsaí scoile, labhraíonn Maidhc Dainín faoi na caitheamh aimsire a bhí aige nuair a bhí sé óg. Tuigtear dúinn gur duine sóisialta é Maidhc Dainín. De réir sin, thaitin an bhothántaíocht go mór leis. Ní raibh ach dhá raidió sa pharóiste agus bhí ceann amháin ag muintir Uí Shé. Mar sin thagadh daoine ag bothántaíocht chucu go mion minic. Thaitin sé le Maidhc bheith ag éisteacht le scéalta na seandaoine. Chomh maith le sin, thaitin sé go mór le Maidhc bheith ag éisteacht le drámaí Gaeilge agus amhráin mar bhí an-dúil aige i gcúrsaí ceoil.

Thaitin sé go mór le Maidhc Dainín bheith amuigh faoin aer. Tá cuimhní ghéar aige ar a bheith ag iascaireacht lena athair in abhainn na Feothanaí agus tugann sé cur síos ar eachtra greannmhar a tharla dá athair nuair a chuaigh cúrsaí iascaireachta ina choinne. Chomh maith le Eddie Hutch agus buachaillí óga ar chomhaois leo, bhí suim mhór ag Maidhc Dainín sna toitíní. Ba rud an-shóisialta iad a chaitheamh agus is annamh a bhí an t-airgead acu chun iad a cheannach.

Thar aon chaitheamh aimsire eile, thaitin an ceol le Maidhc Dainín. D’fhan a shuim sa cheol leis fad a saoil. Tugann sé cuntas deas dúinn ar bhosca ceoil a ordú agus ceol a fhoghlaim ó mhuintir na háite. Mhol fear darbh ainm Seán Coughlan dó Mhaidhc dul leis an gceol mar bhí “cluas mhaith cheoil” aige dar leis. Tamall ina dhiaidh, fuair sé post ag seinm ag na coláistí samhraidh.

Tríd síos, tugann Maidhc Dainín cur síos deas, suimiúil ar laethanta a óige. Is léir go raibh féith an ghrinn ann ó bhí sé óg. Is léir dúinn go bhfuil cuimhní cinn fós aige ar chúrsaí scoile agus na caitheamh aimsire a bhí aige nuair a bhí sé ag fás aníos.

PÁIPÉAR I

CUID I: CLUASTUISCINT (60 M)

Cuid A (24 m)**FÓGRA A hAON (12 m)**

1. (a) Scoil na mBráithre i mBaile na Lorgan. (2)
(b) Trí chéad caoga cúig (355) dalta. (2)
2. (a) Cúig bliana de thaithí múinteoireachta. (2)
(b) Scileanna maithe ríomhaireachta. (2)
3. Fichiú lúil. (4)

FÓGRA A DÓ (12 m)

1. Ar Lá Eorpach na dTeangacha. (4)
2. (a) Chun léiriú a dhéanamh ar an líon mór teangacha atá á labhairt sa cheantar. (2)
(b) Léigh siad giota as leabhar 'Harry Potter' i gcúig theanga éagsúla. (2)
4. 'An t-Oileánach'. (4)

Note: Is iad seo na huimhreacha a bhí sa phaipéar scrúdaithe.

Cuid B (24 m)**COMHRÁ A hAON (12 m)****An Chéad Mhír**

1. Tá daoine óga na hÉireann níos sásta ná cuid mhór de mhuintir na hEorpa/Réitíonn siad lena gcuid tuismitheoirí/Is maith leo an scoil. (2)
2. Bhí daoine ag gearán. (2)
3. Faigheann daltaí meánscoile in Éirinn níos mó obair bhaile ná aon dream eile san Eoraip. (2)

An Dara Mír

1. Cheap siad go raibh cuid den obair scoile leadránach. (2)
2. Tá an lá níos faide san Eoraip. (2)
3. (a) Óna naoi ar maidin go dtí cúig i ndiaidh a ceathair. (1)
(b) Beidh sé féin agus Máire imithe ón scoil i gceann dhá mhí. (1)

COMHRÁ A DÓ (12 m)**An Chéad Mhír**

1. (a) Ba ar an gcéad lá de mhí na Nollag 1956 a bhuaigh sé an bonn óir agus chruthaigh sé curiarracht nua Oilimpeach: 3 nóiméad 41 soicind. (1.5)
(b) Mar bhí Éire cráite ag an mbochtanas, ag an imirice agus an dífhostaíocht. (1.5)
2. Rugadh é in aice leis an Inbhear Mór i gContae Chill Mhantáin. (3)

An Dara Mír

1. Ghlac sé páirt i gcomórtas lúthchleasaíochta sa meánscoil agus d'éirigh thar barr leis. Bhí sé mar bhall den chlub lúthchleasaíochta ina cheantar féin. (2)
2. Fuair sé scoláireacht lúthchleasaíochta. (2)
3. Ghortaigh sé a chos agus níor tháinig biseach ceart air. (2)

Cuid C (12 m)**PÍOSA A hAON**

1. In Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. (2)
2. Is léachtóir in Ollscoil Uladh é. (2)
3. Is daoine galánta/oscailte/cáirdiúla iad. (2)

PÍOSA A DÓ

1. Comharchumann Inis Meáin. (2)
2. Daonra an oileáin a mhéadú. (2)
3. (a) Beidh daoine ábalta obair ón mbaile. (1)
(b) 098 40267 (1)

CUID II: CEAPADÓIREACHT (100 M)**Aiste (100 m)**

A (a) Bíonn muintir na hÉireann ag gearán gan stad gan staonadh faoi chóras sláinte na tíre seo. Feictear domsa go bhfuil na saineolaithe agus an pobal araon ar chomh intinn go bhfuil géarchéim ann sa chóras sláinte. Cáinte an tAire Sláinte Leo Varadkar agus deirtear go bhfuil an HSE ar fad ina phraiseach. Tugadh gealltanas dúinn go mbeadh córas éifeachtúil againn ina mbeadh sláinte na ndaoine mar phríomhchúram. Ach a mhalairt atá fíor, dar liom.

Tá géarchéim idir lámhe againn mar níl an córas sláinte mar atá sé in ann déileáil leis an méid othar atá ann. San aiste seo a leanas, is mian liom féachaint ar na fadhbanna is mó a bhaineann leis an ngéarchéim sa chóras sláinte agus réiteach a aimsiú más féidir.

Is náire shaolta go mbíonn ar dhaoine feitheamh ar thralaithe nuair a bhíonn siad breoite agus i bpian. Cloistear scéalta go mbíonn na seomraí éigeandála faoi bhrú ollmhór gach aon deireadh seachtaine. Ní féidir leo déileáil le líon na ndaoine a thagann chucu. Is cosúil nach bhfuil a dhóthain spáis nó áiseanna acu chun leigheas a thabhairt do dhaoine. Níl sé féaráilte go mbíonn ar dhaoine breoite feitheamh ar thralaithe nó cathaoireacha ar feadh cúpla uair a chloig chun dochtúir a fheiceáil. Dar ndóigh, cuireann sé seo brú ollmhór ar na banaltraí agus dochtúirí a bhíonn ag déanamh a seacht ndícheall mar níl orthu atá an locht.

Bíonn an easpa leapacha sna hospidéal i gcónaí á phlé sna meáin. Ní dhéanann sé aon chiall dom go ndúntar bardaí agus ospidéal áitiúla mar ní féidir leis na hospidéal eile freastal ar na hothair go léir. Téann na scuainí feithimh in olcas agus sa lá atá inniu ann bíonn ar dhaoine feitheamh ar feadh trí bliana chun coinne a fháil le comhairligh áirithe. Gheall an rialtas dúinn go mbeidh “cúram sláinte uilíoch” againn roimh 2015 ionas go mbeadh cúram sláinte ar fáil do dhaoine saor in aisce. N’fheadar an dtiocfaidh a leithéid ar an saol, ach tá ag éirí go geal leis an gcóras céanna i gCeanada. Níl sé ceart ná cóir go bhfuil córas dhá leibhéal againn sa tír seo. Anuas ar sin tá costas árachais sláinte ag dul ó smacht chomh maith sa tír seo.

Mar is eol do chách, tá fadhbanna sláinte ag dul ó smacht sa tír le blianta anuas. Cuid de na fadhbanna is nua-aimseartha dá bhfuil againn ná fadhbanna mheáchain. Tá borradh tagtha faoi líon na ndaoine (páistí ach go háirithe) a bhíonn brú fola an-ard acu, colaistéaróil nó diaibéiteas acu. Baineann na fadhbanna thromchúiseacha seo leis an ré nua-aimseartha ina mbíonn saol bog, neamhghníomhach ag formhór an daonra. Beidh ar an rialtas comhairle a chuir ar dhaoine faoi conas na fadhbanna a sheachaint ionas nach mbeidh siad ag cur brú ar an gcóras sláinte sa todhchaí.

Mar fhocal scoir, tá córas sláinte na tíre casta go leor agus tá a fhios ag an saol nach féidir an ghéarchéim sin a leigheas thar oíche. Ach caithfidh dul i ngleic leis na teipeanna atá ann cheana féin. Ba chóir don rialtas infheistiú a dhéanamh sa chóras chun fáil réidh leis na liostaí feithimh. Ba chóir dóibh chomh maith banaltraí agus dochtúirí óga a fhostú chun na folúntais go léir a líonadh agus chun fostaíocht a chruthú. Le mórán athraithe bheadh an bhéim arís ar shláinte na ndaoine.

Alt Nuachtáin/Irise (100 m)

C (b) Bhí deis agam le déanaí agallamh a chur ar uachtarán an CLG, Liam Ó Néil. Fuair mé an-chuid eolais uaidh faoi stair agus todhchaí na heagraíochta. Mar is eol do dhaoine is é an CLG ceann de na heagraíochtaí amaitéara is mó sa tír. Tá club CLG i ngach aon baile agus paróiste. Níl amháin go bhfuil tábhacht ag baint leis an CLG in Éirinn ach tá breis is milliún duine ina mball den CLG ar fud an domhain. Labhair Liam go hoscailte liom faoi na dúshláin atá ag an CLG i láthair na huaire agus na féidearthachtaí atá as a gcomhair sa todhchaí.

Bhí saineolas ag Liam stair an CLG. Deir sé go raibh ról lárnach ag an CLG i sochaí na hÉireann ó bunaíodh é sa bhliain 1884. Bunaíodh an CLG chun caomhnú a dhéanamh ar an gcultúr Gaelach, an spórt ach go háirithe. An cúram is mó atá ag an CLG, dar le Liam Ó Néil, ná daoine óga. Múineann an spórt scileanna tábhachtacha ar nós disciplín agus cumarsáid do dhaoine óga. Tugann na clubanna deis do dhaoine óga cairde a dhéanamh agus cabhraíonn sé leo meas a bheith acu ar a mbailte nó paróistí. Tá an-mheas ag Liam Ó Néil ar an seanfhocal 'mol an óige agus tiocfaidh sí' mar sin an sprioc atá acu sa CLG.

Maidir leis na féidearthachtaí atá ag an eagraíocht faoi láthair, níor chuir sé aon ionadh orm fáil amach gur chuir an cúlú eacnamaíochta isteach go mór ar an CLG. "An dúshlán is mó atá againn faoi láthair ná ganntanas airgid," a deir Ó Néil. Tá sé ríthábhachtach don CLG go bhfuil Etihad ag déanamh urraíochta ar na cluichí. Tá sé ag éirí níos deacra don CLG seirbhísí a sholáthar dá gclubanna agus caithfidh siad iarracht níos mó a dhéanamh airgead a thuilleamh. Dar le Ó Néil, chabhraigh Bliain na Gaeilge agus 'The Gathering' go mór leo maidir le cúrsaí margaíochta.

In ainneoin cúrsaí airgid is léir go bhfuil mórán féidearthachtaí ag an CLG chomh maith. Cuireann na pobail éagsúla an-mheas ar imreoirí an CLG agus mar sin bíonn sé chomh maith do na himreoirí sin rudaí a dhéanamh ar son na ndaoine. Beidh Liam Ó Néil ag iarraidh ar imreoirí óga obair dheonach a dhéanamh sa phobal idir bheith ag cabhrú le seandaoine agus scileanna spóirt a mhúineadh do pháistí. Tá dlúthbhaint ag an CLG leis an gcultúr Gaelach freisin. Labhraíonn na captaein as Gaeilge ag gach cluiche ceannais agus tugann sé le fios do dhaoine go bhfuil an teanga beo beathach. Beidh ról ag an CLG le dul chun cinn na Gaeilge amach anseo. Beidh siad ag cur ranganna Gaeilge ar fáil go háitiúil agus beidh siad ag iarraidh ar imreoirí agus bainisteoirí iarracht níos fearr a dhéanamh Gaeilge a úsáid ar an bpáirc.

Mar chonclúid, ba oscailt súil dom é an chaint a bhí agam le Liam Ó Néil. Bhain mé idir taitneamh agus tairbhe as éisteacht faoi stair na heagraíochta. Cé go bhfuil go leor dúshláin ag an CLG, táim sásta a rá anois go bhfuil todhchaí gheal i ndán dóibh chomh maith.

Díospóireacht/Óráid (100 m)

D (b) A dhaoine uaisle, a chomhghleacaithe agus a thuismitheoirí, is mise Máire Ní Mhurchú agus táim os bhur gcomhair anocht chun caint a thabhairt faoi fhiúntas na scoile. Faoi mar a léireoidh mé i mo chuid cainte anocht, táim i bhfabhar an rúin go bhfuil fiúntas, tairbhe agus tábhacht ag baint leis an gcóras scoile. Bhí mórán againn gearánach faoi chóras scoile toisc go rabhamar faoi bhrú i mbliana le cúrsaí Ardteistiméireachta. Ach ag féachaint siar anois, táim den tuairim gur bhaineamar go léir idir taitneamh agus tairbhe as an oideachas a fuairamar anseo. Tá súil agam ag deireadh na hoíche go n-aontóidh sibh liom go bhfuil fiúntas ag baint le cúrsaí scoile.

Ar an gcéad dul síos, a dhaoine uaisle, ní féidir a shéanadh ach go n-ullmhaíonn an scoil sinn don saol mór. Inseoidh mé daoibh cén fáth. Is minic a bhímid ag gearán go gcuireann an scoil brú orainn idir scrúduithe agus obair bhaile. B'fhéidir gur crá croí iad na coinníollacha seo ach ullmhaíonn siad sinn do na dualgais a bheidh againn sa todhchaí. Taispeánann an Ardteistiméireacht dúinn go bhfuil dianobair agus díograis ag teastáil chun dul chun cinn a dhéanamh sa saol mór. Rud eile go mbíonn a lán caint air ná rialacha na scoile. Dar ndóigh, ceapaimid mar dhaltaí go gcuireann na rialacha do chuid brú orainn agus go mbaintear ár saoire dinn ar scoil. Ach más féidir linn cuimhneamh anois air, tugaimid faoi deara go bhfuil ciall ag baint leo. Nach bhfuil rialacha ag baint le gach gné den saol a dhaoine uaisle? Bhuel, múineann rialacha scoile dúinn go bhfuil disciplín agus smacht mar pháirt den saol mór freisin.

Déarfainn go bhfuilimid ar chomhaintinn nuair a deirim go dtaitníonn corp oideachais le gach aon dalta scoile. Tugann na seisiún spóirt seo sos riachtanach do dhaltaí ó bhrú na hArdteistiméireachta. Tá fiúntas ag baint leo chomh maith mar múineann siad dúinn faoi thábhacht an spóirt. Taispeántar dúinn go gcaithimid aire a thabhairt dúinn féin idir chorp agus intinn mar taispeánann an Ardteistiméireacht go bhfuil babhtaí strus sa saol dosheachanta. Is slí an-éifeachtach é an spórt agus cleachtadh coirp chun brú na scoile agus brú an

tsoil a íslíú. Múineadh dúinn i ranganna coirp oideachais faoi obair foirne agus cairdeas, scileanna a bheidh ríthábhachtach dúinn amach anseo.

Mar is eol daoibh, a dhaoine uaisle, is ábhar riachtanach í an Ghaeilge i gcomhair na hArdteistiméireachta. Tá an-chuid obair agus staidéar i gceist dar ndóigh. Ach tá na hathraithe maidir leis an gcúrsa Gaeilge le moladh. Is fiú 40% anois an bhéaltriail. Mar sin bhí deis iontach againn i mbliana Gaeilge a chleachtadh mar theanga labhartha. Tá fiúntas ag baint le cúrsa nua na Gaeilge mar taispeánann sé dúinn gur teanga bheo bhríomhar atá inti agus gur fiú í a labhairt amach anseo.

Bhuel, a dhaoine uaisle, tá deireadh ag teacht le mo chuid cainte anocht. Tá súil agam gur chuir mé ina luí oraibh go bhfuil fiúntas agus tairbhe ag baint le cúrsaí scoile. Cé go bhfuil strus agus obair chrua ag baint leis, tá ár gcóras scoile fós le moladh. Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis na tuismitheoirí agus múinteoirí go léir a chabhraigh agus a thacaigh linn i mbliana. Anuas ar sin ba mhaith liom gach rath a ghuí ar mo chomhghleacaithe sa todhchaí. Go n-éirí go geal libh go léir. Tá súil agam ag an bpointe seo go n-aontaíonn sibh liom go bhfuil fiúntas ag baint le cúrsaí scoile.

Oíche mhaith agus slán abhaile.

PÁIPÉAR II

Ceist 1 (100 m)

Curadh Oilimpeach a Dearmadadh (50 m)

- A 1. (a)** Is éard atá i gceist le teist an fhíorlaoich ná an peantatlan agus an deacatlan. **(3.5)**
- (b)** An t-éacht a rinne Jim Thorpe ná rug sé an bua leis sa Pheantatlan agus sa Deacatlan i gcluichí Stócólm i 1912. **(3.5)**
- 2. (a)** Tharla sé go raibh fuil Indiach i Jim mar d'fhág seanathair Jim an tír seo aimsir an Ghorta Mhóir... Chuir sé faoi in Oklahoma, áit gar d'áit ina raibh Indiaigh agus phós mac leis duine de na hIndiaigh. **(3.5)**
- (b)** Bhí cumas lúthchleasaíochta Jim le feiceáil ar pháirc na peile. Chuaigh sé go Carlisle mar ghnóthaigh sé scoláireacht chuig scoil i Carlisle. **(3.5)**
- 3. (a)** Tharraing sé spéis traenáilthe na scoile nuair a ghlan sé barra ag cúig troithe naoi n-orlach sa léim ard agus é fós ina ghnáthéadaí scoile. **(3.5)**
- (b)** Chuaigh sé go Carolina mar tugadh cuireadh dó dul ag imirt i sraith leathghairmiúil. Caitheadh go maith leis nuair a bhí daoine ann a mhol é as feabhas a chumais lúthchleasaíochta. Caitheadh go dona leis nuair a mhaslaigh daoine é mar gheall ar a fhuil Indiach. **(3.5)**
- 4. (a)** Cuireadh i leith Jim gur thuill sé airgead as peil Mheiriceánach. **(3.5)**
- (b)** Thacaigh siad le Jim nuair a dhiúltaigh an bheirt lúthchleasaithe a bhain na boinn airgid glacadh leis na boinn óir nuair a tairgeadh dóibh iad. Dar leo, gearradh pionós ar Jim mar bhí an t-éad agus an ciníochas ag spreagadh an dream a chuir ina choinne. **(3.5)**
- 5. (a)** Chaith sé a shaol ina dhiaidh ag imirt peil Mheiriceánach go gairmiúil agus ag obair mar thraenálaí. **(3.5)**
- (b)** Bhronn siad na boinn óir a bhuaigh Jim ar a chlann mar d'aithin an IOC mar churadh dlisteanach Oilimpeach é. Tharla an bronnadh sin sa bhliain 1983. **(3.5)**
- 6. (a)** Tuiseal Ginideach Iolra: (Anam) **na gcluichí**
Briathar saor: **Caitheadh (7.5)**
- (b)** Is léir ón sliocht seo go raibh difríocht mhór idir dearcadh an phobail agus dearcadh an IOC ar dhaoine mar Jim Thorpe. Tá sé le sonrú go raibh dearcadh dearfach ag an bpobal mar mhol siad Jim as na scileanna lúthchleasaíochta a léirigh sé nuair a bhí sé óg. Cuirim i gcás: "Ghnóthaigh Jim scoláireacht lúthchleasaíochta chuig scoil i gcathair Carlisle." Bhí dearcadh diúltach ag an IOC mar thóg siad na boinn óir ó Jim Thorpe toisc gur cuireadh ina leith go raibh sé ag fáil airgid ón pheil Mheiriceánach ach bhí fios ag an saol go raibh sé seo ar siúl ag mórán lúthchleasaithe eile, "Bhí Jim agus a lucht leanúna cinnte de nár le díograis don amaitéarachas a baineadh na boinn de ach go raibh an t-éad agus an ciníochas ag spreagadh an dreama a chuir ina choinne." **(7.5)**

An Sonas agus an Donas in Salvador (50 m)

- B 1. (a)** Bhí íomhá diúltach ag an údar den saol sna favelas bunaithe ar na scannáin a bhí ar taispeáint in Éirinn ag an am. **(3.5)**
- (b)** An tráth a mheall an t-údar ná an meon dóchasach sona. Bheartaigh sé fanacht leo ag súil go scaoilfidís rún a gcuid sonais leis. **(3.5)**
- 2. (a)** D'fhulaing siad ag lámha na bPortaingéalach mar chuir siad na bundúchasaigh na háite ag obair ar na láithreacha tógála agus ar na plandálacha siúcra. **(3.5)**
- (b)** Tháinig na favelas ar an saol nuair a caitheadh formhór na ndaoine gorma amach as na plandálacha. Lonnaigh siad ar na cnoic ar imeall na cathracha. Tá fás mór fúthu mar tá a lán de na feirmeoirí beaga ag tréigean na tuaithe agus ag plódú isteach sna cathracha. **(3.5)**
- 3. (a)** Deir siad nach favela é Loteamento mar is úinéirí dleathacha san áit iad. **(3.5)**
- (b)** Dar leis an údar na rudaí is luachmhaire atá acu ná sonas agus buaine na clainne. Baineann spioradáltacht muintir Shalvador leis an gcreideamh Condomblé a rug siad leo ón Afraic. **(3.5)**
- 4. (a)** Is íobartaigh de chuid an impiriúlachas iad mar baineadh a saoirse agus a teanga díobh agus brúdh faoi chois iad. Na haingil choimhdeachta ná Jemanja, bandia na mara agus Oxaquia, dia an chirt agus na córa. **(3.5)**
- (b)** Oireann sé dó mar le fad a chuimhne ní fhéadfadh sé maireachtáil gan radharc aige ar an bhfarraige agus ó thaobh cirt agus córa de is sóisialach go smior é. **(3.5)**
- 5. (a)** An fhírinne ghránna atá i gceist ná mharaigh na póilíní 137 duine sa troid shíoraí in aghaidh na mangairí drugaí. **(3.5)**
- (b)** An dearcadh atá acu ná gurbh é an t-oideachas an tslí is éifeachtaí le dul in aghaidh sa saol. Léiríonn Nueza agus a mhac an dearcadh seo mar téann an bheirt acu ag obair i rith an lae agus san oíche bíonn siad le chéile ar rang meánscoile. **(3.5)**
- 6. (a)** Briathar saor: **Tuigtear**
Ainmfhocal sa ghinideach uatha: (Cathair) **Shalvador (7.5)**
- (b)** Is sliocht tuairisciúil é seo i mo thuairim. Is léir gur seo an genre atá i gceist mar:
- Tugann an t-údar cur síos cuimsitheach dúinn ar shaol na favelas agus conas go bhfuil siad difriúil ón íomhá dhiúltach a bheadh ann dóibh sna scannáin fúthu. Mar shampla, labhraíonn sé faoi shástacht na ndaoine. "San áit dhearóil sin, níor tháinig lá nach raibh an meon dóchasach sona is nádúr dóibh ar taispeáint don saol." Anuas ar sin, tugann sé sainmhíniú dúinn ar stair na favela agus conas gur tháinig siad ar an saol agus conas gur chuir an sclábhaíocht isteach go mór ar bhundúchasaigh na háite. Mar shampla: "Idir 1534 agus 1850 tógadh 4 mhiliún duine gorm go dtí an Bhrasaíl ina sclábhaithe. Anois is daoine gorma Afra-Bhrasaíligh – iad 80% de dhaonra Shalvador." **(7.5)**

Ceist 2 (30 m)

2A Is úrscéal é 'Hurlamaboc' ina bhfuil Lisín mar phríomhcharachtar ann. I mo thuairim pearsanta féin is léiriú í a carachtar ar na luachanna sa saol nua-aimseartha. Measaim gur roghnaigh Eilís Ní Dhuibhne an carachtar seo chun léargas a thabhairt dúinn ar an saol nua-aimseartha. An saol teaghlaigh nua-aimseartha ach go háirithe. Tríd an scéal ar fad, faighimid cur síos ar a iompar agus a dearcadh. Úsáideann an scríbhneoir a carachtar chun gnéithe den saol nua-aimseartha a phlé linn.

Taispeánann carachtar Lisín go mbíonn gach éinne sa cheantar ag iarraidh coimeád suas le muintir mhic Eoin agus is léir gur bean tí idéalach í Lisín i súile na gcomharsan. Tá Lisín ag ullmhú do chóisir gan stad gan staonadh. Teastaíonn uaithi go mbeadh gach rud foirfe don "fhéile chaithréimeach" mar deir sí go bhfuil sé an-tábhachtach di go mbeadh na daoine comharsan "ite le formad". Léiríonn sé seo go bhfuil íomhá phobail an-tábhachtach sa saol nua-aimseartha.

Tá sí ardnósach, tá a híomhá an-tábhachtach di. Cuirtear an-bhéim ar an tslí ina bhfuil sí dathúil agus faiseanta. Cuirtear ina luí orainn nach raibh éinne eile ar Ascaill na Fuinseoige chomh néata nó chomh hálainn le Lisín. Tá an scríbhneoir ag tarraingt ár n-aird ar ghnéithe diúltacha den saol nua-aimseartha. Cé go bhfuil Lisín foirfe, cáinteann éinne sa cheantar nach bhfuil mar an gcéanna. Luaitear bean darbh Eibhlín Ní Loingsigh agus is léir dúinn go bhféachtar anuas uirthi toisc nach bhfuil gruaig fhionn uirthi agus nach bhfuil sí chomh néata leis na mná eile.

Cuirtear an-bhéim ar stádas an teaghlaigh agus an saibhreas sa scéal seo. Léiríonn an cur síos ar theaghlach Lisín go bhfuil an-bhéim ar saibhreas agus ábharachas sa saol atá inniu ann. Is léir sa scéal seo go bhfuil Lisín an-bhródúil as an rath agus rathúnas atá bainte amach ag a teaghlach. Bíonn sí ag maíomh nach mbíonn uirthi post a fháil toisc go bhfuil post an-mhaith ag a fear céile Pól. Is léachtóir é agus tuileann sé airgead chomh maith as infheistíocht idirlín.

Mar chonclúid, faoi mar a léirigh mé san aiste seo léiríonn iompar agus luachanna Lisín gnéithe suimiúla den saol nua-aimseartha. Taispeánann Lisín agus dearcadh a teaghlaigh go bhfuil an-bhéim ar ábharachas, stádas agus airgead sa saol teaghlaigh nua-aimseartha.

Ceist 3 (30 m)

- 3A (i)** Léiríonn na híomhánna agus na fuaimeanna sa dán seo go leor faoi mheon an fhile. Nochtann na híomhánna na rudaí is fearr leis ina áit dúchais. Tá na híomhánna an-soiléir agus tugann siad cur síos dúinn ar áilleacht na háite agus an tsíocháin a bhaineann leis an gceantar, “is an fheamainn dhearg ag lonrú/l dtaitneamh gréine/ Ar dhuirling bháin.” Léiríonn na híomhánna a úsáideann an file an meas atá aige ar obair na ndaoine. “Fear ag caitheamh/cliabh dá dhroim”. Nochtann na fuaimeanna an suaimhneas a bhraitheann sé sa bhaile ar Oileán Árann. Cuireann an file síocháin na háite in iúl nuair a dhéanann sé cur síos ar ghlór síochánta na farraige: “Toll-bhuillí fanna/Ag maidí rámha.” Idir na híomhánna agus fuaimeanna a úsáidtear sa dán seo is léir go ndeachaigh áit dúchais an fhile go mór i bhfeidhm ar shamhlaíocht an fhile. Nochtann sé a ghrá buan dá áit dúchais sa dán cumhach seo.
- (ii)** Déanann an Direánach athrá ar an bhfrása “San Earrach Thiar” ag deireadh gach véarsa agus cruthaíonn sé seo an-éifeacht sa dán. Cuireann an t-athrá béim ar áit agus am idéalach mar atá sé i gcuimhne an fhile. Chomh maith le sin cuireann sé le leanúnachas an dáin toisc go gcríochnaíonn gach véarsa sa tslí chéanna.
- (iii)** Rugadh Máirtín Ó Direáin in Oileáin Árann sa bhliain 1910. Chaith sé cuid mhaith dá shaol ag obair mar chléireach sa Ghaillimh agus mar státseirbhíseach i mBaile Átha Cliath. Níor thaitin saol na cathrach leis, bhí fonn i gcónaí air filleadh ar a áit dúchais. Foilsíodh roinnt cnuasaigh leis ar nós ‘Ár Ré Dhearóil’ agus ‘Feamainn Bhealtaine’. Fuair sé bás sa bhliain 1988 i dteach altranais i mBaile Átha Cliath.

Ceist 4 (40 m)

4A Is dráma réabhlóideach agus dúshlánach é ‘An Triail’ le Máiread Ní Ghráda a léiríodh den chéad uair in Amharclann an Damer sa bhliain 1962. Baineann an dráma go dlúth le fulaingt an phríomhcharachtair Máire Ní Chathasaigh agus na deacrachtaí a bhí aici mar mháthair shingil. Anuas ar sin, tugann an dráma léiriú cuimsitheach ar an bhfimíneacht a bhí ann go forleathan i sochaí na seascaidí. San aiste seo a leanas is mian liom samplaí den fhimíneacht a aimsiú agus anailís a dhéanamh ar conas a chuir an fhimíneacht sin isteach ar an bpríomhcharachtar.

Is cúis bhróin agus náire é go mbuaileann Máire leis an bhfimíneacht sa bhaile. Tuigimid go raibh tabhairt suas an-cráifeach ag Máire. Chuir a máthair an-bhéim ar an gcreideamh Caitliceach agus bhíodh sé de nós acu go léir an Choróin Mhuire a rá gach oíche. Nuair a fhaigheann a teaghlach amach go bhfuil sí ag iompar clainne gan a bheith pósta is beag carthanacht Chríostaí a léirítear do Mháire. Mar a deir a máthair léi: “Í féin a tharraing an trioblóid uirthi féin.”

Ní chabhraíonn a deartháireacha léi fiú nuair a bhíonn tacaíocht agus cabhair ag teastáil go géar uaithe. “Tharraing sí náire shaolta orainn i láthair na gcomharsan.”

Cuireann Pádraig go mór le fulaingt Mháire chomh maith. Nuair a fhaightear amach go bhfuil Máire ag iompar clainne bíonn sí imeallaithe sa sochaí agus bíonn uirthi éalú ón gconspóid agus dul go Baile Átha Cliath. Feicimid Máire ag fulaingt nuair a thréigeann Pádraig, athair an linbh í. Tugann sé cúl di agus ní thagann sé i gcabhair uirthi in aon chor toisc go bhfuil sé buartha faoina stádas sa phobal. Tá eagla air go gcaillfeadh sé a phost dá bharr. Is sampla arís é seo den fhimíneacht. Is duine de cholún na sochaí é ach ní sheasann sé le Máire bhocht: “An ród atá romham caithfidh mé aghaidh a thabhairt air i m’aonar”.

Tagann an fhimíneacht chun solais arís nuair a fhaigheann Máire fostaíocht le Bean Uí Chinsealaigh. Tá Bean Uí Chinsealaigh lán sásta ligean do Mháire aire a thabhairt dá cúigear iníon ach nuair a fhaigheann sí amach go bhfuil Máire ag iompar clainne teastaíonn uaithe bata agus bóthar a thabhairt di láithreach. “Ní fhéadfainn iad a

fhágáil i mbaol caidrimh lena leithéid. Cad a déarfadh na comharsana?" Bíonn Máire ag fulaingt arís mar cuireann Bean Uí Chinsealaigh agus an t-Oibrí Sóisialta Máire ar aghaidh go dtí teach tearmainn agus ní bhíonn an dara rogha ag Máire bhocht.

Feicimid an sampla is tragóidí don fhimíneacht sa radharc ina dtiteann an teach lóistín Mháire anuas. Ní bhíonn duine ná deoraí buartha faoina leanbh agus ní thugann éinne cead isteach di ach amháin Mailí. Ceistíonn Seáinín an Mhótair fimíneacht na sochaí sa radharc seo nuair a deir sé: "Cé a deir gur tír Críostaí é seo?"

Mar chonclúid, tríd an dráma seo go léir faightear léiriú ar an bhfimíneacht a bhí le brath i sochaí na hÉireann sna seascaidí. D'fhéadfaimis a rá gur go raibh Máire Ní Cathasaigh cráite ar fad ag an bhfimíneacht agus claonadh seo agus gur fhulaing sí mórán roimh a bás tragóideach.

4B Is dírbheathaisnéis mór le rá é 'A Thig ná Tit Orm' le Maidhc Dainín Ó Sé a thugann léargas den scoth dúinn ar an sórt saoil a bhí ag an údar nuair a bhí sé ag fás aníos i gCorca Dhuibhne. Faighimid eolas ann ar nósanna na Gaeltachta agus na heachtraí agus na daoine is mó a chuaigh i bhfeidhm air nuair a bhí sé óg. Na gnéithe is suaithinsí i gcuntas a óige ná an cur síos a thugann sé ar ghreann agus ar cheol. San aiste seo a leanas is mian liom anailís a dhéanamh ar na gnéithe sin in óige an údair.

Is léir don léitheoir go bhfuil cuimhní cinn ag an údar ar a óige. Anuas ar sin is léir go bhfuil féith an ghrinn ann agus dá réir baineann mórán dá chuntas óige leis an ngreann agus eachtraí greannmhara a tharla do Mhaidhc Dainín. Cuireann an t-údar an-bhéim ar na laethanta a chaith sé ar an mbunscoil. Is léir gur mhúnlaigh na laethanta seo é mar is an ar an mbunscoil a rinne Maidhc Dainín mórán cairde. Tugann sé mórán cur síos ar an tslí ina mbíodh sé i gcónaí ag pleidhcíocht agus ag spochadh, agus cairde ar nós Tomás.

Insíonn Maidhc Dainín faoi eachtra ghreannmhar a tharla dó féin agus a athair nuair a bhí siad ag iascaireacht tráth. Is léir go raibh scileanna maithe foghlamtha acu chun teacht ar bhradáin in abhainn na Feothanaí. Ach d'fhéadfá a rá go bhfuair bradán amháin an lámh in uachtar orthu lá amháin. Shá a athair an bradán le píce ach ní bhfuair an t-iasc bás. Briseadh ar an bpíce, theith an bradán agus thit athair Mhaidhc isteach san abhainn agus a phíp fós ina bhéal aige. Is léir gur bhain Maidhc Dainín an-taitneamh as an eachtra seo.

Nuair a bhí Maidhc Dainín ag fás aníos bhí an-dúil aige agus na buachaillí eile sa cheantar i dtoitíní. Bheartaigh ar Mhaidhc Dainín agus a chairde ar phlean greannmhar chun airgead a thuilleamh chun toitíní a cheannach dóibh féin. "Ní thagann ciall roimh aois" an seanfhocal a luann Maidhc Dainín maidir leis an dúil a bhí aige sna toitíní ó bhí sé dhá bhliain déag d'aois. Bheartaigh sé ar uibheacha a ghoid ó fhear comharsan darbh ainm Meex agus iad a dhíol le bainisteoir na huachtarlainne. Bhí ag éirí go breá leis go dtí gur inis an bainisteoir an scéal lena thuismitheoirí agus bhí raic ann sa teach!

Gné eile a bhí an-tábhachtach i saol an údair nuair a bhí sé ag fás aníos ná cúrsaí ceoil. Is léir dúinn go raibh an-suim ag Maidhc Dainín sa cheol sular fuair sé amach go raibh bua ceoil aige féin. Bhí raidió ag teaghlach Mhaidhc agus thagadh na daoine comharsan ag bothántaíocht chucu chun éisteacht le cúrsaí nuachta agus cláir siamsaíochta. Tuigtear dúinn go raibh Maidhc óg faoi dhraíocht ag an gceol mar thaitin cláracha ceoil agus drámaí Gaeilge go mór leis.

Deir Maidhc Dainín linn gur thaitin an bosca ceoil leis "níos mó ná gléas ar bith eile." Chabhraigh a dheartháir Páidí agus a mháthair leis bosca ceoil a ordú ó Bhaile Átha Cliath. Thug fear sa cheantar darbh ainm Seán Coughlan cúpla nod dó i dtaobh an cheoil agus dúirt sé go raibh cluas mhaith cheoil ag Maidhc. Tamall ina dhiaidh, bhí Maidhc in ann obair a fháil ag seinm cheoil ag na céilithe a bhíodh ar siúl i rith an tsamhraidh. Lig sé seo dó feabhas a chur ar a scileanna agus bualadh le daoine nua.

Mar fhocal scoir, is léir dúinn ó na cuntais thuasluaite go raibh óige an-deas agus spráúil ag Maidhc Dainín. Tugann sé cuntas bríomhar agus soiléir dúinn ina bheathaisnéis ar na gnéithe is mó a chuaigh i bhfeidhm air ina óige: an greann agus an ceol.

PÁIPÉAR I
CUID I: CLUASTUISCINT (60 M)

Cuid A (24 m)**FÓGRA A hAON (12 m)**

1. (a) Cumann Ailse na hÉireann. (2)
(b) Is tráchttaire spóirt é. (2)
2. Cnoc Bréanainn. (4)
3. (a) €50 d'urraíocht a bhailiú. (2)
(b) Scaipfear na cártaí urraíochta. (2)

FÓGRA A DÓ (12 m)

1. Searmanas cuimhneacháin. (4)
2. (a) Fear an tí. (2)
(b) Mar amhránaí sean-nós. (2)
3. (a) Gael-Linn. (2)
(b) Ceol agus amhráin. (2)

Cuid B (24 m)**COMHRÁ A hAON (12 m)****An Chéad Mhír**

1. Ceolchoirm Oxegen, Baile Phúinse. (2)
2. D'fhág sé ró-dhéanach é. (2)
3. Tada. (2)

An Dara Mír

1. Crannchur san oifig. (2)
2. A col cheathrair, Sinéad. (2)
3. (a) Go mbeadh sé fuar. (1)
(b) Folctha te. (1)

COMHRÁ A DÓ (12 m)**An Chéad Mhír**

- (a)** Níl aon cheann i nGaeilge. **(3)**
(b) Iris ina mbeadh Gaeilge agus Béarla ann. **(3)**
- Bheadh an costas ró-mhór. **(6)**

An Dara Mír

- Tá siad leamh agus seanchaite. **(2)**
- Níl mórán iriseoirí le hardchaighdeán Gaeilge. **(2)**
- Ní raibh Foinse in ann íoc as féin. **(2)**

Cuid C (12 m)**PÍOSA A hAON**

- Gaeltacht Chonamara. **(2)**
- T-léinte le manaí Gaeilge. **(2)**
- (a)** Earraí cniotáilte. **(1)**
(b) Suíomh gréasáin. **(1)**

PÍOSA A DÓ

- Do mhic léinn Gaeilge i gColáiste na hOllscoile BÁC. **(2)**
- Lacáistí ar bhia sa bhialann. **(2)**
- 24 (ceithre scoláireacht is fiche). **(2)**

CUID II: CEAPADÓIREACTH (100 M)

Aiste (100 m)

A (b) Le blianta beaga anuas, tá an-bhéim á chur ar dhaoine cáiliúla sna meáin. Is léir go mbeimid gafa le daoine cáiliúla mar bímid de shíor ag léamh fúthu sna nuachtáin agus ag tnúth leis na ráflaí is déanaí fúthu. Tá iriseoirí áirithe den tuairim go bhfuil an iomarca béime ar dhaoine cáiliúla sa lá atá inniu ann. An fhadhb a bhaineann leis seo, dar leis na saineolaithe, ná go mbíonn tionchar an-mhór ag na daoine atá i mbéal an phobail ar an tsochaí nua-aimseartha. San aiste seo a leanas is mian liom féachaint ar thriúr cáiliúil agus an tionchar atá acu ar sochaí na tíre.

Bean amháin atá i mbéal an phobail sa tír seo ná Katie Taylor. Dar ndóigh tá tionchar an-mhaith aici ar dhaoine óga na tíre. Bhíomar go léir faoi dhraíocht ag na lúthchleasaithe a ghlac páirt sna cluichí Oilimpeacha a bhí ar siúl i Londain i 2012. Ábhar inspioráide a bhí ann nuair a bhuaigh Katie Taylor an bonn óir sa dornálaíocht. Bhí sé go hiontach bheith ag féachaint ar lúthchleasaí i mbarr a maitheasa ag dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta. Thaispeáin Katie Taylor gur fiú do chroí dhícheall a dhéanamh sa spórt agus sa saol. Anuas ar sin, thug sí ardú meanman don tír ar fad lena bua dochreidte.

Eiseamláir den scoth ab ea Lance Armstrong do dhaoine óga tráth. Bhíodh sé ag sárú curiarrachtaí domhanda os comhair phobal an domhain. Chreid na meáin agus a lucht leanúna go raibh na boinn tuilte aige as na híobairtí agus an traenáil a rinne sé. Fuair sé an lámh in uachtar ar ailse chun an Tour de France a bhuanach seacht n-uaire. I ndeireadh na dála thit sé amach go raibh sé ag glacadh substaintí chun cabhrú leis dul chun cinn a dhéanamh mar lúthchleasaí. Chuir an scannal laghmhisneach agus díomá ar mhórán daoine. Cé go mbíonn Lance fós i mbéal an phobail is léir go bhfuil an meas a bhí air cailte anois aige.

Mar uachtarán Mheiriceá, is minic a bhíonn Barack Obama i mbéal an phobail. Nuair a thug Barack Obama cuairt ar an tír seo ar an lá stairiúil sin i 2011, thug sé inspioráid dúinn ar mhórán slite. Labhair sé go misniúil agus go cumasach faoi stádas na tíre, na fadhbanna eacnamaíochta atá againn agus an dóchas buan atá i ndán dúinn mar náisiún. Mhol sé dúinn meas a bheith againn ar oidhreacht na tíre. Mhol sé dúinn ár dteanga féin a úsáid mar labhair sé píosa Gaeilge nuair a bhí sé in Éirinn. Mar is eol do chách, is scéal casta é scéal na Gaeilge ach thaispeáin Obama gur féidir linn í a fhoghlaim agus a úsáid.

Mar chonclúid, faoi mar a léirigh mé san aiste seo is léir go mbíonn an-thábhacht ag baint leis na daoine atá i mbéal an phobail. Mar a thaispeáin mé leis na samplaí thuasluaite, bíonn deá-thionchar nó droch-thionchar ag daoine cáiliúla ar shochaí na tíre agus ar dhaoine óga ach go háirithe.

Alt Nuachtáin/Irise (100 m)

C (b) Bíonn daoine óga i gcónaí á gcáineadh ag na meáin chumarsáide. Cruthaítear droch-íomhá de dhéagóirí sna nuachtáin ach go háirithe. Dar leo tá gach uile dhuine óg leisciúil agus míshláintiúil. A mhalairt ar fad atá fíor, dar liom. Táimse go láidir den tuairim go bhfuil daoine óga na hÉirinn díograiseach agus freagrach agus fuinniúil. Tá go leor samplaí agam a léiríonn do chách nach fiú bheith ag caitheamh anuas ar dhaoine óga.

Tá an chuid is mó de dhaoine óga eolach maidir le cúrsaí sláinte. Tuigtear go gcaitear aire a thabhairt don chorp agus intinn. Le blianta beaga anuas tá béim á chur ar bhia sláintiúil inár scoileanna go léir. Bíonn formhór na ndaoine óga ar m'aithne ag tabhairt aire dóibh féin agus déanann siad iarracht bheith sláintiúil maidir le cúrsaí bia agus bia gasta agus rudaí milse a sheachaint.

Anuas ar sin, bíonn daoine óga an-tugtha don spórt. Ní bhíonn siad riamh díomhain toisc go mbíonn siad i gcónaí ag traenáil agus ag cleachtadh a rogha spóirt. Tuigtear go dtugann cleachtadh an spóirt níos mó fuinneamh dóibh agus cabhraíonn sé leo bheith níos sláintiúla agus níos aclaí. Chomh maith le sin, múineann an spórt scileanna uilíocha dóibh ar nós: díograis agus disciplín.

Ní fhéadfá a rá go bhfuil daoine óga leisciúil. Féach an méid brú a bhíonn ar dhaltá na hArdteistiméireachta. Bíonn ar dhaoine óga an lá ar fad a chaitheamh ag scríobh agus ag foghlaim ar scoil. Anuas ar sin, bíonn sé de dhualgas orthu an oíche ar fad a chaitheamh ag staidéar agus ag dul siar ar nótaí. Is annamh a bhíonn am spártha ag daltaí ardteiste chun sos a ghlacadh nó caitheamh aimsire a bheith acu. Níos measa ná sin, bíonn brú orthu maidir le rás na bpointí agus a rogha cúrsa ollscoile a aimsiú.

Is bliain é an t-idirbhliain ina mbíonn mórán daoine óga in ann rudaí nua a thriáil. Tapaíonn mórán acu an deis chun obair dheonach a dhéanamh. Déantar obair fhiúntach ar son carthanachta. Cuirim i gcás, bailítear airgid, múintear scileanna ríomhaire do sheandaoine agus cabhraítear le heagraíochtaí carthanachta. Is seans é an t-idirbhliain chun scileanna sóisialta a fhorbairt agus chun cabhrú le daoine eile.

Cé go bhfuil mórán dúshláin ag daoine óga, bíonn an formhór acu ag iarraidh a seacht ndícheall a dhéanamh. Caithfear cuimhneamh ar an seanfhocal: 'Mol an óige agus tiocfaidh siad.' Ní dream leisiciúil nó míshláintiúil iad daoine óga in aon chor. Bíonn siad go léir gníomhach idir scoil, spórt agus obair.

Díospóireacht/Óráid (100 m)

D (a) A dhaoine uaisle,

Is mise Síle agus táim i bhfabhar an rúin go bhfuil meath i ndán do na Gaeltachtaí in Éirinn. Tá a fhios agam go bhfuil an tuairim sin dólásach go leor ach míneoidh mé daoibh cén fáth go bhfuil meath ag teacht ar na ceantair Gaeltachta timpeall na tíre. Tá súil agam go n-aontóidh sibh liom ag deireadh na hoíche mar is léir go gcaithfidimid rud éigin fóna a dhéanamh chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo chun na Gaeltachtaí a choimeád slán. Dar ndóigh a dhaoine uaisle, tá muintir na tíre seo an-bhródúil as a dteanga dhúchais. Ná tabhair cluas bodhar anocht mar táim chun scéal casta na Gaeltachtaí a mhíniú daoibh láithreach.

Ar an gcéad dul síos, ceapann teangeolaithe go bhfuil an cultúr domhanda ag cur brú millteanach ar an nGaeilge agus mionteangacha eile. Sa lá atá inniu ann bíonn tionchar an-mhór ag na meáin orainn go léir. Idir an teilifís agus an t-idirlíon, ní féidir an Béarla a sheachaint agus de réir sin téann daoine i dtaithe ar an mBéarla a úsáid mar phríomhtheanga chumarsáide.

An fhadhb is mó sna Gaeltachtaí dar liom ná eisimirce. Bíonn ar dhaoine óga na Gaeltachta dul ó bhaile chun saol a chothú dóibh féin. Más rud é go bhfuil na daoine óga go léir ag bogadh go dtí na cathracha agus tíre eile sa tóir ar fhostaíocht ní bheidh fágtha ina ndiaidh ach seandaoine. Caithfidh an Ghaeilge bheith á labhairt ag an aos óg chun í a choimeád slán. De réir na staitisticí is déanaí ní bhíonn ach 83,000 den daonra ag caint Gaeilge go laethúil. Is mór an trua é sin nuair atá an Ghaeilge ainmnithe mar phríomhtheanga na tíre sa bhunreacht.

Níl aon dabht, a éisteoirí, ach go bhfuil géarghá le hinfheistíocht a dhéanamh sna ceantair Ghaeltachta chun Gaeilge na háiteanna sin a chaomhnú don chéad ghlúin eile. Le dul chun cinn na ngaelscoileanna tá borradh tagtha faoi líon na gcainteoirí Gaeilge sna cathracha. Ach cad faoi mhuintir na Gaeltachta, a éisteoirí? Caithfidimid cabhrú le hÚdarás na Gaeltachta chun deiseanna fostaíochta a chruthú sna Gaeltachtaí, rud a ligfeadh do dhaoine óga fanacht ina gceantair dhúchais.

Bhuel, a dhaoine uaisle, tá deireadh ag teacht le mo chuid cainte anseo. Tá súil agam go n-aontaíonn sibh liom ag an bpointe seo go bhfuil baol ann maidir leis na Gaeltachtaí in Éirinn agus go gcaithfidimid teacht le chéile agus brú a chur ar an rialtas infheistíocht a dhéanamh sna ceantair thábhachta sin. Mar a deir an seanfhocal: beatha teanga í a labhairt.

Ar deireadh ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil libh as cluas a thabhairt dom anocht.

Oíche mhaith.

PÁIPÉAR II

Ceist 1 (100 m)

De Shiúl na gCos go Cathair Santiago (50 m)

- A 1. (a)** Bhí fonn ar an údar sos machnaimh a thógáil sular dtabharfadh sé faoin saol nua a bhí roimhe tar éis dó post cruógach an mhúinteora a chur de. **(3.5)**
- (b)** Maidir leis an tsiúlóid, (i) Aistear naoi gcéad ciliméadar a bhí i gceist (ii) Cosán na n-oilithreach meánaoiseach go Santiago de Compostela ó Finisterre atá ann. **(3.5)**
- 2. (a)** An mhíorúilt a thug comhartha aitheantais don oilithreacht ná nuair a fuarthas duine báite agus a chorp clúdaithe le sliogáin mhuiríní agus tugadh ar ais ina bheatha é trí idirghuí Santiago. **(3.5)**
- (b)** Léirítear dúinn gur áit naofa é Finisterre mar shiúladh daoine réamhstairiúla an bóthar Finisterre, agus Bealach na Bó Finne sa spéir mar threoir acu. **(3.5)**

3. (a) Téann an choisíocht i bhfeidhm ar aigne an údair mar oibríonn rithim na coisíochta mar chineál mantra ar a intinn agus braitheann sé suaimhneas ann féin nach mbraitheann sé am ar bith eile. (3.5)
- (b) An t-abhar machnaimh a fuair an t-údar ar an Camino ná (i) Ar chíocras an duine chun airgid (ii) Na rudaí áille a bhí ar fáil go forleathan feadh an bhealaigh. (3.5)
4. (a) D'iompar an t-údar mála droma le foighne agus le buíochas mar siombail a bhí ann den ualach a leag sé ar dhaoine i rith na mblianta. (3.5)
- (b) Thug an t-údar an taobh mídheas den nádúr daonna faoi deara nuair:
Bhí seisear Francach i mbrú in Larrasoana nár chaith focal sibhialta leis i rith bhéile (1.75)
Bhí air tabhairt amach do tábhairneoir in Fomista mar nach raibh sé sásta freastal air. (1.75)
5. (a) Ceangal amháin atá ag ceantar an Camino le hÉireann ná gur chosain Eoghan Ó Néill, de bhunadh Iarlaí Thír Eoghain, Pamplona ar arm Napoléon in 1808. (3.5)
- (b) An tairbhe a bhain an t-údar as an Camino ná lúcháir aigne atá fanta leis ó shin. (3.5)
6. (a) Aidiacht san uimhir iolra: (rudaí) **áille** (7.5)
- (b) Tuigtear dúinn gur dírbheathaisnéis an *genre* atá i gceist sa téacs seo. Is léir gur seo an *genre* atá i gceist mar tugann an t-údar cur síos cuimsitheach dúinn sa chéad phearsa ar na fáthanna gur bheartaigh sé ar an Camino a shíúil. Theastaigh uaidh sos a thógáil chun smaoineamh ar chúrsaí a shaoil. Mar shampla: "Bhí crosbhóthar sroichte agam i mo shaol agus bhí rogha géibheannach le déanamh agam..."
Anuas ar sin, labhraíonn sé go hoscailte faoin a mhothúcháin agus na fadhbanna a bhí aige le linn a thurais. Cuir i gcás: "Is cuimhin liom an seisear Francach i mbrú in Larrasoana nár chaith focal sibhialta liom i rith bhéile an tráthnóna." (7.5)

Laoch Gael-Mheiriceánach ar Lár (50 m)

- B 1. (a) Tugadh aird ar bhás Ted Kennedy mar scaipeadh an scéal láithreach ar fud an domhain agus bhí sé ar phríomhscéal na nuachta ag gach uile stáisiún teilifíse agus raidió. (3.5)
- (b) Bhí cáil fhorleathan tuilte ag Ted Kennedy mar thoradh ar a chuid oibre mar sheanadóir agus an lorg a d'fhág sé ar chóras dlí na Stáit Aontaithe. (3.5)
2. (a) An t-éacht ata luaite le Ted Kennedy mar pholaiteoir ná gur toghadh é seacht n-uaire i ndiaidh a chéile mar sheanadóir ina stát dúchais, Massachusetts. (3.5)
- (b) Maidir le heachtra Chappaquidick: (i) Bádhd bean óg, Mary Jo Kopechne nuair a chuaigh carr Kennedy isteach san abhainn (ii) Tháinig Kennedy slán ach theith sé ón áit gan fios a chur ar na póilíní ná seirbhísí tarrthála. (3.5)
3. (a) Shíl sé an eachtra a ghlanadh de chuimhne na ndaoine tré dlíthe a achtú a chuirfeadh feabhas ar shaol a chomhshaoránach. (3.5)
- (b) An toradh a bhí ar an gcabhair a thug Kennedy do Morrison ná rinne siad bille a achtú i 1992 a chuireadh tús le scéim víosaí d'inimircigh. (3.5)
4. (a) An ceacht a d'fhoghlaim sé ó Carter ná gur riachtanas é i gcainteanna síochána miondeacrachtaí a ghlanadh as bealach na bpáirtithe ionas gur féidir leo díriú ar chroí na faidhbe eatarthu. (3.5)
- (b) Chomhairligh sé dó víosa a eisiúint do Gerry Adams mar go gcaithfí déileáil le Sinn Féin mar pháirtí polaitíochta dá mba mhaith leo cur ina luí orthu éirí as an bhforéigean agus polaitíocht shíochánta a chleachtadh. (3.5)
5. (a) An 'chomaoin mhillteanach' a chur sé ar Obama ná nuair a thacaigh Kennedy don pháirtí daonlathach in aghaidh Hillary Clinton. Bhí an lámh in uachtar ag Obama i dtoghchán na huachtaránachta mar thoradh ar an dtacaíocht seo. (3.5)
- (b) An t-idéal a luaigh Obama le clann Kennedy ná idéal na seirbhíse poiblí a bhí acu trí oidhreacht agus oiliúint. (3.5)

6. (a) Briathar saor aimsir láithreach: **Aithnítear (7.5)**

(b) Léirítear dúinn sa téacs seo gur duine díograiseach é Ted Kennedy.

Rinne sé a chroí dhícheall mar pholaiteoir agus mar sheanadóir dlíthe a athrú chun go mbeadh níos mó cearta agus deiseanna ag muintir Mheiriceá. Chabhraigh sé le pobal an domhain nuair a bhí baint aige le bille chun víosaí a eisiúint d'inimircigh, "...Tugadh deis do na mílte Éireannach óg dul go Meiriceá agus obair a fháil go dleathach."

Anuas ar sin tuigtear dúinn gur duine cumhachtach é mar chabhraigh a thacaíocht le hObama toghchán na huachtaránachta a bhuan. Cuir i gcás: "Thuig Obama an chomaoin mhillteanacha chuir Kennedy air agus níor lig sé i ndearmad í." (7.5)

Ceist 2 (30 m)

2A Is cur síos ar chaidreamh idir lánúin phósta atá sa scéal 'Dís' le Siobhán Ní Shuilleabháin. Tosaíonn an scéal le comhrá idir bhean an tí agus a fear céile Seán. Tosaíonn siad ag argóint lena chéile agus tugann a gcomhrá cur síos dúinn ar na fadhbanna a bhíonn ag lánúin phósta. Is iad na fadhbanna a bhíonn ag mná tí is mó atá i gceist.

Taispeánann an bhean alt nuachtáin dá fear céile. Deir an t-alt go bhfuil "An cheathrú chuid do mhná tí míshona, míshásta". Ghlac sí féin páirt sa suirbhé cúpla mí roimhe agus mar sin tá sí á rá lena fear céile go bhfuil sí féin míshásta lena ról mar bhean an tí.

Tosaíonn argóint mhór eatarthu agus faighimid cur síos tríd an scéal ar na fadhbanna a bhaineann leis an gcaidreamh idir lánúin phósta.

Measaim go n-úsáidtear tuairimí an phríomhcharachtair chun saol na mná tí agus na fadhbanna a bhaineann leis a phlé.

Téann an bhean an tí chun aibhéis nuair atá a teachtaireacht á insint aici dá fear céile. Admhaíonn sí gur inis sí bréaga do bhean an tsuirbhé toisc go raibh sí ar buile lena fear céile ag an am maidir le cúraimí tí.

Cuireann sí ina luí orainn nach mbíonn gach rud féarálte sa saol pósta. Bíonn cúrsaí míchothrom dar leis an mbean an tí. Dar léi, ní bhíonn meas ag daoine ar mhná tí agus níl mar ról acu ach aire a thabhairt dá teaghlach. Mar a deir sí le Seán: "Ná tugtar fé ndeara aon ní a dheineann tú mar bhean tí, ach nuair ná deineann tú é."

Is léir go bhfuil díomá agus frustrachas uirthi maidir lena saol pósta agus deir sí go bhfuil mná tí mar sclábhaithe ina dtithe féin. Insíonn sí scéal go raibh sé de nós sa tSín fadó bean chéile a dhó nuair a fuair a fear céile bás. Deir sí go searbhasach gur comhairle mhaith é sin. Ag deireadh a cuid cainte titeann Seán ina chodladh.

Is críoch obann é seo, léiríonn sé go bhfuil sé deacair do dhaoine fadhbanna ina saol pósta a leigheas. Tríd an scéal ar fad, tugann an Bhean an Tí cur síos spéisiúil ar na deacrachtaí a bhíonn ag lánúin phósta. Léiríonn a cas go mbíonn rudaí míchothrom uaireanta agus nach mbíonn daoine sásta i gcónaí leis an saol pósta.

Ceist 3 (30 m)

3A (i) Suíomh: Tá an dán suite ar Oileáin Árann. Tríd an dán ar fad molann an file á áit dúchais as an suaimhneas agus áilleacht a bhaineann leis an gceantar. Is léir dúinn go bhfuil cuimhní cinn aige ar Oileáin Árann mar cuireann sé ina luí orainn cé chomh síochánta agus ciúin is atá sé ar an oileán: "Ag teacht chun cladaigh ar ór-mhuir mhall/I ndeireadh lae".

Cuireann an Direánach suíomh an dáin in iúl dúinn nuair a luann muintir na háite agus gnáthshaol a bhí acu. Faightear léargas ar shaol an oileáin mar luann an Direánach agus obair fheirmeoireachta agus iascaireachta a bhí ar siúl ag daoine go laethúil, "Fear ag caitheamh/cliabh dhá dhroim".

Tríd is tríd cuireann an Direánach saol agus áilleacht Oileáin Árann in iúl dúinn go healaíonta agus go héifeachtach.

(ii) Íomhánna: Tá an dán seo lán d'íomhánna a léiríonn áilleacht an oileáin. Is fuirist dúinn na híomhánna seo a shamhlú dúinn féin mar tá siad an-shoiléir.

Is íomhá álainn, tuairisciúil atá sa líne: "Mná i locháin/In íochtar diaidh-thrá..." Taispeánann sé chomh maith an spiorad pobail a bhí ar an oileán ag an am. Úsaideann an file íomhánna bainteach le feirmeoireacht agus iascaireacht agus na rudaí a bhí le déanach go laethúil chun a thaispeáint dúinn go raibh atmaisféar suaimhneach le brath ar an oileán, "Fear ag glanadh cré/De ghimseán spáide/ Sa gciúnas shéimh..."

- (iii) **An file:** Rugadh Máirtín Ó Direáin in Oileáin Árann sa bhliain 1910. Chaith sé cuid mhaith dá shaol ag obair mar chléireach sa Ghaillimh agus mar státseirbhíseach i mBaile Átha Cliath. Níor thaitin saol na cathrach leis agus bhí fonn i gcónaí air filleadh ar a áit dúchais. Foilsíodh roinnt cnuasaigh leis ar nós 'Ár Ré Dhearóil' agus 'Feamainn Bhealtaine'. Fuair sé bás sa bhliain 1988 i dteach altranais i mBaile Átha Cliath.
- (iv) **Conas mar a chuaigh an dán i gcion orm:** Chuaigh an dán go mór i bhfeidhm orm mar is léir go bhfuil an file an-bhródúil as a áit dúchais. Is léir go bhfeiceann sé Oileáin Árann mar áit idéalach ina bhfuil saol foirfe ar fáil. Taitníonn sé liom mar is léir go bhfuil an file an-cheanúil ar a áit dúchais agus an pobal a bhaineann leis, "Radharc suaimhneach, síochánta/san earrach san iarthar."

Thaitin an dán liom chomh maith mar tá atmaisféar suaimhneach, álainn le brath ann. Taitníonn na híomhánna liom mar tá siad fíor-álainn. Is dán an-mhaoithneach é seo agus is deas an rud é go bhfuil an file chomh bródúil as a áit dúchais, "Sa gciúineas shéimh/l mbrothall lae."

Ceist 4 (40 m)

4A Faightear léargas cuimsitheach ar conas ar caitheadh le máthair shingil sna seascaidí sa dráma seo. Is mór an aird agus conspóid a tharraing an drámadóir Máiréad Ní Ghráda uirthi féin nuair a léiríodh a dráma seo den chéad uair i 1962. Is léir dúinn fós go bhfuil sochaí na hÉireann sna seascaidí á mheas sa dráma réabhlóideach seo. Is léir gur chruthaigh an drámadóir carachtar Mháire chun cur síos a dhéanamh ar conas ar caitheadh le máthair shingil sa ré sin. Faoi mar a fheictear sa dráma seo is beag meas a bhí ag pobal na hÉireann ar dhaoine cosúil le Máire.

Ar an gcéad dul síos, féachaimid ar theaghlach Mháire. Tuigtear dúinn go bhfuil a máthair cráifeach agus go bhfuil an-mheas ar an gcreideamh Caitliceach sa bhaile. Bíonn coróin Mhuire acu gach oíche, mar shampla. Ach nuair a fhaightear amach go bhfuil Máire ag iompar linbh, gan a bheith pósta, caitear go dona léi. Thar aon ní eile, tá a máthair agus a deartháireacha buartha faoi thuairimí na gcomharsan. Mar a deir a deartháir Seán léi go cruálach: 'Tharraing sí náire shaolta orainn i láthair na gcomharsan.' Is ait linn anois sa lá atá inniu ann nach mbeadh a teaghlach ag tacú le cailín sa chás seo. Is cuma sa tsioc le máthair Mháire ach go mbeidh a hiníon ina bean rialta agus mac léi ina shagart ionas go mbeadh meas na mílte uirthi.

Tugann carachtar Pádraig léargas eile dúinn ar aon sórt saoil a bhíodh ag máthair shingil sna seascaidí. Tá Pádraig pósta ach fós tá sé sásta caidreamh a bheith aige le Máire óg. Éalaíonn sé ó bhaile chomh luath is a fhaigheann sé amach go bhfuil Máire ag iompar linbh. Cáinteann Máire, déantar í a imeallú ach níl aon iarmhairtí in ann dó-san. Buaileann Máire le hathair a linbh arís ag deireadh an dráma agus tugann Pádraig droim láimhe do Mháire agus a leanbh. Tugann sé "striapach" uirthi agus ní dhéanann a chairde ach é a mholadh as a bheith in ann cailíní soineanta a mhealladh, "Seo libh, ólaimis sláinte gach aon óinsín tuaithe ar leor focal bog bladhrach chun í a mhealladh." Is léiriú tragóideach é an eachtra seo gur mhinic gur caitheadh go héagórach le máithreacha shingil.

D'fhéadfaimis a rá go seasann tuairimí Bean Uí Chinsealaigh do thuairimí an ghnáthdhuine sna seascaidí. Tá sí bródúil as a fear céile agus an chlann iníonacha atá acu. Tá sí lán sásta Máire a fhostú mar chailín aimseartha go dtí go bhfaightear amach go bhfuil Máire ag iompar linbh. Féachaimid arís, go raibh fimíneacht laistiar den chráifeacht sa tsochaí seo. Teastaíonn uaithi bata agus bóthar a thabhairt do Mháire láithreach toisc go bhfuil sí buartha faoi thuairimí na gcomharsan, "Ní fhéadfainn iad a fhágáil i mbaol caidrimh lena leithéid. Cad a déarfadh na comharsana?" Tá tuairimí an phobail níos tábhachtaí di ná an mháthair shingil os a comhair.

Nuair a thiteann teach lóistín Mháire anuas ar a chéile, ní thugann éinne aird ar leanbh Mháire. Ní thagann éinne i gcabhair ar Mháire bhocht. Fiú tar éis eachtra den tsaghas seo, bíonn daoine fós ag caitheamh anuas ar Mháire agus tugann siad cúl uirthi toisc gur máthair shingil í. Is sampla arís é seo don fhimíneacht mar ní fhaigheann Máire trócaire nó cabhair agus í ag maireachtáil i sochaí atá in ainm is a bheith Críostúil. Is cúis íoróine é go dtagann Seáinín an Mhotáir agus Mailí i gcabhair uirthi toisc go bhfuil Mailí í féin imeallaithe sa sochaí chéanna.

Tríd is tríd, faightear léiriú gruama ar sochaí na hÉireann sa dráma 'An Triail'. Ní raibh leisce ar bith ar an drámadóir Máire Ní Ghráda an tsochaí sin a scrúdú agus ligeann sí do na gnéithe diúltacha a bhaineann leis an ré sin teacht chun solais. Le linn an dráma faightear léargas brónach ar conas ar chaitheadh le máthair shingil sna seascaidí agus na dúshláin a bhí rompu ag an am.

4B Is dírbheathaisnéis thaitneamhach agus thuairisciúil atá ar fáil i leabhar Mhaidhc Dainín. Tugann an t-údar cur síos cuimsitheach dúinn ar na heachtraí a chuaigh i bhfeidhm air agus a mhúnlaigh é mar dhuine. Ag tús an leabhair díríonn Ó Sé ar laethanta a óige. Is iomaí eachtra a luann sé a thugann cur síos spráúil dúinn ar an óige. Tuigtear dúinn go raibh óige shona, thaitneamhach ag Ó Sé nuair a bhí sé ag fás aníos i gCorca Dhuibhne. San aiste seo a leanas is mian liom féachaint ar chuid do na heachtraí spráúla a bhí ag Maidhc Dainín.

Ag tús an leabhair tugann Maidhc Dainín cur síos spráúil dúinn ar a luath óige agus na heachtraí a bhí aige ar scoil. Is léir gur bhain sé taitneamh as an ngné sóisialta den bhunscoil. Léiríonn sé gur bhain sé taitneamh as a bheith ag pleidhcíocht agus ag caint lena chairde agus na troideanna a bhíodh aige lena chara Tomás.

Tugann Maidhc Dainín an-chur síos ar na cineálacha caitheamh aimsire a bhí coitianta sa Ghaeltacht le linn a óige. Labhraíonn sé linn faoin tábhacht a bhain le cúrsaí raidió. Is léir go raibh Maidhc Dainín agus na comharsana go léir faoi dhraíocht ag an raidió mar is ón raidió a fuair siad siamsaíocht agus an nuacht is déanaí. Thaitin sé go mór le Maidhc Dainín nuair a bhíodh sé ag éisteacht le clár ceoil nó dráma Gaeilge. “An rud is annamh is iontach,” an seanfhocal a luann sé i dtaobh cúrsaí siamsaíochta. Dar ndóigh, bhí an-spéis ag Maidhc Dainín sa cheol mar níos déanaí ina shaol thosaigh sé ar an mbosca ceoil a sheinm.

Labhraíonn sé chomh maith faoin spraoi agus taitneamh a bhain sé as an mbothántaíocht. Ba mhinic a thug na comharsana cuairt ar a chéile aimsir an gheimhridh. Bhain Maidhc Dainín taitneamh as an “gcuideachta agus craic sna tithe go léir ar fud an pharóiste.” Is léir gur bhain Maidhc Dainín an-taitneamh as scéalta a chloisteáil ó sheandaoine cosúil le Grae, “Cleasaí, fear cuideachta agus sárscéalaí ba ea é.”

Anuas ar sin, bhí dúil mhór ag Maidhc Dainín agus buachaillí eile sa cheantar sna toitíní. Insíonn Maidhc Dainín scéal greannmhar óna óige nuair a bhí sé de nós aige uaibhreacha a ghoid chun go mbeadh an t-airgead aige chun toitíní a cheannach.

Luann Maidhc Dainín linn gur bhain sé taitneamh as a bheith ag freastal ar Cheardscoil an Daingin agus chuir sé suim mhór sna hábhair phraiticiúla agus is léir go raibh a lán cairde nua aige ann. Mar a deir sé: “Bhí dream deas scoláirí sa scoil agus thug an scoil sin misneach dúinn tabhairt ar an saol mór.”

Bhain Maidhc Dainín spraoi agus taitneamh as an gcomhlúadar a bhí aige nuair a bhí sé ina dhéagóir. Bhíodh mórán daltaí ag fanacht thiar sa Ghaeltacht i rith an tsamhraidh. Tugadh deis do Mhaidhc Dainín an bosca ceoil a sheinm sa halla rince agus bhuaile sé le daoine nua ar nós Eibhlín bliain amháin.

Tríd is tríd, is dírbheathaisnéis dheas, soléite é ‘A Thig Ná Tit Orm’. Tugann cuntas Mhaidhc Dainín cur síos bríomhar dúinn ar spraoi na hóige agus na heachtraí a chuaigh i bhfeidhm air nuair a bhí sé ag fás aníos. Is léir go bhfuil cuimhní cinn ag an údar ar laethanta a óige.

Gaeilge Ardteistiméireacht Gnáthleibhéal



CLÁR

Gnáthleibhéal

Treoir don Scrúdú	49
2015	54
2014	65
2013	74
2012	84
SEC	92

1. Fáiltiú (greeting): students are asked to give five pieces of information:

- (a) Ainm (name).
- (b) Aois (age).
- (c) Seoladh baile (address).
- (d) Dáta breithe (date of birth).
- (e) Scrúduimhir (examination number).

2. Léamh na filíochta (poetry reading)

Students will be asked to read **one** of the following **Filíocht Ainmnithe** poems on the Leaving Certificate course.

Filíocht Ainmnithe	Le Léamh
An tEarrach Thiar Máirtín Ó Direáin	Véarsa 1 agus 2 (verse 1 and 2)
Géibheann Caitlín Maude	An dán go léir (the whole poem)
An Spailpín Fánach File anaithnid	Véarsa 1 agus 2 (verse 1 and 2)
Colscaradh Pádraig Mac Suibhne	An dán go léir (the whole poem)
Mo Ghrá-sa (idir lúibíní) Nuala Ní Dhomhnaill	Véarsa 1, 2 agus 3 (verse 1, 2 and 3)

Students will have two minutes to read the poem. There are 35 marks for this. Students should prepare the reading of all poems in advance in order to achieve maximum marks. It is important that students show their understanding of the poem, reading it carefully, pronouncing words and using a suitable rhythm. Students may take their own copy of the poems into the exam. They may also write phonetics beside words that they may find difficult to pronounce. No marks will be lost for this.

3. Cur síos ar shraith pictiúr (description of picture series)

Students will prepare 20 picture series for this section. They will be based on topics covered in the syllabus. There will be six pictures on each series. The student will choose one of the 20 pictures from an envelope. The student will turn over the picture and will be given less than a minute to study it. The story can be told in the aimsir láithreach (present tense) or aimsir chaite (past tense). The student will describe what is going on in each picture. Students then ask the examiner three simple questions based on the piece. The examiner will answer the questions. The examiner will then ask the student three questions based on the piece.

50 marks will be awarded for:

- Cumas Gaeilge (ability to speak).
- Stór Focal (vocabulary).
- Líofacht (fluency).
- Cumarsáid (communication).

20 marks will be awarded for **Foghraíocht** (pronunciation) and **Cruinneas** (accuracy).

10 marks will be awarded for questions.

4. Comhrá (conversation)

Students will be asked questions on the following topics: **an scoláire féin** (about themselves), **teaghlach** (family), **áit chónaithe** (where you live), **an scoil** (school), **cúrsaí oideachais** (education), **caitheamh aimsire** (pastimes), **ceol** (music), **spórt** (sport), **poist** (jobs), **laethanta saoire** (holidays), **todhchaí** (future), etc. Students will be awarded **75 marks** for **Stór Focal** (vocabulary) and **45 marks** for **Cumas Gaeilge** (ability to speak).

Sample answers are provided for 2014 (pg 40), 2013 (pg 49) and 2012 (pg 59) papers and SEC sample paper (pg 67). N.B. Read advice on each section and read sample answers to obtain maximum marks.

PÁIPÉAR 1

1 UAIR 50 NÓIMÉAD

(160 M)

Cuid I: An Chluastuiscint (20 nóiméad)**(60 m)****Cuid A** 24 m **Fógra** (announcement/advertisement)**Cuid B** 24 m **Comhrá** (conversation)**Cuid C** 12 m **Píosa Nuachta** (news)

Each section will be played twice. An attempt should be made to answer each section of the Listening Test. Read the questions carefully before the tape begins and underline any key words or questions. This will keep you focused. Always keep up with the tape and guess if unsure. Learn spellings of days of the week, months of the year and counties. Answers can be written in numbers for dates, times, amount of money, etc.

A full sentence is not required as an answer. Write down any relevant word – you could get marks for it. Never write your answer in English. If the answer is the name of a group, for example Snow Patrol, it is acceptable. It is always best to answer this section of the paper in pencil. Marks will be deducted at the end of test for incorrect spelling (0–6 marks can be lost). It is always advised to read back over your work when completed.

Cuid II: Ceapadóireacht (90 nóiméad)**(100 m)**

There are four sections A, B, C, D. Students must answer two questions. One question only must be answered from either A, B, C, D. For example, you must not answer two questions from section A. Each question is 50 marks each.

Tasc = 2 m

Ábhar = 8 m

Gaeilge = 40 m

- A. Giota leanúnach
- B. Scéal
- C. Litir/Ríomhphost
- D. Comhrá

Make sure you choose your questions wisely. Ensure that you understand the question. You will have plenty of time to answer two questions. It is a good idea to plan your answers. Students will lose marks for not adhering to the topic so choose carefully. Students must write at least 15 lines for each question in this section. There are 2 marks for each **Tasc** (task). If, for example, a student is answering a letter, it must be written in the format of a letter and contain two of the following details: dáta (date), seoladh (address), beannú (greeting) or críoch (ending). Use the date on the front of your exam paper, if relevant, for example, 10 Meitheamh. If writing an email, use an email address (1 m), for example, pól@eircom.net. There is no need to write 'slán' at end of email. The name of the person writing the email (1 m) will suffice.

8 marks are awarded for **ábhar** (relevant subject matter). **40 marks** are awarded for **Gaeilge** (standard of Irish). Marks will be given for each question depending on length written. See table below:

Línte	Marc don ábhar (as)	Marc don Ghaeilge (as)
1-3	2	10
4-7	4	20
8-11	6	30
12-15	8	40

If you write **15 lines** and if the **ábhar** (subject) of the question is relevant, you will be awarded **8 marks**. A mark from **40 marks** will be awarded for standard of Irish. If, for example, **9 lines** are written, students will be awarded **6 marks** for **ábhar** (topic/subject) and marks out of **30** for **Gaeilge**.

PÁIPÉAR 2

2 UAIR 20 NÓIMÉAD

(200 M)

Ceist 1 Léamhthuiscint A agus B

(100 m)

Freagair **dhá cheist** A (50 m) agus B (50 m)

Read the questions carefully. Underline key words in questions and locate these key words in the text. Read the text carefully and try to pinpoint the exact answer. Students will be penalised for giving too much information in their answer. Try to answer what you are asked. Always attempt all questions.

Ceist 2 Prós Ainmnithe (A) nó Prós Roghnach (B)

(50 m)

Freagair **dhá cheist** A (25 m) agus B (25 m)

Students choose to do the **Prós Ainmnithe** **OR** **Prós Roghnach** section. They must answer two questions in either section. Students are advised to learn **achoimrí** (summaries of stories), **príomhcharachtair** (main characters), **mothúcháin** (feelings), **fáthanna ar thaitin nó nár thaitin an sliocht leat** (reasons for liking or not liking the extract studied), etc.

Prós Ainmnithe

'Hurlamaboc'

'Seal i Neipeal' nó 'An Gnáthrud'

'Oisín i dTír na nÓg'

'Dís'

'An Lasair Choille' nó 'Cáca Milis'

Students will study **five** of the named **Prós Ainmnithe**. There will be two questions: (a) and (b). Students must answer **two** questions.

Prós Roghnach

Students are asked to study:

Sliocht béaloidis (folklore story)

Giota as saothar dírbheathaisnéis/dialann taistil nó gearrscéal (extract from an autobiography/travel diary or short story)

Gearrscéal (short story)

Sliocht as úrscéal (extract from a novel)

Gearrscannán **nó** gearrdhráma (A short film or short drama)

Students may not use any of the stories in **Prós Ainmnithe** to answer any question in this section.

Ceist 3 Filíocht Ainmnithe (A) nó Filíocht Roghnach (B)

(50 m)

Freagair **dhá cheist** A (25 m) agus B (25 m)

Students are advised to study all aspects of the poems, for example, **téamaí** (themes), **mothúcháin** (feelings), **íomhánna** (images), **atmaisféar** (atmosphere), **codarsnachaí** (contrasts), **rudáí a thaitin leat** (things you liked about the poems) nó **rudáí nár thaitin leat** (things that you didn't like about the poems).

Filíocht Ainmnithe

'Géibheann'

'Colscaradh'

'Mo Ghrá-sa (idir lúibíní)'

'An Spailpín Fánach'

'An tEarrach Thiar'

Students will study all five named poems in the **Filíocht Ainmnithe** section. There will be two questions: (a) and (b). Students must answer **two** questions. There will be no choice. The text of the poems will be written on the examination paper. Students should be able to quote from the poems to support their answer.

Filíocht Roghnach

Students are asked to study 5 poems.

- One must be a **dán sean-aimseartha** (old-fashioned poem written prior to 1850).
- Two must be a **dán nua-aimseartha scríofa ag bean** (modern poem written by a woman).
- Two must be a **dán nua-aimseartha scríofa ag fear** (modern poem written by a man).

Students should be able to quote from the poems to support their answer.

NÓTAÍ

Learn these questions for **Listening, Oral, Comprehension tests**.

Ceisteanna

Cad? *What?*

Céard? *What?*

Cén fáth? *Why*

Cén chaoi? *How?*

Conas? *How?*

Cén uair? *When?*

Cén duine? *What person?*

Cé mhéad? *How much?*

Cé? *Who?*

Cé dóibh? *Who for?*

Cé uaidh? *Who from?*

Cathain? *When?*

Cá? *Where?*

Cé mhéad airgid? *How much money?*

Cé mhéad ama? *How much time?*

Cé mhéad seomra? *How many rooms?*

Cé mhéad bliain? *How many years?*

Cén táille? *What fee?*

Cén t-ábhar? *What subject?*

Cén chathair? *What city?*

Cén bhliain? *What year?*

Cá bhfuil? *Where is?*

Cá raibh? *Where was?*

Cá mbeidh? *Where will?*

Cá mbíonn? *Where is?*

Cén t-am? *What time?*

Cén lá? *What day?*

Cén post? *What job?*

Cén contae? *What county?*

Cén leabhar? *What book?*

Cén tír? *What country?*

Cén uair? *When?*

Cén áit? *What place?*

Cén post? *What job?*

Cén uimhir theileafóin? *What is the telephone number?*

Contaetha

Cúige Chonnacht

Gaillimh

Contae na Gallimhe

Liatroim

Contae Liatroma

Maigh Eo

Contae Mhaigh Eo

Ros Comáin

Contae Ros Comáin

Sligeach

Contae Shligigh

Cúige Laighean

Baile Átha Cliath

Contae Bhaile Átha Cliath

Ceatharlach

Contae Cheatharlach

Cill Chainnigh

Contae Chill Chainnigh

Cill Dara

Contae Chill Dara

Cill Mhantáin

Contae Chill Mhantáin

An Iarmhí

Contae na hIarmhí

Laois

Contae Laoise

Loch Garman

Contae Loch Garman

An Longfort

Contae Longfoirt

Lú

Contae Lú

An Mhí

Contae na Mí

Uíbh Fhailí

Contae Uíbh Fhailí

Cúige Mumhan

Ciarraí	Contae Chiarraí
An Clár	Contae an Chláir
Corcaigh	Contae Chorcaí
Luimneach	Contae Luimnigh
Port Láirge	Contae Phort Láirge
Tiobraid Árann	Contae Thiobraid Árann

Cúige Uladh

Aontroim	Contae Aontroma
Ard Mhacha	Contae Ard Mhacha
An Cabhán	Contae an Chabháin
Doire	Contae Dhoire
An Dún	Contae an Dúin
Dún na nGall	Contae Dhún na nGall
Fear Manach	Contae Fhear Manach
Muineachán	Contae Mhuineacháin
Tír Eoghain	Contae Thír Eoghain

Míonna na Bliana (Months of the year)

Eanáir
Feabhra
Márta
Aibreán
Bealtaine
Meitheamh
Iúil
Lúnasa
Meán Fómhair
Deireadh Fómhair
Samhain
Nollaig

Laethanta na Seachtaine (Days of the week)

Luan	Dé Luain seo caite (<i>last Monday</i>)
Máirt	Dé Máirt seo chugainn (<i>next Tuesday</i>)
Céadaoin	Dé Céadaoin
Déardaoin	Déardaoin
Aoine	Dé hAoine
Satharn	Dé Sathairn
Domhnach	Dé Domhnaigh

Ag comhaireamh daoine (Counting people)

Duine (1)
Beirt (2)
Triúr (3)
Ceathrar (4)
Cúigear (5)
Seisear (6)
Seachtar (7)
Ochtar (8)
Naonúr (9)
Deichniúr (10)

Uimhreacha (Numbers)

Náid (0)	Fiche (20)
Aon (1)	Tríocha (30)
Dó (2)	Daichead (40)
Trí (3)	Caoga (50)
Ceathair (4)	Seasca (60)
Cúig (5)	Seachtó (70)
Sé (6)	Ochtó (80)
Seacht (7)	Nócha (90)
Ocht (8)	Céad (100)
Naoi (9)	Dhá chéad (200)
Deich (10)	Míle (1000)
	Trí mhíle (3000)

PÁIPÉAR I
CUID I: CLUASTUISCINT (60 M)

Cuid A (24 m)**FÓGRA A hAON (12 m)**

An Seomra Ceoil (3)

Dé hAoine (3)

Popcheol (3)

Ticéid chuig ceolchoirmeacha/t-léinte (3)

FÓGRA A DÓ (12 m)

1. (a) Seachtain (3)

(b) Dún na nGall (3)

2. (a) Lúnasa (3)

(b) €240/dhá chéad daichead euro (3)

Cuid B (24 m)**COMHRÁ A hAON (12 m)****An Chéad Mhír**

1. Trí seachtaine ó shin (3)

2. Scoláire amháin as gach rang ar an gcoiste sin (3)

An Dara Mír

1. Buidéil phlaisteacha/cannaí/páipéar (3)

2. Leictreachas agus teas (3)

COMHRÁ A DÓ (12 m)**An Chéad Mhír**

1. San Astráil (3)

2. Cúrsaí oibre/chaill sé a phost (3)

An Dara Mír

1. Bhí sé ag obair leis na ríomhairí (3)

2. Beirt pháistí (3)

Cuid C (12 m)**PÍOSA A hAON (6 m)**

1. Ros Muc (3)

2. Óna deich a chlog ar maidin go dtí a sé a chlog tráthnóna gach lá/10–6 gach lá (3)

PÍOSA A DÓ (6 m)

1. Mí Dheireadh Fómhair (3)

2. Cúrsaí reatha/spórt/cultúr/oideachas (3)

CUID II: CEAPADÓIREACHT (100 M)

A Giota Leanúnach / Blag (50 m)

- (i) Dhúisigh mé go moch an mhaidin sin. An Domhnach, 22 Meán Fómhair 2013 a bhí ann agus bhí mise ag ceiliúradh mo bhreithlae. Bhí sceitimíní orm. Bhí go leor pleananna déanta agam. Chuaigh mé síos an staighre agus chonaic mé mo Mham agus mo Dhaid ag ullmhú bricfeasta. Bhí Daid ag friochadh uibheacha agus bhí Mam ag tógáil slisíní agus ispíní as an oigheann. Bhí an bia sárbhlasta. Thug siad bronntanas iontach deas dom freisin – rothar nua. Bhí áthas an domhain orm.

Tar éis am bricfeasta, fuair mé réidh agus amach an doras liom. Bhí ceithre thicéad chuig an gcluiche mór ag mo chara Jason. Bhí Baile Átha Cliath ag imirt in aghaidh Chiarraí i gcrabhccluiche uile-Éireann sa pheil. Fuair Jason ticéid do Chnoc 16 óna uncail. Bhí an cluiche an-chorraitheach ach b'é deireadh an chluiche a fhanfaidh i m'aigne go deo. Scóráil cúlbaire Bhaile Átha Cliath Steven Cluxton cúilín dochreidte agus bhí an bua ag na Dubs. Bhí gach duine sna seastáin ag pocléim le háthas.

Beidh buanna eile againn, táim cinnte de. É sin ráite, ní dhéanfaidh mé dearmad ar an lá sin go deo na ndeor.

- (ii) Seans nár chuala sibh faoin duine seo. Rugadh Michael Reardon i Meiriceá sa bhliain 1965. Thaitin an dreapadóireacht go mór leis. Thosaigh sé ag dreapadóireacht i gclós a sheanathar. Nuair a bhí sé níos sine, thosaigh sé ag dreapadóireacht sna sléibhte Apaláiseacha.

Bhí cuma an-suntasach air. Bhí gruaig fhionn chatach air. Bhí blas Meiriceánach aige. Bhí sé íseal go leor – ní raibh sé ach cúig troithe seacht n-orlach ar airde. Bhí sé fuinniúil agus spreagúil.

Níor úsáid sé aon trealamh dreapadóireachta riamh. D'úsáid sé a chuid lámh agus cos amháin. Ní chreidfeá na cnoic agus na sléibhte a dhreap sé. Uair amháin, rith sé suas an sliabh is dainséaraí sa Chalafóirn: 800 troigh.

In 2007, tháinig sé go hÉirinn. Chaith sé tamall beag i roinnt mhaith áiteanna ar fud na tíre. Thaitin an cósta Atlantach go mór mór leis. Faraor, in 2007, tháinig tonn ollmhór suas thar na carraigí a raibh sé ina sheasamh agus scuabadh chun na farraige é. Tá a anam fós beo i measc a gcairde agus dreapadóirí ar fud an domhain.

- (iii) Is é an spóirt agus an bia an dá rud sa saol a chuireann áthas orm.

Is breá liom a bheith ag éisteacht le ceol agus ag léamh. Is breá liom scánnáin agus ceolchoirmeacha freisin. Ach thar aon rud eile, is aoibhinn liom spóirt. Imrím iománaíocht agus sacar go minic. Imrím iománaíocht le club agus imrím sacar ar na bóithre nó sna páirceanna, fiú nuair a bhíonn sé ag stealladh báistí.

Imrím iománaíocht le Craobh Chiaráin. Téim ag traenáil Dé Máirt agus Déardaoin agus bíonn cluiche nó traenáil agam ag an deireadh seachtaine. Caithim cúpla uair sa giom freisin. Tugann an aclaíocht sos dom ó bhrú an staidéir. Tá an spóirt an-tábhachtach i mo shaol. Cuireann sé áthas mór orm.

Mar imreoir spóirt, tá sé riachtanach bia folláin a ithe. Déanaim iarracht bia folláin a ithe gach lá. Ithim leite ar maidin, liamhás, cáis nó im piseanna talún am lóin, agus prátaí, glasraí agus feoil nó iasc um thráthnóna. Tá sé tábhachtach don chorp agus don intinn. Cuireann béile mór blasta an-áthas orm!

Ba chóir dúinn réimse leathan glasraí, torthaí, feoil agus iasc a ithe. Foghlaimíonn muid píosa beag faoi chúrsaí bia ar scoil, ach ní leor sin. Ba chóir go mbeadh ranganna cócaireachta ar fáil dúinn.

B Scéal (50 m)

- (i) D'fhéach mé ar m'fhón póca. Léigh mé an téacs ó mo chara. Níor chreid mé mo shúile... "Seánie, r y leat tcht hig an Spáinn? Saoire buaite agam ar An8FM, im8 d7n". Ní raibh amhras ar bith orm. Chuir mé glao uirthi láithreach. "I ndáiríre?" a dúirt mé nuair a d'fhreagair sí. "Dáiríre píre, a chara. Caithfidimid dul ar an Satharn. Bhuaigh mé cúig thicéad. Sheol mé téacs chuig Gráinne, Maitiú agus Aoife freisin.

Bhuaileamar le chéile ar a trí a chlog maidin Shathairn agus fuairamar an bus trasna na tíre go dtí an t-aerfort. Bhí tuirse an domhain orainn. Tar éis dhá uair ar an eitleán, shroicheadar Malaga. Chuamar díreach go dtí an trá. Lá breá brothallach a bhí ann. Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch. Nach orainn a bhí an t-ádh. Chaitheadar gach lá ar an trá ag sú na gréine. D'ítheadar bia sárbhlasta agus chuamar go díoscó áitiuil cúpla uair freisin. Bhí an lóistín go hálainn agus bhí linn snámha ann freisin. Bhí a lán le déanamh in Malaga freisin agus rinneamar píosa beag siopadóireachta freisin. Saoire iontach a bhí ann agus ba bhreá liom dul ar ais arís.

- (ii) Bhí mé ag tiomáint síos an bóthar. Stop na gardaí mé. Bhí mé i dtrioblóid... Rinne mé dearmad ar mo chrios sábhála. A Dhia, nár mise an t-amadán. Stop mé an carr. Shiúil an garda chuig m'fhuinneog. "Driving licence, please," a dúirt sé. "Gabh mo leithscéal, a Gharda," a dúirt mé, "ba mhaith liom mo ghnó a dhéanamh as Gaeilge." "Fadhb ar bith, a mhic, taispeáin dom do cheadúnas tiomána le do thoil." Thóg mé an ceadúnas amach agus thug mé dó é.

"An bhfuil a fhios agat nach raibh crios sábhála ort? An bhfuil a fhios agat cé chomh dáinséarach is atá sin?" Chlaon mé mo cheann. "An bhfuil a fhios agat cé mhéad pointe atá le gearradh ort?" Chlaon mé mo cheann arís. "Agus fíneáil €80. Is féidir leat é sin a íoc in aon oifig an phoist. Anois, a mhic, seo dhuit do cheadúnas. Agus ná déan dearmad air sin arís. Ní chreidfeá an méid timpistí uafásacha a fheicim gach mí. Agus ní chreidfeá na gortuithe uafásacha a fheicimse freisin. I ndáiríre, ná bí chomh amaideach sin arís." Chlaon mé mo cheann go mall arís. "Tá brón orm. Tá náire orm."

Leis sin, shiúil an garda arís go dtí na gardaí eile. Chuir mé mo chrios sábhála orm agus thosaigh mé ag tiomáint go mall réidh. Níor theastaigh uaim botún costasach eile a dhéanamh arís.

C Litir / Ríomhphost (50 m)

- (i) A Chaoimhín, a chara,

Cad é mar atá tú? Conas atá cursaí i Sasana? Airíonn uainn go léir tú! Tá súil agam go bhfuil tú i mbarr na sláinte agus nach bhfuil aon rud ag déanamh buairimh duit. Maidir liom féin, tá ag éirí thar cionn liom – anois, ar aon chaoi.

Níor inis mé duit an scéala is déanaí. Dhreap mé Earagail an mhí seo caite le mo Mham agus mo Dhaid. Ar an mbealach síos, áfach, d'athraigh an aimsir. Thosaigh sé ag éirí fuar agus ag cur báistí. Bhrostaigh muid anuas an sliabh ach faraor, baineadh tuisle asam. Thit mé ar mo bhéal is mo shrón! Bhí pian uafásach i mo chos. Chabhraigh mo Mham agus mo Dhaid liom go dtí an carr.

Thiomáin Daid go dtí an t-ospidéal i Leitir Ceanainn. Chuaigh muid go dtí an Rannóg Timpistí agus Éigeandála. Scrúdaigh banaltra mo chos láithreach. "Ceapaim go bhfuil sé briste," a dúirt sí. "Conas a shiúil tú síos an sliabh sin! Nach tusa an buachaill cróga!" Leis sin, chuir sí glao ar an dochtúir. "Práinne anseo." Tháinig an dochtúir láithreach agus scrúdaigh sí mo chos. Chuir an bhanaltra agus mo Dhaid i gcathaoir rotha mé. Thug an dochtúir instealladh dom agus ní cuimhin liom aon rud eile.

Nuair a dhúisigh mé ní raibh clú agam cá raibh mé. Ansin, chonaic mé mo Mham agus dochtúir in aice liom. Bhí plástar mór thart ar mo chos. Tháinig mé abhaile an lá ina dhiadh sin. Táim ag siúl arís, buíochas le Dia!

Cogar, caithfidh mé imeacht. Abair le gach duine go raibh mé ag cur a dtuairisce.

Slán,

Seimí

(ii)

401 Garrán an tSabhaircín

Baile Átha Cliath 17

8 Meitheamh 2015

A Ríona, a chara,

Cén chaoi a bhfuil tú? Conas atá cursaí i Sasana? Airíonn muid uainn go léir tú! Tá súil agam go bhfuil tú i mbarr na sláinte agus nach bhfuil aon rud ag déanamh buairimh duit. Maidir liom féin, tá ag éirí thar cionn liom.

Is bocht an scéal nach raibh tú i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo caite. Chuaigh mise agus Deirdre chuig 5 Seconds of Summer. Bhí an ceolchoirm ar siúl i lár na cathrach tráthnóna Déardaoin.

Roimh an gceolchoirm thug mo Dhaid síob dom chuig teach Dheirdre. Chaith muid tamall ag fáil réidh. Chomh maith leis sin, d'éist muid lena n-albam is déanaí. Nach bhfuil sé thar barr! Tá thart ar mhilliún cóip de díolta acu in Éirinn. Shroich sé uimhir a dó sna cairteacha.

Bhí na ticéid costasach go leor ach is cuma. B'fhiú é. Bhí €50 orthu. Fuair mé na ticéid in Ionad Si-opadóireachta Sráid Jervis. Bíonn na ticéid róchostasach ar líne mar bíonn ort 'táille áirithinte' speisialta a íoc!

Ar aon chaoi, shroich muid an láthair ar a hocht a chlog. Bhí 5 Seconds of Summer dochreidte agus bhí an grúpa tacaíochta thar cionn freisin. Bhí gach duine ag canadh, ag damhsa agus ag léim ar fud na háite. Ní chreidfeá na screadanna agus na gártha nuair a tháinig siad amach ar an stáitse. Sheinn siad na cnaga go léir. Chuir mé féin piachán orm ag canadh!

Nuair a tháinig deireadh leis an gceolchoirm, bhuail muid le mo Dhaid agus chuaigh muid ar ais chuig mo theachsa.

Thaitin an oíche go mór liom. Ceolchoirm den chéad scoth ab ea í.

Sin a bhfuil uaim faoi láthair. Caithfidh mé níos mó staidéir a dhéanamh. Ar an dea-uair beidh mé réidh leis na scrúduithe faoi cheann seachtaine. Abair le gach duine go raibh mé ag cur a dtuairisce.

Beir bua!

Aoife

D Comhrá (50 m)

(i)

Daid: Bhuel, a Aoife, comhghairdeas leat! Táimid an-tógtha leis na torthaí. Agus is deacair muid a shásamh mar is eol duit.

Mam: Cinnte dearfach. Bhí do thorthaí ar fheabhas! Go háirithe na teangacha.

Mise: Go raibh míle maith agaibh. Níor chreid mé mo chuid súl nuair a d'oscail mé an clúdach sin. Cheap mé nár éirigh rómhaith liom sa Spáinnis agus sa Rúisis ach d'éirigh.

Mam: Cogar, ar mhaith leat dul chuig bialann chun iad a cheiliúradh? Is féidir linn dul amárach, más mian leat.

Mise: Bheadh sin ar fheabhas. Cá rachaidh muid?

Mam: Bhuel, céard faoin mbialann nua atá tar eis oscailte i lár an tsráidbaile? An bhialann Ghréagach?

Mise: Ba bhreá liom sin. Bhí mé ag súil leis an mbia sin a thriail. Níl cur amach agam ar bhia na Gréige.

Daid: Iontach. Cuirfidh mise glao orthu.

Mam: Céard faoin mbliain seo chugainn? Tá muid cinnte go bhfaighidh tú do chéad rogha.

Mise: Tá suil agam. Nua-theangacha i gColáiste na Tríonóide. Beidh orm aistriú chuig Baile Átha Cliath. An dóigh libh go mbeidh mé in ann fanacht le Aintín Labhaoise?

Mam: Dhera, pléifidh muid am éigin eile. Téigh amach le do chairde anois agus bain sult as an oíche. Labhróidh muid le chéile níos déanaí.

Daid: Ná bí ródhéanach.

Mise: Ní bheidh, ní bheidh. Slán!

(ii)

Máire: Haigh, a Sheáin. Conas tá cúrsaí?

Seán: Bhuel, a Mháire. Deas thú a fheiceáil arís... faraor nach bhfuil cúpla lá breise againn. Nílím ag tnúth leis an mbliain seo!

Máire: An ndearna tú aon rud suimiúil i rith an tsamhraidh?

Seán: Rinne, go deimhin! Chuaigh mé go dtí an Ghréig.

Máire: Cé a chuaigh in éineacht leat?

Seán: Mam, Daid agus Seán. Chuaigh muid ann mar gheall ar an aimsir. Bhí muid go léir ag iarraidh tamall a chaitheamh i dtír the.

Máire: Agus cár fhan sibh?

Seán: Bhí muid ag fanacht in óstán i gceann de na hoileáin dheasa.

Máire: Agus cad a rinne sibh gach lá?

Seán: Chaith muid an lá ag snámh agus ag luí faoin ngrian. Chaith muid dhá sheachtain ann. Saoire den scoth a bhí ann, mise a rá leat.

Máire: Creidim tú, a Sheáin. Thaitneodh saoire mar sin liom! Chaith mise an samhradh ag obair i mbialann. Bhí sé píosa beag leadránach uaireanta ach shaothraigh mé cúpla euro chun rudaí deasa a cheannach.

Seán: Maith thú, a Mháire...bhuel, sin an clog...ba chóir dúinn aghaidh a thabhairt ar an Ardeist!

PÁIPÉAR II

Ceist 1 (100 m)

A Rory McIlroy – Galfaire na Bliana 2014 (50 m)

1. (a) Chríochnaigh sé an bhliain 2014 ar bharr liosta ghalfairí an domhain.
Bhuaigh sé dhá cheann de mhórchomórtais an ghailf (Majors), Craobh Oscailte na Breataine agus Craobh an PGA i Meiriceá. (5)
Bhí sé ar fhoireann na hEorpa a bhuaigh Corn Ryder trí huairé i ndiaidh a chéile: 2010, 2012 agus 2014. (5)
- (b) Tá trí mhórchomórtas dhifriúla buaite aige cheana féin agus gan é ach cúig bliana is fiche d'aois. (5)
2. (a) Bhí seans ag Rory óg dul ag imirt agus ag cleachtadh go minic mar bhí suim mhór ag a athair sa ghalf agus bhí an teaghlach ina gcónaí taobh le galfchúrsa. (5)
- (b) Sa bhliain 2007, thosaigh sé ag imirt gailf go proifisiúnta. (5)
3. (a) Is breá le lucht na meán é mar tá tallann iontach aige agus bíonn sé sásta caint faoina chluiche. (5)
- (b) Sé bhuille dhéag faoin bpar. (5)
4. (a) Nuair a bhíonn am saor aige, téann sé chuig cluichí sacair agus rugbaí. (5)
- (b) Dúirt sé go poiblí sna meáin tamall ó shin go n-imreodh sé galf ar son na hÉireann sna Cluichí Oilimpeacha in Rio de Janeiro in 2016. (5)
5. (a) Tuilleann sé a lán airgid nuair a bhuaigh sé comórtais agus déanann sé fógraíocht do chomhlachtaí spóirt éagsúla cosúil le Nike. (5)
- (b) Cabhraíonn an eagraíocht le páistí ar fud an domhain atá tinn nó bocht nó ag fulaingt. (5)

B Hillary Clinton agus Rás 2016 chuig an Teach Bán (50 m)

1. (a) I mí na Samhna gach ceathrú bliain, caitheann muintir Stáit Aontaithe Mheiriceá a vóta i dtoghchán le duine a chur go dtí an Teach Bán in Washington le bheith mar Uachtarán ar an tír. (5)
- (b) Na Poblachtaigh agus na Daonlathaigh. (5)
2. (a) Rugadh Hillary Rodham in Chicago sa bhliain 1947. (5)
- (b) D'fhág sí an páirtí Poblachtach mar ní raibh sí sásta le cuid de na polasaithe a bhí acu. (5)
3. (a) Tá Arkansas bocht go leor mar stát agus tá sé i bhfad ó lár na polaitíochta in Washington. (5)
- (b) Lorg sí breis airgid do na scoileanna sna ceantair bhochta agus mhol sí do thuismitheoirí a bheith ag léamh lena bpáistí mar go gcabhródh sé sin leo foghlaim. (5)
4. (a) D'oibrigh Hillary le grúpa daoine a chuir plean le chéile chun cúrsaí sláinte i Meiriceá a dhéanamh níos fearr. (5)
- (b) Is minic a thagann sí ar cuairt chuig Éirinn. Léiríonn sí suim i gcónaí i gcúrsaí síochána i dTuaisceart Éireann. (5)
5. (a) Theastaigh ó Hillary seasamh i dtoghchán na hUachtaránachta i Samhain 2008. (5)
- (b) Bíonn an Rúnaí Stáit ag taisteal ar fud an domhain agus ag plé leis an bpolaíocht idirnáisiúnta ar son Mheiriceá. (5)

Ceist 2 (50 m)

A Prós Ainmnithe (50 m)

- (a) Scéal ón mbéaloideas is ea an scéal Oisín i dTír na nÓg.
- (i) Tarlaíonn an timpiste d'Oisín ag tús an scéil. Fillean Oisín chuig Tír na nÓg agus téann sé go dtí na háiteanna ina mbíodh na Fianna ag sealgaireacht ach ach níl cíos, cás ná cathú orthu. I nGleann na Smól, cabhraíonn sé le 300 fear leac a bhogadh agus briseann giorta an chapaill agus titeann sé anuas de. Iompaíonn sé ina sheanfhear críonna caite láithreach. Faoi dheireadh, buaileann sé le Naomh Pádraig agus insíonn sé scéal a bheatha dó.
- (ii) Insíonn sé dó faoin am a chas sé ar Niamh Chinn Óir den chéad uair. Lá amháin, nuair a bhí na Fianna ag sealgaireacht, chonaic siad marcach mná álainn ag teacht ina dtreo ar chapall bán. Bhí coróin ríoga ar a ceann. Bhí brat donn síoda a bhí buailte le réalta dearg-óir á chaitheamh aici freisin. Bhí gruaig óir uirthi agus bhí súile gorma aici. Dúirt sí gur tháinig sí sa tóir ar Oisín mar chuala sí dea-scéalta faoi. Chuir sí Oisín faoi gheasa agus bhí air dul chuig Tír na nÓg in éineacht léi.
- (iii) Dúirt sí go raibh Tír na nÓg go hálainn. Bhíodh na crainn ag cromadh le toradh is bláth. Ní fheicfeá meath ná éag inti.
- (iv) Sular imigh sé go dtí Tír na nÓg, chaitheadh Oisín a laethanta ag imirt fichille, ag ól, ag éisteacht le ceol, ag bronnadh séad agus ag sealgaireacht.
- Ar an mbealach go dtí Tír na nÓg, shaor Oisín iníon Rí na mBeo ón bhfathach uafásach Fómhar Builleach.
- (v) Bhain Oisín taitneamh as na laethanta a chaith sé i dTír na nÓg freisin. Bhí beirt mhac agus iníon amháin acu: Fionn, Oscar agus Plúr na mBan.
- Faoi dheireadh, áfach, theastaigh ó Oisín cuairt a thabhairt ar ais chun Fionn agus na Fianna a fheiceáil arís. Faraor, tarlaíonn an timpiste chinniúnach sin dó.
- (b) Ag tús an scéil, deirtear linn go bhfuil Lisín agus Pól Albright ag ullmhú do cheiliúradh mór: fichiú lá cothrom a bpósta ina dteach álainn féin. Tá a dteach suite in eastát tithíochta meán-aicmeach uachtarach. Tá beirt mhac acu: Ruán agus Cú (Cuán).
- Tá Pól, fear céile Lisín, faoi bhos an chait aici. Tá sise i gceannas ar an teaghlach. Ní raibh Pól ach ag obair i siopa nuair a bhuail Lisín leis i dtús báire ach "d'aithin Lisín na féidearachaí" sa bhuachaill óg seo agus anois is fear saibhir léannta é Pól. Léiríonn sí a cumas agus a ceannasaíocht i ngach rud a dhéanann sí: roghnaíonn sí agus múnlaíonn sí a fear céile; eagraíonn sí cóisir; réitíonn sí an teach. "I mbeagán focal, [tá] sí foirfe".
- Is léir gur duine dea-eagraithe agus dea-ullmhaithe í. Mar shampla, nuair a eagraíonn sí an chóisir, ordaíonn sí gloiní agus fíon ón siopa fíona. Líonann sí dhá reoiteoir le réimse leathan bia. Faigheann sí cathaoireacha agus boird ar iasacht ó na comharsana. Glanann sí an teach, cuireann sí péint ar na ballaí, snas ar na hurláir agus bláthanna sna prócaí.
- Ní oibríonn sí. Freastalaíonn sí ar ranganna teanga. Eagraíonn sí léachtaí. Tá sí ina ball de mhórán clubanna. Ní bhíonn sí díomhaoin riamh.
- Ní mar a shíltear a bhítear, áfach. An bhfuil sí foirfe, i ndáiríre? Tugtar nodanna dúinn tríd an scéal. Cuireann sí laghmhisneach ar Ruán, mar shampla. B'fhéidir gur féidir léi "labhairt ar aon ábhar faoin ngrian" ach tuigtear dúinn nach bhfuil clú aici.

nó

B Prós Roghnach (50 m)**(a) (i) An Cearrbhach Mac Cába**

Feirmeoir bocht ba ea an Cearrbhach Mac Cába. Duine santach leithleasach leisiciúil ab ea é. Bhí sé i gcónaí ag imirt cártaí. Ní dhearna sé aon obair ar an bhfeirm.

Oíche amháin chaill sé a chuid airgid go léir. Nuair a tháinig sé abhaile bhí mac nua aige.

Chuaigh sé ag lorg sagairt. Bhuaill sé le fear óg álainn. Dia a bhí ann agus dúirt sé go mbaistfeadh sé a leanbh. Ní raibh an Cearrbhach sásta leis seo mar nach raibh Dia fial dó. Lean sé ar aghaidh. Bhuaill sé le strainséir. Fear mór tanaí ba ea é. Bhí sé dubh agus liathbhuí. Dúirt sé gurbh é an Bás a bhí ann. Ba mhaith leis a bheith ina charas Críost ag a leanbh. Ansin bhuaill siad le Dia arís. Chuaigh an triúr acu go dtí an teach.

Bhaist Dia an leanbh, agus bhí an Bás ina charas Críost aige. Fuair an Cearrbhach trí achainí ar Dhia: (1) bua chearrbhach an domhain, (2) bua dhochtúirí an domhain, (3) go mbeidh lámh aon duine ag goid úll ó chrann an Chearrbhaigh greamaithe den chrann.

Níor inis sé don Bhás faoin tríú hachainí. Rinne an Bás margadh leis an gCearrbhach – dá mbeadh an Bás ina shuí ag cosa na leapa, leigheasfadh an Cearrbhach an duine sin, ach dá mbeadh an Bás ina shuí ag ceann na leapa, thógfadh an Bás an duine sin. D'ímigh an Bás, agus lean an Cearrbhach ar aghaidh ag imirt cártaí. Bhuaigh sé a lán airgid.

Ansin thosaigh sé ag obair mar dhochtúir. Bhí fear saibhir ina chónaí sa Spáinn. Bhí sé ag fáil bháis. Chuaigh an Cearrbhach chun an fear a leigheas. Bhí an Bás ag ceann na leapa. Fuair sé ceathrar buachaillí. Chas siad an leaba timpeall.

Ansin bhí an Bás ina shuí ag cosa na leapa. Leigheas an Cearrbhach an fear. Nuair a bhí sé ag dul abhaile go hÉirinn rug an Bás greim scornaí air. Rinne an Cearrbhach margadh leis. Lig an Bás dó dul abhaile chun tiomna a dhéanamh.

Shroich sé an baile. Nuair a tháinig an Bás, bhí coinneal ar lasadh ag an gCearrbhach. D'iarr an Cearrbhach air am a thabhairt dó go mbeadh an choinneal dóite. Thug an Bás an t-am dó. Ansin mhúch an Cearrbhach an choinneal. Fuair sé seacht mbliana eile.

Tar éis seacht mbliana, tháinig an Bás ar ais. Dúirt an Cearrbhach leis dul agus úll a fháil ón gcrann dó. Nuair a leag an Bás lámh ar an úll, ghreamaigh sé de. Rinne an Cearrbhach margadh leis an mBás. Fuair sé seacht mbliana eile.

Tar éis an seacht mbliana sin tháinig an Bás ar ais arís. Rug sé greim scornaí ar an gCearrbhach. D'iarr an Cearrbhach air ligean dó paidir a rá. Fuair sé an seans. Ní dúirt an Cearrbhach an paidir. Fuair sé seacht mbliana eile. D'ímigh an Bás arís.

Lá amháin bhuaill sé le buachaill ag caoineadh. Dúirt an buachaill nach raibh sé ábalta dul chun Comaoine mar ní raibh paidir ar eolas aige. Mhúin an Cearrbhach an phaidir dó. Leis sin d'éirigh an Bás as corp an bhuachalla agus rug sé greim ar an gCearrbhach. Thachtaigh sé é.

Chuaigh an Cearrbhach go hIfreann. Bhuaigh sé gach rud leis na cártaí. Cuireadh amach as Ifreann é. Chuaigh sé go geataí na bhFlaitheas. Thosaigh sé ag imirt cartaí taobh amuigh. Bhí trua ag Naomh Peadar dó. Lig sé isteach é. Chaith an Cearrbhach na cártaí uaidh. Feiceann gach duine a théann ar Neamh iad.

(b) Teideal an úrscéil: 'Gafa'**Ainm an údair: Ré Ó Laighléis**

Scéal réadúil agus truamhéalach faoi chultúr na ndrugaí i measc na nóg atá san úrscéal seo 'Gafa'.

Is é Eoin Ó Floinn príomhcharactar an úrscéil seo. Duine óg neamhspleách ba ea é. Ba mhac le Breandán agus Eithne é agus bhí deirfiúr amháin aige darb ainm Sinéad. Ba mhúinteoir Gearmáinise é Breandán. Bhí teannas le brath sa teach i gcónaí. Tá cur síos lom ar an gcaoi a n-athraíonn meon agus iompar Eoin agus é i muinín na ndrugaí.

Lá amháin fuair Eithne a mháthair drugaí faoi leaba Eoin. Bhí seanstoca, púdar bán, steallaire beag agus snáthaid ann. Bhí eagla ar Eithne nuair a chonaic sí é. Bhí Eithne an-bhuartha faoi Eoin ina dhiaidh sin. Thug sí faoi deara go raibh iompar a mhic ag athrú. Ghoill sé sin go mór uirthi.

Bhí Eoin drochbhéasach. Ghlaigh sé 'Froggy' ar an múinteoir Fraincise. Bhí Eoin cairdiúil le Cillian Mhic Raghnaill. Bhí siopa poitigéara ag a thuismitheoirí. Bhí Eithne an-bhuartha faoi. Rinne sí iarracht labhairt le Breandán faoi ach theip uirthi aon dul chun cinn a dhéanamh leis.

D'inis Eoin bréaga di an t-am ar fad. Tháinig sé abhaile déanach san oíche. Is beag meas a bhí aige ar a mháthair. Bhí Eithne go mór trína chéile faoi. Bhí sé i dtrioblóid leis na Gardaí. Tugadh os comhair na cúirte é. Níor gearradh téarma príosúnach air. D'imigh sé chun donais ina dhiaidh sin.

Níor chuidigh a athair Breandán leis. Bhí Breandán mídhílis dá bhean chéile. Bhí sé ag siúl amach le hÚna. Bhí a fhios ag Eoin faoin ngaol sin agus thug Breandán airgead dó chun gach rud a choimeád faoi cheilt ó Eithne.

Sa deireadh chuir na barúin dhruagaí deireadh le saol Eoin. D'fhág siad a chorp i mála sacéadaigh taobh amuigh de theach Eithne. Chuaigh Eoin ar bhóthar a aimhleasa agus cuireadh deireadh lena shaol go tubaisteach.

Ceist 3 (50 m)

A Filíocht Ainmnithe (50 m)

(a) (i) Is é grá téama an dáin seo, dar liom.

Feiceann muid codarsnacht idir dhá chineál grá – an grá idéalach míréadúil agus an grá réadúil. Duine daonna is ea leannán an fhile. Léirítear dúinn nach bhfuil sé foirfe. Is cuma léi faoi sin. Tá an fíorghrá níos doimhne agus níos tábhachtaí ná tréithe fisiciúla.

Sa véarsa deireanach, deir sí nach bhfuil sí buartha faoi lochtanna a leannáin. Léiríonn sé grá di. Déanann sé rudaí deasa di. Is duine maith é – agus tá sin níos tábhachtaí ná tréithe fisiciúla.

(ii) Ceapaim go bhfuil an íomhá sa cheathrú véarsa greannmhar. Sa cheathrú véarsa, déanann sí magadh faoi ghruaig an fhir. Gruaig dheilgneach seachas shíodúil atá air. Is breá liom an íomhá ar dhá chúis. Is anseo a dhéanann sí ómós do shoinéad 130 le Shakespeare.

Chomh maith leis sin, is maith liom fuaim agus ton na bhfocal a úsáideann sí... “(mar bhean dhubh Shakespeare) / ina WIRE deilgní”.

(iii) Is maith liom an dán ar dhá fháth.

I dtús báire, is breá liom rithim an dáin. Cabhraíonn an chomhfhuaim le léamh an dáin. Léitear an dán ar nós seansoinéad traidisiúnta ach nuair a chloistear na focail, leirítear nach gnáthdhán grá é.

Ar an dara dul síos, is breá liom an éifeacht a bhaineann leis na lúibíní. Léiríonn siad gur bean réalaióch í. Cuireann siad an searbhas in iúl. Úsáideann an file iad chun an searbhas a chur in iúl agus chun magadh a dhéanamh faoina leannán. Cuireann siad greann leis an dán freisin.

(b) (i) (a) Tá an fear ag glanadh cré de ghímseán spáide i véarsa a haon.

(b) Tá fuaim bhinn ag baint le véarsa a haon.

(c) Tá an ghrian ag taitneamh i véarsa a dó.

(d) Tá na mná ina seasamh i locháin ar an trá i véarsa a trí.

(ii) Tá an currach i véarsa a ceathair lán lé héisc. Cuirtear íomhá shuaimhneach shásúil os ár gcomhair anseo. Is léir gur éirigh thar cionn leis an bhfear nó na fir an lá sin mar rug siad ar a lán iasc. Níl deifir orthu; rámhaíonn siad an currach i dtír go mall réidh.

Chomh maith leis sin, tá an aimsir go breá. Is minic a bhíonn drochaimsir ann in Éirinn. An tráthnóna seo, áfach, tá an ghrian ag taitneamh; tá sí ag lonrú na farraige. Cuireann sin leis an taitneamh agus an tairbhe a bhain na fir as an lá.

(iii) Is maith liom an dán seo ar dhá fháth.

I dtús báire, is aoibhinn liom an téama: grá d'áit dúchais. Tá grá ag an bhfile dá cheantar dúchais, Árann. Molann sé Inis Mór sa dán. Tá gach rud foirfe faoin oileán, ina thuairim. Bíonn suaimhneas agus síocháin ann; bíonn áthas ar mhuintir an oileáin. Ní bhíonn strus ann.

Anuas air sin, is breá liom dhá fhuaim álainn sa dán: fuaim an spáid agus fuaim na maidí rámha san uisce. Nuair a chloiseann tú na fuaimeanna seo, is léir duit céard iad. Aithníonn gach duine na fuaimeanna seo. Fuaimeanna suaimhneacha séimhe atá iontu – má tá tú ábalta iad a chloisteáil, is léir nach bhfuil aon fhuaim eile ag cur isteach orthu. Cuireann siad leis an atmaisféar síochánta sa dán.

nó

B Filíocht Roghnach (50 m)**(a) Teideal an dáin: An tÓzón (1)****Ainm an fhile: Máire Áine Nic Ghearrailt (1)**

Is é an t-imshaol téama an dáin seo, dar liom.

Is é an ciseal ózón príomhcharacter sa dán seo. Déantar pearsantú ar an gciseal ozóin.

Goilleann an dochar a dhéanann daoine don timpeallacht go mór ar an gciseal ozóin. Cuireann sé seo fearg air mar cosnaíonn an gciseal ozóin muid ón ngrian agus óna gathanna díobhálacha. Deir sé:

‘Rinne Dia fadó mé,

Chun tusa a shaoradh,

Ó iomarca gréine

Agus nithe gránna eile’

Tugann sé rabhadh dúinn aire a thabhairt don timpeallacht. Má leanann muid ar aghaidh, dar leis, millfidh muid agus loitfidh muid ár saol agus ár sláinte. Níor chóir dúinn bheith leithleasach mar is muidne a bheadh thíos leis. Tugann an tÓzón comhairle dúinn ag deireadh an dáin, ‘Glac mo chomhairle, agus mairfidh tú, mairfimid uile’.

(ii) Tá an íomhá de Dhia ag cruthú an Ozóin suimiúil, dar liom.

Rinne Dia an tÓzón chun an cine daonna a chosaint ón ngrian: ‘chun tusa a shaoradh ó iomarca gréine.’

Tá sé suimiúil mar léirítear dúinn go mbaineann an ciseal ozóin, an ghrian agus Dia le nithe atá níos cumhachtaí ná muidne. Níl muid chomh cumhachtach mar a bhraitheann muid uaireanta.

(iii) Is maith liom an dan seo ar dhá fháth.

I dtús báire, is maith liom an teachtaireacht thábhachtach a ghabhann leis. Tá an tÓzón ag fulaingt agus tá sé buartha faoi thodhchaí an domhain. Tugann sé comhairle dúinn aire a thabhairt don timpeallacht láithreach.

Ar an dara dul síos, is maith liom an pearsantú a dhéantar ar an gciseal ózón. Níl an cine daonna ag éisteacht leis na heolaithe – leanann daoine ar aghaidh ag déanamh dochair don timpeallacht. Síleann an file gur chóir go dtiocfadh an teachtaireacht ó dhuine eile. Socraíonn Máire Áine Ní Ghearrailt ar an gciseál ozóin, clúdach cosanta an domhain.

(b) Teideal an dáin: Faoiseamh a Gheobhadsa (1)**Ainm an fhile: Máirtín Ó Díreáin (1)**

Sa dán seo, tá brón agus uaigneas ar an bhfile, Máirtín Ó Díreáin. Bhí air aistriú chuig Baile Átha Cliath chun obair a fháil. Ní maith leis an gcathair. Úsaideann sé friotal gonta chun na tuairimí seo a léiriú:

‘chrá croí,

Ó bhuairt aigne,

Ó uaigneas duairc,

Ó chaint ghontach’

Teastaíonn uaidh filleadh ar a mhuintir féin, muintir Árainn. Is ann a gheobhaidh sé faoiseamh. Is ann a chaithfidh sé seal ag siúl an trá i measc a mhuintire.

(ii) Is é cumha an mothúchán is láidre sa dán, dar liom. Samhlaíonn sé é féin san oileán arís. Is cuimhin leis an áilleacht agus an suaimhneas a bhaineann leis an áit. Síleann se go mbeidh sé suaimhneach agus síochánta ann. Ní bhraithfidh sé an strus a bhaineann le saol na cathrach ann. Gheobhaidh sé faoiseamh ón gcrá croí agus ón mbuairt aigne agus é ann.**(iii) Is maith liom an dán ar dhá chúis.**

I dtús báire, is maith liom an friotal a úsaideann an file chun léiriú a dhéanamh ar an gcodarsnacht idir saol an oileáin agus saol na cathrach. Úsaideann sé friotal séimh chun saol an oileáin a léiriú. Baineann sé úsáid as friotal garbh gonta chun a chuid tuairimí diúltacha i leith na cathrach a léiriú.

PÁIPÉAR I

CUID I: CLUASTUISCINT (60 M)

Cuid A (24 m)**FÓGRA A hAON (12 m)**

RnaG/Raidió na Gaeltachta (3)

Luimneach/Ollscoil Luimnigh (3)

18/Ocht lá dhéag (3)

061 92917 (3)

FÓGRA A DÓ (12 m)

1. (a) Dé Luain seo chugainn (3)

(b) Sacar an Lae (3)

2. (a) Leadóg/comórtas leadóige (3)

(b) A haon (a chlog) (3)

Cuid B (24 m)**COMHRÁ A hAON (12 m)****An Chéad Mhír**

1. Gaeilge (3)

2. Lách, cairdiúil, ceisteanna réasúnta/cothrom (3)

An Dara Mír

1. Meán Fómhair seo chugainn (3)

2. Aiste (3)

COMHRÁ A DÓ (12 m)**An Chéad Mhír**

1. Aréir (3)

2. Cathaoirleach (3)

An Dara Mír

1. Céadaoin (3)

2. Nuacht (litir)/liosta do na clubanna spóirt go léir sa cheantar/comhairle faoi chursaí bia (3)

Cuid C (12 m)**PÍOSA A hAON**

1. 20/fiche (3)

2. Nuacht, ceol, spórt, caint (3)

PÍOSA A DÓ

1. Mí (3)

2. €10,000/deich míle euro (3)

CUID II: CEAPADÓIREACHT (100 M)

A Giota Leanúnach (50 m)

- (i) Thaistéal mé ar fud na cruinne le blianta beaga anuas: an Astráil, Meiriceá, an Eoraip. Is breá liom bheith ag tabhairt cuairte ar áiteanna difriúla le mo chairde nó le mo theaghlach. Taitníonn an Spáinn go mór liom. Is í sin an tír is fearr liom ar domhan. Téim féin agus mo theaghlach chuig deisceart na Spáinne beagnach gach bliain. Bíim ag tnúth go mór leis. Cheannaigh mo thuismitheoirí arasán ann i rith ré an Tiogair Cheiltigh na blianta fada ó shin. Tá sé suite cúpla ciliméadar ón trá. Árasán trí sheomra atá ann. Tá ár linn snámha féin againn. Bíonn an aimsir go hálainn ann. Bíonn an ghrian ag scoilteadh na gcloch den chuid is mó den am. Téimid an chéad dá sheachtain i mí Iúil de ghnáth. Bíonn an teocht ard go leor, thart ar 35 céim Celsius. Is breá liom na Spáinnigh. Bíonn an-spórt agam leo. Tá an Spáinnis ar mo thoil agam toisc go ndéanaim é mar ábhar scoile. Is iomaí saoire iontach a bhí agam ann. Is í an Spáinn an tír is fearr liom gan dabht.
- (ii) Ní mór dom a rá go bhfuil a lán cairde agam. Tá cairde agam ar scoil, i mo chlub óige, ar mo fhoireann peile agus ar eile. Cairde maithe an chuid is mó díobh. Cad is brí le cara maith? Duine lách, macánta, tuisceanach, cabhrach is ea é. Is deacair iad a aimsiú. Rinne mé go leor cairde nuair a bhí mé sa bhunscoil agus sa mheánscoil. Tá go leor cairde agam ar Facebook, sin scéal nua. Ní fíorchairde iad uilig áfach. Is caitheamh aimsire nua é an suíomh sóisialta Facebook agus is áis í seo chun dul i dteagmháil le daoine pé áit ar domhan ina bhfuil siad. Is áis iontach í chun dul i dteagmháil le do chairde nó do ghaolta thar lear. Cuireann daoine griangraif air faoi chóisirí, saoire agus rudaí mar sin. Sílim nach mbíonn mórán príobháideachais ag an té a úsáideann é. Tá an saol níos oscailte sa lá atá inniu ann agus bíonn daoine fiosrach faoi na rudaí a dhéanann daoine eile. Tá neart cairde agam, pé scéal, agus aontaím leis an seanfhocal 'is fearr cara sa chúirt ná punt sa sparán'.
- (iii) Níl aon rud is fearr ar domhan ná a bheith ag éisteacht le ceol. Is aoibhinn liom gach saghas ceoil, go háirithe rac-cheol, popcheol agus r'n'b. Éistim le ceol ar m'íPod nó ar mo fhón póca go rialta, go háirithe nuair a bhím ag ligint mo scíth. Nílím róthógtha le snagcheol nó ceol clasaiceach dáiríre. Is iad One Direction an banna ceoil is fearr liom. Chonaic mé iad i bPáirc an Chrócaigh ag tús an tsamhraidh. Bhí an-éileamh ar na ticéid. Díoladh amach na ceolchoirmeacha go léir. Bhí siad do-chreidte. Is é Niall Horan an ball is fearr liom den ghrúpa. Is Éireannach é. Is as an Muilleann Cearr, Co. na hIarmhí é. Téann na cailíní fiáin nuair a fheiceann siad é – mise san áireamh! Is duine gleoite, dathúil, gealgháireach é. Tá mé i ngrá leis chun na fírinne a rá. Táim ag tnúth lena gcéad cheolchoirm eile. Tá a n-albam go léir agam. Is breá liom an ceol gan dabht.

B Scéal (50 m)

- (i) Trí bliana ó shin a tharla sé ach tá cuimhne an lae sin chomh soiléir i m'intinn go dtabharfainn an leabhar gur tharla sé inné. An geimhreadh a bhí ann. Bhíomar ar thuras scoile leis an Idirbhliain. Turas cúig lá a bhí ann. D'fhanamar i mbrú óige i nGleann Dá Loch i gCill Mhantáin. Aimsir fhuar a bhí ann. Bhuaileamar le chéile ag bun an chnoic. Bhí an treoraí in éineacht linn chomh maith. Shiúlamar go mall suas an cnoc. Chaitheamar uair ag siúl. Go tobann, thit Seán ar an talamh. Ghortaigh sé a rúitín. Bhí sé ag iarraidh dul abhaile. Ní fhéadfadh sé dul níos faide. Go tobann, thit ceo trom timpeall orainn. Bhí sé deacair aon rud a fheiceáil. Bhí eagla an domhain orm. Bhíomar cailte sna sléibhte agus ní raibh aon duine thart chun cabhair a thabhairt dúinn. Thóg mé mo fhón póca amach agus rinne mé iaracht dul i dteagmháil leis na seirbhísí tarrthála. Ba mhór an faoiseamh a tháinig orm nuair a tháinig na seirbhísí tarrthála. Cuireadh Seán bocht ar sínteán agus tógadh é go dtí an t-ospidéal áitiúil. Ghabh mé buíochas le Dia nach raibh sé gortaithe go dona. Bhí áthas orm nuair a bhí mé slán sábháilte. Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an lá sin.
- (ii) Trí bliana ó shin a tharla sé ach tá cuimhne an lae sin chomh soiléir i m'intinn go dtabharfainn an leabhar gur tharla sé inné. An samhradh a bhí ann. Bhí an aimsir go hálainn. Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch. Bhí mé amuigh ag rith timpeall an cheantair. Go tobann, chuala mé duine éigin ag screadaíl i ngar dom. Mo chara Síle a bhí ann. Bhí sí ina cnap ar an talamh. Leath na súile orm. Rith mé chuici. Bhí fearg an domhain uirthi. Thosaigh sí ag caoineadh go faíoch. Bhí a cos ag cur fola. D'inis sí an scéal dom. Bhí an madra ag rith ina diaidh agus thit sí den rothar. Ansin, bhain an madra greim di. Baineadh geit mhór aisti. Thug mé cabhair di éirí as an talamh agus chuir mé fios ar na seirbhísí éigeandála. Tháinig an t-otharcharr gan mhoill. Scrúdaigh an dochtúir a cos agus thug sé instealladh di. Cuireadh bindealán ar a cos agus as go brách linn abhaile. Thug máthair Shíle síob abhaile dúinn. Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an lá sin.

C Litir/Ríomhphost (50 m)

(i)

Chuibh: seán@hotmail.com**Ábhar: Cluiche iontach**

A Sheáin,

Cén chaoi ina bhfuil tú? Tá súil agam go bhfuil tú féin agus do mhuintir i mbarr na sláinte. Tá gach rud ar fheabhas anseo. Ní chreidfidh tú é seo ach bhuamar an cluiche ceannais faoi-18. Bhí an cluiche ar siúl i bPáirc an Chrócaigh Dé Sathairn seo caite. Ba é mise captaen na foirne. Bhíomar ag imirt in aghaidh Coláiste Íosagáin i mBaile Átha Cliath. Cluiche den chéad scoth a bhí ann. Bhí Coláiste Íosagáin chun tosaigh sa chéad leath. An scór a bhí ann ná Coláiste Íosagáin 1-11, Coláiste Mhuire 1-08. Cheap mé go raibh an cluiche cailte againn. Thug bainisteoir na foirne caint inspioráideach dúinn ag leath am chun muid a spreagadh. Chuamar amach ar an bpáirc go fóchmhar ansin chun an cluiche a bhuachaint. D'éirigh thar barr linn. Fuair Síle De Brún cúl ina dhiaidh sin. Léimeamar le háthas. Bhíomar ar chomhscór. Lean an cluiche ar aghaidh agus bhuaill mé an liathróid chuig an tosaí. Gan a thuilleadh moille, phread Bríd é díreach isteach sa chúl. Bhí an lucht leanúna fiáin faoi seo. Bhí an-áthas orm nuair a shéid an reiteoir an fheadóg. Níor chreid mé fianaise mo dhá shúil. Bhíomar iontach sásta. Bhí cóisir againn i ndiaidh an chluiche sa chlubtheach. Bhí ceiliúradh breá againn lenár dteaghlach agus lenár gcairde. Bhí gach duine sona sásta. D'íth mé agus d'ól mé mo shaith an oíche sin. D'fheáchar ar an gcluiche ar an scáileán mór chomh maith. Lean an ceiliúradh ar feadh míosa ar ndóigh!

Cogar, caithfidh mé imeacht anois. Abair le Pádraig go raibh mé ag cur a thuirisce. Ag súil le cloisteáil uait go luath.

Do chara,

Éabha

(ii)

Bóthar Mór,
Ceanannas,
Co. na Mí.

15 Lúnasa

A dhuine uasail,

Cén chaoi ina bhfuil tú? Tá súil agam go bhfuil tú i mbarr na sláinte. Tá gach rud ar fheabhas anseo. Tá mé ag scríobh chugat chun buíochas a ghabháil leat agus le do fhoireann faoi gach rud le linn mo chuid scolaíochta i bPobalscoil Naomh Chiaráin.

Tá an Ardteistiméireacht curtha fúm anois agus mé ag fágáil na scoile. Chaith mé sé bliana sa scoil seo. Is fíor a rá gurbh iad na laethanta is fearr i mo shaol go dtí seo. Bhain mé an-taitneamh agus tairbhe as an tréimhse seo. D'fhoghlaim mé an t-uafás. Aireoidh mé uaim na laethanta sin – na múinteoirí chomh maith, cé gur chráigh mé iad uaireanta. Beidh céim innealtóireachta idir lámha agam i gColáiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair seo chugainn.

Bainigí taitneamh as an samhradh. Tá sé tuillte agat agus do fhoireann go léir. Feicfidh mé thú am éigin.

Mise le meas,
Briain Ó Dálaigh

D Comhrá (50 m)

(i)

- Pól:** Cá bhfuil m'íPad? An bhfaca tú é in aon áit?
- Mamaí:** Ní bhíonn sé as do lámh riamh. Bhí sé agat ar maidin.
- Pól:** Tá sé faighte agam anois.
- Mamaí:** Cad atá a dhéanamh agat anois?
- Pól:** Caithfidh mé dul ar Facebook.
- Mamaí:** Facebook, Facebook, Facebook! Céard sa diabhail a bhíonn á dhéanamh agat ar Facebook?
- Pól:** Á a Mhaim, cén pláinéad a bhfuil tú air? Bím i dteagmháil le mo chairde air.
- Mamaí:** Nach bhfeiceann tú iad ar scoil gach lá?
- Pól:** Feicim, ach tá cairde agam taobh amuigh den scoil chomh maith. Ní fheicim iad rómhinic.
- Mamaí:** Tá tú ag cur do chuid ama amú, a bhuachaill. Ní bhfaighidh tú torthaí maithe ag pleidhcíocht leis sin. Ba cheart duit é a chur as do radharc go dtí go mbeidh an Ardteistiméireacht thart.
- Pól:** A Mhaim, is duine an-seanaimseartha thú. Bíonn gach duine air. Is áis nua-aimseartha é. Bíonn spraoi ag baint leis. Bíonn go leor rudaí le feiceáil ann – griangraif agus scannal an lae.
- Mamaí:** Is beag príobháideachais a bhíonn ag duine a thuilleadh. Caithfidh gach duine a bheith eolach faoi chách.
- Pól:** Á a Mhaim, tá tú chomh seanfhaiseanta.
- Mamaí:** Ní mór duit d'aghaidh a dhíriú ar an staidéar. Caitheann tú an iomarca ama ag scimeáil ar an idirlíon agus ar Facebook. Má leanann tú ar aghaidh mar sin, ní bhfaighidh tú torthaí maithe san Ardteistiméireacht.
- Pól:** Ní chaithim. Déanaim mo dhícheall ar scoil i gcónaí.
- Mamaí:** Nílím róchinnte faoi sin. Tabhair dom an iPad anois. Téigh suas an staighre agus déan do chuid staidéir. Beidh neart ama agat dul air nuair a bheidh an Ardteistiméireacht thart.
- Pól:** Ceart go leor. Feicfidh mé thú níos déanaí.

(ii)

- Aoife:** Conas atá tú? Cad atá ar siúl agat?
- Máire:** Tá mé ag féachaint ar an gclár teilifíse *Mrs Brown's Boys*.
- Aoife:** Ní maith liom an clár sin. Tá sé seafóideach.
- Máire:** Is breá liom é. Bím sna tríthí ag gáire ag féachaint air. Is aoibhinn le mo theaghlach é chomh maith. An bhfaca tú é riamh?
- Aoife:** Chonaic mé é uair amháin. Is breá le mo dhaid é. Is breá leis 'Mrs Brown'.
- Máire:** Is iomaí gradaim atá buaite ag an scríbhneoir Brendan O'Carroll go dtí seo.
- Aoife:** Nach mbeidh an scannán sna pictiúrlanna go luath?
- Máire:** Cinnte, ní féidir liom fanacht. Tá mé ag tnúth go mór leis. An dtiocfaidh tú liom?
- Aoife:** Níl a fhios agam. Is scannán grinn é. B'fhearr liom scannáin eachtraíochta.
- Máire:** Aoife, cad ina thaobh nach dtaitníonn scannáin grinn leat? Níor chuala mé a leithéid riamh. Suigh síos agus féach air liom.
- Aoife:** Ceart go leor
- Máire:** Taitneoidh sé go mór leat. Cuirfidh mé na ticéid in áireamh don scannán amárach.
- Aoife:** Feicfidh mé...

PÁIPÉAR II

Ceist 1 (100 m)

A Sibéal Davitt – Rinceoir ar an Sean-Nós (50 m)

- (a) Chun eolas faoin rince ar an sean-nós a scaipeadh. (5)
(b) Is láithreoir í. (5)
- (a) I Raghmallach, i mBaile Átha Cliath (5)/Raghmallach (5)/Baile Átha Cliath. (5)
(b) Scoil Bhríde (3), Coláiste Íosagáin. (2)
- (a) Rinne sí staidéar ar an nGaeilge agus ar an scannánaíocht (5)/Gaeilge (3), scannánaíocht. (2)
(b) Rinne sí a céad scannán a stiúradh/gearrscannán a bhí ann/potaisiam an t-ainm a bhí air/a deirfiúr Anna a bhí sa phríomhpháirt/bhuaigh an scannán seo duais. (5)
- (a) I nGaeltacht Chonamara (5)/Conamara. (5)
(b) Bíonn an corp díreach/agus bíonn na rinceoirí ag gluaiseacht ar fud an úrláir/ is minic a bhíonn grúpaí ag rince le chéile. (5)
- (a) Is féidir scéal a insint sa dá cheann acu gan teanga ar bith a úsáid. (5)
(b) Cúrsa sa rince comhaimseartha. (5)

B Brian Ó Drisceoil – Laoch Mór Rugbaí (50 m)

- (a) I gCluain Tarbh i mBaile Átha Cliath a rugadh é (5)/i gCluain Tarbh (5)/ Baile Átha Cliath. (5)
(b) Bhuaigh siad Comórtas Corn Rugbaí an Domhain faoi naoi mbliana déag. (5)
- (a) D'imir sé ar fhoireann idirnáisiúnta Rugbaí na hÉireann ar leibhéal na Sinsear den chéad uair. (5)
(b) Bhuaigh Éire an 'Grand Slam'. (5)
- (a) Gortaíodh go dona é/rinneadh drochionsaí air/cuireadh a ghualainn as alt agus b'éigean é a iompar den pháirc ar shínteán. (5)
(b) Bhí fearg ar a lán de lucht leanúna an rugbaí nuair nár roghnaíodh Brian don mhórchluiche deireanach. (5)
- (a) Tá sé láidir (3) agus cróga (2)/is lúthchleasaí iontach é/bhí tionchar láidir aige ar na himreoirí eile/ agus spreag sé iad sa seomra gléasta agus ar pháirc na himeartha/captaen den scoth ba ea é/sár-imreoir rugbaí is ea é/ thuig sé gur ghá do na himreoirí a n-aighe a choimeád ar an imirt i gcónaí chun an cluiche a bhuachan.
(b) Thug siad aitheantas dó as a ról inspioráideach mar imreoir rugbaí. (5)
- (a) Tugadh onóir speisialta dó (5)/bhí níos mó ná míle duine i láthair (5)/taispeánadh cuid de ghaiscí rugbaí Bhriain ar scaileán mór (5)/bhí a lán daoine ag moladh a chuid tallann iontach rugbaí. (5)
(b) Rachaidh sé ag taisteal lena bhean chéile Amy má fhaigheann sise obair mar aisteoir i Meiriceá nó i Sasana (5)/ ba mhaith leis obair charthanach a dhéanamh le cumainn a chabhraíonn le páistí. (5)

Ceist 2 (50 m)

A Prós Ainmnithe (50 m)

- (i) Tá Lisín agus Pól pósta ar feadh fiche bliain/mar pósadh Lisín agus Pól fiche bliain ó shin.
- (ii) Nuair a bhuail Lisín le Pól ar dtús, bhí sé ag obair i siopa. Ní raibh a lán airgid aige. D'aithin Lisín na féidearthachtaí sa bhuachaill aineolach. D'éirigh go maith leis ina shaol. Is léachtóir gnó é anois. Is fear cliste agus saibhir é. Ceannaíonn sé stoc, arasáin agus tithe ar an idirlíon.
- (iii) Tá sé de nós ag Ruán an rud a bhíonn a mháthair ag iarraidh a chloisint a rá léi/dúirt sé go mbeadh an chóisir *cool* ach chreid sé go mbeadh sé *crap*. Níl gaol oscailte macánta ag Ruán lena mháthair. Cuireann sí lagmhisneach air.
- (iv) Cheannaigh sí a lán bia. Bhí dhá reoiteoir lán de bhia aici. Fuair sí gloiní agus fíon ar cíos sa siopa fíona. Phéinteáil sí an teach. Bhí bláthanna sna prócaí. Bhí gach rud glan agus néata. Bhí boird agus cathaoireacha le fáil ar iasacht aici ó na comharsana. Dá mbeadh an lá go breá, bheadh an chóisir acu sa ghairdín. Thug sí cuireadh do na comharsana agus tháinig an tUasal Mac Gabhann go dtí an doras chun glacadh leis.
- (v) Is bean ghnóthach í Lisín. Is bean tí í. Choimeád sí an teach néata agus glan. Bhí sí ina ball de mhórán clubanna, mar shampla clubanna leabhar agus clubanna staire. D'fhreastail sí ar léachtaí éagsúla. Bhí sí ag foghlaim teangacha: Rúisis, Seapáinis, Sínis agus Spáinnis. Bhí suim aici i scannáin agus i ndrámái.

(b) Cur síos ar Niamh, comhrá idir Niamh agus Fionn

Maidin amháin chonaic na Fianna banmharcach álainn ag teacht chucu ar chapall bán nuair a bhí siad ag seilg fá Loch Léin. Bhí coróin álainn ar a ceann agus brat donn síoda le réalta órga ag titim go dtí a cosa. Bhí gruaig fhada óir uirthi agus súile deasa gorma aici. D'fhiafraigh Fionn di cérbh í féin agus dúirt sí gurbh í Niamh Chinn Óir, iníon Rí na nÓg. Dúirt Niamh gur tháinig sí go hÉirinn mar gheall ar an ngrá a bhí aici d'Oisín.

Comhrá idir Niamh agus Oisín, cur síos ar Thír na nÓg

Chuir Niamh Oisín faoi gheasa teacht léi go Tír na nÓg. Bhí na crainn lán le torthaí agus le bláthanna ann. Bhí mil agus fíon go flúirseach sa tír. Gheall Niamh nach rachadh Oisín in aois ann agus nach bhfaigheadh sé bás go deo. Bhí Oisín an-sásta agus shocraigh sé dul léi ar dhroim an chapail go Tír na nÓg. Phóg sé Niamh agus bhí siad sona sásta.

Tír na nÓg

Shroich siad Tír na nÓg. Bhuail siad le Rí agus Banríon Thír na nÓg. Chuir siad fáilte rompu. Dúirt an Rí go mbeadh saol fada ag Oisín ann agus go mbeadh sé óg go deo. Bhí fleá agus féasta acu ar feadh deich n-oíche agus deich lá agus pósadh Oisín agus Niamh.

Saol i dTír na nÓg

Bhí Niamh agus Oisín sona sásta i dTír na nÓg ar feadh tamaill. Bhí beirt mhac agus iníon amháin acu. Fionn agus Oscar agus Plúr na mBan ab ainm dóibh. Bhí uaigneas ar Oisín agus bhí fonn air a athair Fionn agus na Fianna a fheiceáil arís. D'iarr sé an capall bán ar Niamh le dul ar chuairt go hÉirinn.

Rabhadh

Ní raibh Niamh róshásta faoi sin. Dúirt sí leis faoi dhó dá gcuirfeadh sé a chos ar thalamh na hÉireann nach dtiocfadh sé ar ais go deo. Dúirt Oisín nach raibh eagla ar bith air agus go dtiocfadh sé ar ais slán sabháilte. D'fhág sé slán le Niamh agus na páistí agus thug sé aghaidh ar Thír na nÓg.

nó

B Prós Roghnach (50 m)**(a) Teideal an úrscéil: Gafa (1 m)**

Ainm an údair: Ré Ó Laighléis (1 m)

Ainm an phríomhcharacter: Eithne (1 m)

Is í Eithne (máthair Eoin) ceann de na príomhcharacterair san úrscéal seo. Máthair dhícheallach chineálta is ea í. Bean an tí is ea í. Lá amháin bhí sí ag glanadh an tí agus tháinig sí ar phacáiste faoi leaba Eoin. Leath na súile uirthi. Baineadh geit aisti mar thuig sí gur drugaí a bhí ann. Tháinig Eoin abhaile ón scoil go luath an lá sin. Bhí a fhios aici nach raibh sé ag obair ar scoil agus go raibh fadhbanna iompair aige. Ní raibh sí sásta nuair a ghlaigh Eoin 'froggy' ar an múinteoir fraincise. Bhí Eithne buartha faoi Eoin agus a chuid imeachtaí. D'iarr Eithne ar Eoin na gréithe a ní i ndiaidh an dinnéir. Bhí sé ar buile mar bhí deifir air dul amach as an teach. Is cosúil go raibh rud éigin ar siúl aige. Labhair Eithne le Breandán (athair Eoin) faoi imeachtaí Eoin. Tháinig Eoin abhaile go déanach an oíche sin. Cheistigh Breandán é agus d'éist Eithne go géar leis. Ní raibh boladh an óil air agus bhí Breandán sásta leis sin. Ní raibh Eithne ar a compord mar shíl sí go raibh Eoin ag crochadh thart le mac an phoitigéara, Cillian Mac Raghnaill. Ag an mbriseadh lár téarma, chuaigh Breandán ar cuairt chuig a deartháir cé gur chuir sé sin iontas ar Eithne. Ní raibh gaol rómhaith acu lena chéile. Choinnigh Eithne súil ar Eoin ina dhiaidh sin. D'fhéach sí faoin leaba gach lá agus bhí sí sásta nach raibh rian de na drugaí le feiceáil. Cheap sí go raibh sé ag coinneáil na drugaí do dhuine éigin eile. Tráthnóna amháin, níor tháinig Eoin abhaile don dinnéar. Bhí Eithne buartha faoi. Ní raibh imní ar bith ar a dheirfiúr Sinéad. Bhí sí gafa leis an gclár teilifíse *Home and Away*. D'fhan Eithne suas go déanach an oíche sin. Thit sí ina codladh agus dhúisigh sí go déanach. Ní raibh Eoin fós ag an mbaile. Bhí imní an domhain ar Eithne faoi seo. Bhí sé ródhéanach chun fios a chur ar theach Mhic Raghnaill. Thosaigh Eithne ag smaoineamh faoi na ráflaí a bhí ag dul timpeall faoi dhruagaí. Rith sí go dtí an doras chun féachaint amach. Thit Eoin ina chnap os a comhair. Ba bheag nár thit an t-anam aisti. D'fhéach Eithne isteach i súile Eoin agus bhí an t-imreasc leathan dearg agus bolgach. Thug Eithne faoi deara ansin go raibh Eoin gafa le drugaí agus chonaic sí rian na snáthaide i lúb a uillinne. Níor chreid Eithne bocht fianaise a dhá shúil. Is í Eithne príomhcharacter an úrscéil seo 'Gafa' gan dabht.

(b) Teideal an scéil bhéaloidis: An Cearrbhach Mac Cába (2 m)

Feirmeoir bocht ba ea an Cearrbhach Mac Cába. Bhí sé i gcónaí ag imirt cártaí. Ní dhearna sé aon obair ar an bhfeirm. Oíche amháin chaill sé a chuid airgid go léir. Nuair a tháinig sé abhaile bhí mac nua aige. Chuaigh sé ag lorg sagairt. Bhuail sé le fear óg álainn. Dia a bhí ann agus dúirt sé go mbaistfeadh sé a leanbh. Ní raibh an Cearrbhach sásta leis seo mar nach raibh Dia fial dó. Lean sé ar aghaidh. Bhuail sé le strainséir. Fear mór tanaí ba ea é. Bhí sé dubh agus liathbhuí. Dúirt sé gurbh é an Bás a bhí ann. Ba mhaith leis bheith ina charas Críost ag a leanbh. Ansin bhuail siad le Dia arís. Chuaigh an triúr acu go dtí an teach. Bhaist Dia an leanbh, agus bhí an Bás ina charas Críost aige. Fuair an Cearrbhach trí achainí ó Dhia: (1) bua chearrbhach an domhain (2) bua dhochtúirí an domhain, (3) go mbeidh lámh aon duine ag goid úll ó chrann an Chearrbhaigh greamaithe den chrann. Níor inis sé don Bhás faoin tríú hachainí. Rinne an Bás margadh leis an gCearrbhach – dá mbeadh an Bás ina shuí ag cosa na leapa, leigheasfadh an Cearrbhach an duine sin, ach dá mbeadh an Bás ina shuí ag ceann na leapa, thógfadh an Bás an duine sin. D’imigh an Bás, agus lean an Cearrbhach ar aghaidh ag imirt cártaí. Bhuaigh sé a lán airgid. Ansin thosaigh sé ag obair mar dhochtúir. Bhí fear saibhir ina chónaí sa Spáinn. Bhí sé ag fáil bháis. Chuaigh an Cearrbhach chun an fear a leigheas. Bhí an Bás ag ceann na leapa. Fuair sé ceathrar buachaillí. Chas siad an leaba timpeall. Ansin bhí an Bás ina shuí ag cosa na leapa. Leigheas an Cearrbhach an fear. Nuair a bhí sé ag dul abhaile go hÉirinn, rug an Bás greim scornaí air. Rinne an Cearrbhach margadh leis. Lig an Bás dó dul abhaile chun tiomna a dhéanamh. Shroich sé an baile. Nuair a tháinig an bás, bhí coinneal ar lasadh ag an gCearrbhach. D’iarr an Cearrbhach air am a thabhairt dó go mbeadh an choinneal dóite. Thug an Bas an t-am dó. Ansin mhúch an Cearrbhach an choinneal. Fuair sé seacht mbliana eile. Tar éis seacht mbliana, tháinig an Bás ar ais. Dúirt an Cearrbhach leis dul agus úll a fháil ón gcrann dó. Nuair a leag an Bás lámh ar an úll, ghreamaigh sé de. Rinne an Cearrbhach margadh leis an mBás. Fuair sé seacht mbliana eile. Tar éis seacht mbliana sin, tháinig an Bás ar ais arís. Rug sé greim scornaí ar an gCearrbhach. D’iarr an Cearrbhach air ligean dó paidir a rá. Fuair sé an seans. Ní dúirt an Cearrbhach an paidir. Fuair sé seacht mbliana eile. D’imigh an Bás arís. Lá amháin bhuail sé le buachaill ag caoineadh. Dúirt an buachaill nach raibh sé ábalta dul chun Comaoine mar nach raibh paidir ar eolas aige. Mhúin an Cearrbhach an phaidir dó. Leis sin d’éirigh an Bás as corp an bhuachalla agus rug sé greim ar an gCearrbhach. Thacht sé é. Chuaigh an Cearrbhach go hIfreann. Bhuaigh sé gach rud leis na cártaí. Cuireadh amach as Ifreann é. Chuaigh sé go geataí na bhFlaitheas. Thosaigh sé ag imirt cártaí taobh amuigh. Bhí trua ag Naomh Peadar dó. Lig sé isteach é. Chaith an Cearrbhach na cártaí uaidh. Feiceann gach duine a théann ar Neamh iad.

Ceist 3 (50 m)**A Filíocht ainmnithe (50 m)**

(a) (i) (a) Is as na teochreasa an t-ainmhí seo.

*'Ainmhí mé
ainmhí allta
As na teochreasa'*

(b) Feiceann an t-ainmhí *'crann aonraic'* /
Feiceann sé *'na céadta daoine'*

(c) Tagann na céadta daoine chuile lá /
Tagann na cuairteoirí go dtí an zú

(d) Teastaíonn uaidh a bheith saor / Ba mhaith leis a bheith ar ais sna teochreasa
*'A dhéanfadh rud ar bith dom
Ach mé a ligean amach'*

(ii) Is leon/tiogar é.
Is ainmhí fiáin é.
Tá clú agus cáil air.
Tá sé míshona agus míshásta lena shaol.
Tá saol leadránach aige. / Níl aon fhuinneamh aige.
Chuir sé eagla ar dhaoine eile.

- (iii) Tá brón ar an ainmhí. Níl sé sásta sa zú. Níl aon saoirse aige a thuilleadh. Bhí saoirse aige nuair a bhí sé sna teochreasa.
'chroithfinn crainnte na coille
tráth
le mo gháir'
nó
 Tá uaigneas air mar áiríonn sé uaidh an saol a bhí aige fadó sna teochreasa. Bhí saoirse aige ann. Ní raibh smacht air.
- (b) (i) Is é **easpa grá** téama an dáin seo. Bhí an fear agus an bhean pósta. Ní raibh siad sásta sa phósadh. Bhí mianta difriúla acu. Bhí rudaí difriúla ag teastáil uathu. Is fear traidisiúnta é agus is bean neamhspléach í. Tháinig siad ar réiteach agus scar siad.
'Thángthas ar réiteach
Scaradar'
- (ii) Is bean nua-aimseartha í. Ba mhaith léi a bheith pósta agus *'leath den chiste'* a bheith aici. Ba mhaith léi a bheith neamhspléach. Ba mhaith léi a roghanna féin a dhéanamh. Ba mhaith léi taisteal *'saoire thar lear'*.
- (iii) Is maith liom an dán mar is dán réadúil agus nua-aimseartha é. Déanann an file cur síos ar an mbean agus ar an bhfear agus na mianta difriúla atá acu. Níl siad sásta a thuilleadh sa phósadh agus scar siad.
nó
 Is maith liom an dán. Is dán cliste é. Deir an file a lán i mbeagán focal. Tá ceacht le foghlaim ann chomh maith.

nó

B Filíocht Roghnach (50 m)

(a) (i) Teideal an dáin: An tÓzón (1)

Ainm an fhile: Máire Áine Nic Ghearrailt (1)

Is é an baol don timpeallacht príomhsmaointe an dáin seo. Tá an ciseal ózón ag caint sa dán seo. Feiceann sé daoine ag déanamh dochair don timpeallacht. Cuireann sé seo fearg air. Cosnaíonn an tÓzón muid ón ngrian agus óna gathanna díobhálacha. Deir sé:

'Rinne Dia fadó mé,
Chun tusa a shaoradh,
Ó iomarca gréine
Agus nithe gránna eile'

Tugann sé rabhadh dúinn, aire a thabhairt don timpeallacht. Deir sé *'Ná loit rud ar bith, nár chruthaigh tú'*. Má leanaimid ar aghaidh, millfimid agus loitfimid ár saol agus ár sláinte. Ní chóir dúinn bheith leithleasach mar is muidne a bheadh thíos leis.

Tugann sé comhairle dúinn ag deireadh an dáin *'Glac mo chomhairle, agus mairfidh tú, mairfimid uile'*.

(ii) An tÓzón

Déanann an file cur síos ar an obair a dhéanann an tÓzón. Cosnaíonn sé muid ón ngrian agus óna gathanna díobhálacha eile.

'Mise an tÓzón
Anseo i lár na spéire
Rinne Dia fadó mé
Chun tusa a shaoradh
Ó iomarca gréine
Agus nithe gránna eile'

An cine daonna/daoine

Déanann an file cur síos ar an dochar a dhéanann an cine daonna don timpeallacht. Tá siad ag lot rudaí a chruthaigh Dia dúinn. Tugann sé rabhadh dúinn aire a thabhairt don timpeallacht. Deir sé *'Ná loit rud ar bith, nár chruthaigh tú'*.

- (iii) Is é fearg an mothúchán is láidre sa dán seo. Tá fearg ar an Ózón mar níl an cine daonna ag tabhairt aire don timpeallacht. Labhraíonn sé go díreach linn chun an fhadhb a léiriú. Tá ról tábhachtach ag an Ozón. Cosnaíonn an tÓzón muid ón ngrian agus óna gathanna díobhálacha. Deir sé:

*Ná loit rud ar bith
nár chruthaigh tú
i mbéal an Ózón.*

Tá an tÓzón ag fulaingt agus tá sé buartha faoi thodhchaí an domhain. Tugann sé comhairle dúinn aire a thabhairt don timpeallacht láithreach. Tugann sé dóchas dúinn chomh maith go mairfidh gach duine mura loitfidimid aon rud eile ar domhan.

- (b) (i) **Teideal an dáin:** Níl Aon Ní (1)

Ainm an fhile: Cathal Ó Searcaigh (1)

Baineann an dán seo le grá d'áit dhúchais. Tá an file ina chónaí i nDún na nGall. Is breá leis an áit. Rugadh agus tógadh é ansin. Tá sé ag iarraidh a ghrá a mhealladh chun cónaithe ann. Ach b'fhéarr lena ghrá fanacht i mBaile Átha Cliath. Ní maith leis an bhfile Baile Átha Cliath. Is áit 'suarach' í agus bíonn an trácht go dona ann. Tá radhairc níos áille le feiceáil i nDún na nGall. Luann sé na logainmneacha sa cheantar mar shampla, 'Caiseal na gCorr', 'Inis Bó Finne', 'Gleann an Átha', 'Fána Bhuí' agus 'Mín na Craoibhe'. Tá an dúlra go láidir ann. Is áit shuaimhneach shíochánta í Dún na nGall. Is fuath leis an bhfile Baile Átha Cliath agus tá sé ag súil go dtiocfaidh a ghrá go Dún na nGall.

- (ii) Tá an file ina chónaí i nDún na nGall. Is breá leis an áit. Rugadh agus tógadh é ann. Tá sé ag iarraidh a ghrá a mhealladh chun cónaithe ann dá bharr na háilleachta seo. Tá atmaisféar iontach suaimhneach síochánta ann. Ach b'fhéarr lena ghrá fanacht i mBaile Átha Cliath. Ní maith leis an bhfile Baile Átha Cliath. Is áit 'suarach' í agus bíonn an trácht go dona ann. Níl an t-atmaisféar go deas dár leis. Tá radhairc níos áille le feiceáil i nDún na nGall. Is áit shuaimhneach shíochánta í. Is fuath leis an bhfile Baile Átha Cliath agus tá sé ag súil go dtiocfaidh a ghrá go Dún na nGall. Tá díomá agus uaigneas ar an bhfile mar níl a ghrá ag teacht chun cónaithe ann.

- (iii) Is maith liom an dán. Tá sé an-fhileata agus dea-scríofa. Tá na híomhánna go hálainn ann. Déanann sé cur síos ar na háiteanna agus na radhairc dhifriúla i nDún na nGall. Is breá leis an áit. Is áit chiúin agus shíochánta í. Tá suaimhneas le fáil ann.

Is maith liom na fuaimeanna ann. Tá fuaimeanna deasa le cloisteáil ón nádúr. Tá na smólaigh ag canadh. Tá na cloiginí gorma ag déanamh ceoil 'i gclingireacht na gcloiginí gorma'.

PÁIPÉAR I

CUID I: CLUASTUISCINT (60 M)

Cuid A (24 m)**FÓGRA A hAON (12 m)**

Mí Aibreáin / Aibreán (3)

(i) Ceol/amhránaíocht/rince

(ii) Scéalaíocht/dráma/mím (2 + 1)

€20 (fiche euro) (3)

An deichiú lá de Mhárta / 10 Márta (3)

FÓGRA A DÓ (12 m)

1. (a) Gorta (3)

(b) 9 Bealtaine (3)

2. (a) Halla na Pobalscoile (3)

(b) €25 (fiche cúig euro) (3)

Cuid B (24 m)**COMHRÁ A hAON (12 m)****An Chéad Mhír**

1. Eacnamaíocht (3)

2. An-sásta (3)

An Dara Mír

1. Sa gharáiste (beag) (3)

2. Staidéar (3)

COMHRÁ A DÓ (12 m)**An Chéad Mhír**

1. 6.30 / leathuair tar éis a sé (3)

2. (i) Fón póca (2 don chéad ceann, 1 m don dara ceann)

(ii) Raidió

An Dara Mír

1. 30 (tríocha duine) (3)

2. Facebook (3)

Cuid C (12 m)**PÍOSA A hAON**

1. 160 (céad seasca) (3)

2. Siopaí leabhar (3)

PÍOSA A DÓ

1. Dé Domhnaigh seo caite (3)

2. 50 (caoga bliain) (3)

PÁIPÉAR I CUID II: CEAPADÓIREACHT (100 M)

A Giota Leanúnach (50 m)

- (i) Chuaigh mé agus mo chairde go dtí an phictiúrlann an tseachtain seo caite. Mo bhreithlá a bhí ann. Chonaiceamar an scannán 'Skyfall'. Is scannán eachtraíochta é. Bhí na héifeachtaí speisialta dochreidte. Chuir an ceol go mór leis an scannán. Is é Daniel Craig príomhaisteoir an scannáin. Ghlac sé páirt James Bond sa dá scannán eile 'Casino Royale' agus 'Quantum of Solace'. Is sár-aisteoir é. Taitníonn sé go mór liom. Is as Sasana é. Bhíomar faoi dhraíocht ó thús go deireadh an scannáin. Mhair an scannán ar feadh trí huair. Tá neart gradaim buaite ag an scannán go dtí seo. Chan an t-amhránaí Adele an téamamhrán 'Skyfall' agus bhuaigh sí gradam don amhrán sin. Is fiú go mór é a fheiceáil. Ba mhaith liom an leabhar a léamh anois.
- (ii) Is aoibhinn liom mo cheantar dúchais Baile Átha Troim. Is baile beag é i gContae na Mí. Níl aon áit níos fearr ar domhan dar liom. Tá sé suite ar abhainn na Bóinne. Is áit shíochánta agus shuaimhneach í. Tá go leor páirceanna áille ann timpeall an cheantair. Tá go leor staire ag baint leis an mbaile seo. Tagann go leor turasóirí go dtí an áit gach bliain. Tá na radhairc dochreidte ann. Tá Caisleán Átha Troim i lár an bhaile. Tá clú agus cáil air. Is áit álainn í. Uaireanta, feictear lánúin pósta taobh amuigh den chaisleán ar lá a bpósadh. Rinneadh cuid den scannán 'Braveheart' sa chaisleán seo chomh maith. Tagann a lán turasóirí ar cuairt chuig an mbaile go minic. Is baile beag stairiúil é. Is breá liom mo cheantar dúchais.
- (iii) Is aoibhinn liom an deireadh seachtaine. Bíonn saoirse agam ón scoil. Uaireanta téim amach le mo chairde oíche Dé hAoine. Téim go teach mo charad nó chuig an dioscó áitiúil. Maidin Dé Sathairn, bíonn luí isteach agam. Éirím ag leathuair tar éis a deich. Bíonn cith agam. Déanaim m'obair bhaile. Caithim cúpla uair ag staidéar. I ndiaidh an lóin, téim go dtí an t-ionad siopadóireachta. Buailim le mo chairde ann. Bímid ag caint lena chéile. Is breá liom ag crochadh thart leo. Téimid ó shiopa go siopa. Ceannaímid rudaí anseo is ansiúd. Uaireanta téimid go dtí an phictiúrlann. Féachaimid ar scannán maith agus téimid go dtí an bhialann McDonalds. Is aoibhinn liom an deireadh seachtaine. Tugann sé sos dom ó na leabhair agus ó bhrú an tsaoil. Bíonn brón orm nuair a bhíonn sé thart. Bímid i gcónaí ag tnúth leis an gcéad deireadh seachtaine eile.

B Scéal (50 m)

- (i) Bhí mé ar buile liom féin. Mo dhinnéar álainn millte! Thit an pláta ina smidiríní ar an talamh. Bhí sicín rósta, glasraí agus prátaí i ngach áit. Chuala mo mháthair an rí-rá agus an ruaille buille agus rith sí isteach sa chistin. Ní chreidfidh tú cad a tharla ina dhiaidh sin. Shleamhnaigh sí ar an urlár tais. Lig sí scread mór millteach aisti. Ní mó ná sásta a bhí sí. Bhí sí gortaithe go dona. Bhí a cos ataithe. Chuir mé fios ar na seirbhísí éigeandála. Mhínigh mé an scéal dóibh. Tháinig an t-otharcharr gan mhoill. Cuireadh Mam bocht ar sínteán agus tógadh í go dtí an t-ospidéal. Scrúdaigh an dochtúir a cos go mion. Ar ámharaí an tsaoil, ní raibh sé briste. Chuir an t-altra bindealán ar a cos agus thug sí oideas di. Bhí uirthi siúl le maide croise ar feadh seachtaine. Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an lá sin.
- (ii) Is cuimhin liom go maith é. Bhí mé trí bliana déag d'aois ag an am. Bhí mo thuismitheoirí ar saoire sa Fhrainc. D'fhág siad mé i bhfeighil an tí. Oíche Dé hAoine a bhí ann. Shocraigh mé cóisir a eagrú i mo theach. Chuir mé fios ar mo chairde go léir. Tháinig siad go léir chug mo theach. Bhí an chóisir faoi lán seoil ar a naoi. Bhí Pól ina fhear an tí. Sheinm sé na hamhráin is déanaí sna cairteacha. Bhí gach duine in ard ghiúmar. Thosaigh mo chairde ag ól agus ag damhsa. Go tobann, bhris scliúchas amach. Bhuail Liam Seán. Ní fhaca mé a leithéid riamh. Lig sé scread mór millteach as. Thit Seán ina chnap ar an talamh. Leath na súile orm. Bhí sé chomh bán le sneachta. Chuir mé fios ar na seirbhísí éigeandála. Bhí mé ar crith le heagla. Bhí ceann Sheáin ag cur fola. Níorbh fhada gur tháinig an t-otharcharr. Bhí sé gan aithne gan urlabhra. Cuireadh é ar sínteán agus tógadh é go dtí an t-ospidéal láithreach bonn. Chuaigh mé féin agus Liam in éineacht leis. Chuir mé fios ar thuismitheoirí Sheáin agus d'inis mé an scéal dóibh. Tháinig Seán chuige féin cúpla uair ina dhiaidh sin. Bhí áthas an-domhain orainn. Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an lá sin.

C Litir/Ríomhphost (50 m)

(i)

Chuig: **seándebrún18@hotmail.com** (1 m)

Ábhar: Seó nua tallainne ar RTÉ

A Sheáin,

Cén chaoi an bhfuil tú? Tá súil agam go bhfuil tú i mbarr na sláinte. Tá gach rud ar fheabhas anseo. Ghlac mé páirt i dtrialacha don seó nua tallainne ar RTÉ an Satharn seo caite. Bhí siad ar siúl san O2 i mBaile Átha Cliath. Ar chuala tú faoi?

Is í Gráinne Seoige láithreoir an chláir nua seo. Bhí slua mór daoine ann. Chaith mé an lá go léir ann. Bhí atmaisféar leictreach ann. Chonaic mé fógra faoin gclár ar Facebook ag lorg ceoltóirí cumasacha. Shocraigh mé cur isteach air. Ní chreidfidh tú é seo ach d'éirigh go hiontach liom. Chan mé an t-amhrán 'Get Lucky' le Daft Punk. Thaitin sé go mór leis na moltóirí. Sheinm mé an giotár chomh maith. Mhol na moltóirí mé go hard na spéire. Beidh mé ar an teilifís Dé Domhnaigh seo chugainn ar a hocht an chloig. Cogar, caithfidh mé imeacht anois. Beidh mé ag caint leat go luath.

Bríd (1)

(ii)

Bóthar na Trá,
Cluain Tarbh,
Baile Átha Cliath 3.

15 Lúnasa

A Uncail Liam,

Cén chaoi an bhfuil tú? Tá súil agam go bhfuil tú i mbarr na sláinte. Tá gach rud ar fheabhas anseo.

Fuair mé na ceachtanna tiomána sa phost. Go raibh míle maith agat. Tá tú an-fhlaithiúil. Ní raibh mé ag súil leis sin. Bhí sceitimíní áthais orm nuair a fuair mé iad. Mar is eol duit, tá an-spéis agam sa tiomáint. Tá mo chairde go léir ag tiomáint le bliain anuas.

Fuair mé mo chéad cheacht ar maidin. Níor éirigh rómhaith liom. Bhí mé an-neirbhíseach. Bhí an teagascóir tiomána an-deas liom. Stop an carr cúpla uair. Bhí mé náirithe ar fad. Chuir sé mé ar mo shuaimhneas agus thug sé comhairle mhaith dom. Tíocfaidh feabhas orm le tuilleadh cleachtaidh. Beidh mo chéad cheacht eile agam an Satharn seo chugainn. Tá mé ag tnúth go mór leis.

Cogar, caithfidh mé imeacht anois. Abair le Máire go raibh mé ag cur a tuairisce. Go raibh míle maith agat arís. Tá mé fíor-bhuíoch díot. Beidh mé ag caint leat go luath.

Slán go fóill,

Mairéad

D Comhrá (50 m)

(i)

Máthair: Ar smaoinigh tú faoin áit ar mhaith leat a bheith i do chónaí an bhliain seo chugainn?

Liam: Níor smaoinigh mé mórán faoi, chun na fírinne a rá. B'fhearr dom fanacht go dtí go dtiocfaidh na torthaí amach. Cad a cheapann tú?

Máthair: Nach bhfuil árasán curtha in áirithe ag Seán don bhliain seo chugainn cheana?

Liam: Tá.

Máthair: B'fhéidir gur chóir duit féachaint ar chúpla árasán ar aon nós. Beidh na torthaí ag teacht amach go luath. Beidh ort smaoineamh faoi.

Liam: Is dócha. Tá an ceart ar fad agat.

Máthair: Féach ar an suíomh idirlíon www.daft.ie agus cuardaigh lóistín i ndeisceart na cathrach.

Liam: Ceart go leor. Gheobhaidh mé mo ríomhaire glúine anois.

Máthair: Sin plean maith.

Liam: Is féidir liom fios a chur ar chuid acu.

Máthair: Beidh mé ag dul go Baile Átha Cliath amárach. Is féidir leat teacht liom agus féachfaidh mé ar na hárasáin leat.

Liam: Sin iontach. Ní mór dom féachaint orthu láithreach.

Máthair: Is fearr é a dhéanamh anois. Beidh éileamh mór ar lóistín nuair a thagann na torthaí amach.

Liam: Cinnte. Go raibh maith agat.

(ii)

Máire: Ar mhaith leat dul ar saoire go dtí an Spáinn tar éis na hArdteistiméireachta?

Siobhán: Bhí na cailíní go léir ag caint faoi inné.

Máire: Ní dóigh liom é. B'fhearr liom fanacht in Éirinn.

Siobhán: Cén fáth? Beidh am iontach againn.

Máire: Cá bhfuil siad ag dul?

Siobhán: Áit éigin sa Spáinn.

Máire: Níl aon airgead agam chun dul ar saoire ann. Tá sé an-chostasach.

Siobhán: Beidh mé ag dul go teach Shíle i ndiaidh na scoile amárach. An dtiocfaidh tú liom? Féachfaimid ar na suíomhanna saoire go léir.

Máire: Níl mé cinnte.

Siobhán: Gheobhaimid saoire saor ann. Cloisim go bhfuil lacáistí maithe ann na laethanta seo.

Máire: Cá bhfaighidh tusa an t-airgead chun dul ar saoire?

Siobhán: Tá beagán airgid i dtaisce agam sa bhanc. Tabharfaidh mo thuismitheoirí an-chuid eile dom mar bhronntanas. Tabharfaidh do dhaid airgead duit.

Máire: Smoaineoidh mé faoi. Labhróidh mé leat amárach.

Siobhán: Ceart go leor

PÁIPÉAR II

Ceist 1 (100 m)

A JFK in Éirinn – Caoga Bliain Ó Shin (50 m)

1. (a) John Fitzgerald Kennedy/JFK/Uachtarán Mheiriceá/bhí pearsa mhór idirnáisiúnta, Uachtarán Mheiriceá, ag tabhairt cuairt oifigiúil ar Éirinn. (5)
(b) 4 lá/ceithre lá/chaith sé ceithre lá. (5)
2. (a) Loch Garman/bhuail sé lena ghaolta go léir i gCo. Loch Garman. (5)
(b) Shuigh sé i gcistin a chol ceathrair, Mary Ryan (5) agus d'ól sé cupán tae. (5).
3. (a) Bualadh a bhád patróil, PT-109, agus rinneadh damáiste mór dó. (5)
(b) Ní raibh aon Chaitliceach ina Uachtarán roimhe sin (3)/cheap daoine go raibh sé ró-shaibhir agus ró-óg (2)/níor thuig sé fadhbanna an ghnáthdhuine (2) (3 + 2)
4. (a) Maraíodh in Dallas, Texas é i mí na Samhna 1963 (5)
(b) Rud amháin a rinne sé: Bhuail sé le ceannairí na Rúise (5)/thosaigh sé cainteanna ar laghdú na n-arm núicléach (5)/bhí sé láidir ach stuama ciallmhar nuair a bhí baol cogaidh ann faoi Chúba (5)/chabhraigh sé leis na daoine nuair a bhí siad ag lorg a gcearta (5)
Rud amháin nár éirigh leis a dhéanamh: Níor éirigh leis Meiriceá a choimeád as an gcogadh in Vítneam (5)
5. (a) Thóg sé dhá rud thábhachtacha leis go Meiriceá: dúil mhór sa tsaoirse agus creideamh láidir i nDia (5) /dúil mhór sa tsaoirse (3) Creideamh láidir i nDia (2)
(b) Ar chuairt JFK/i mbliana, tá muintir Loch Garman ag smaoineamh siar ar chuairt JFK (5)

B Fionnuala Britton – Lúthchleasaí Órga na hÉireann (50 m)

1. (a) Craobh an hÉorpa sa rás trastíre/bhuaigh Fionnuala Britton, lúthchleasaí as Cill Mhantáin, craobh na hEorpa sa rás trastíre. (5)
(b) Lá geimhriúil a bhí ann (3)/an aimsir an-fhuar (2)/bhí brat trom sneachta ar an gcúrsa. (2) (3 + 2)
2. (a) Chláraigh sí leis an gclub lúthchleasaíochta áitiúil. (5)
(b) Haca (3)/camógaíocht (2)/d'fhreastail sí ar an gColáiste Doiminiceach i mBaile Chill Mhantáin, d'imir sí haca agus camógaíochta. (5)
3. (a) Cúrsa in eolaíochta an spóirt/rinne Fionnuala cúrsa in eolaíocht an spóirt. (5)
(b) Ba ghnách léi filleadh abhaile ar a teaghlach agus ar a cairde ag an deireadh seachtaine/bhí nós aici dul ag rith ar bhóithre agus ar chúrsaí trastíre ina ceantar dúchais féin nuair a bhíodh sí sa bhaile. (5)
4. (a) Chuaigh sí ag traenáil go dian in ionad spóirt thar lear. (5)
(b) Chríochnaigh sí sa chúigiú háit déag. (5)
5. (a) Tá dhá aidhm ag Fionnuala anois: cáiliú do na cluichí Oilimpeacha in Rio De Janeiro sa bhliain 2016 agus rith sa mharatón uair éigin amach anseo. (5)
(b) Céad fiche míle (120 míle). (5)

Ceist 2 (50 m)**A Prós Ainmnithe (50 m)**

(It is important to mention all points asked otherwise marks will be lost.)

- (a) (i) Tá Catherine agus a máthair sa charr. Tá siad ag fanacht ar chúramóir na máthar. Tá máthair Catherine ag iarraidh dul go dtí an leithreas agus tá sí ag gearán. Tagann an cúramóir chun aire a thabhairt di. Deir Catherine léi go mbeidh sí ar ais ag am tae. Tagann Paul isteach ar an traein.
- (ii) Tá sé mór, dall agus ciotach (*awkward*). Suíonn sé síos in aice le Catherine. Tá sé cairdiúil agus cainteach. Tá sé ag dul ar a laethanta saoire cois farraige. Tá sé ag caint gan stad gan staonadh. Tá sé beagáinín saonta agus tá muinín aige as daoine. Tá asma air ó bhí sé sé bliana d'aois.
- (iii) Bíonn an asma go dona aige agus bhí sé ar an raidió ag caint faoi uair amháin. Bhí sé an-bhródúil as sin.
- (iv) Tá sé ábalta cur síos a dhéanamh ar na radhairc taobh amuigh den fhuinneog. Déanann sé cur síos ceart orthu. Insíonn Catherine bréag dó. Cuireann sí an dallamullóg air. Deir sí go bhfuil loch agus báid taobh amuigh. Tagann taom asma air. Tá sé trína chéile mar go gceapann sé go raibh sé mícheart faoi na radhairc. Úsáideann sé a análoir agus tá sé ceart go leor. Ní chabhraíonn sí le Paul siúcra a chur ina chupán caife. Tosaíonn sé ag ithe a cháca milis. Níl béasa deasa aige. Líonann sé a bhéal leis an gcáca milis agus slogann sé an caife siar. Déanann sé a lán torainn. Tá gach rud ag príslineach amach as a bhéal. Cuireann sé samhnas ar Catherine.
- (v) Tá sí ag léamh scéil. Tá Paul ag cur isteach uirthi. Insíonn sí bréag dó. Cuireann sí an dallamullóg air arís. Deir sí gur ith sé leathphéist a bhí sa cháca milis. Tá Paul trína chéile. Níl a análoir aige. Sciobann Catherine é ón mbord. Tá Paul ag lorg cabhrach. Tá sé i bpian. Tá Paul ag fáil bháis. Sa deireadh cuireann Catherine an t-análoir ar ais ar an mbord. Níl Paul in ann lámh a chur air. Seasann sí suas agus fágann sí Paul ina aonar. Faigheann Paul bás.

nó

- (i) Tá Micil agus Séamas ina chónaí lena chéile. Is cláiríneach é Micil. Tá Séamas 25 bliain d'aois. Bíonn sé ag tabhairt aire dó ó bhí sé trí bliana déag d'aois. Díolann sé móin dó. Is duine suarach é Micil. Coimeádann sé an t-airgead go léir. Tá sé ag iarraidh carr asail a cheannach. Braitheann Micil go mór ar Shéamas. Luann Séamas go bhfuil spéis aige dul go Sasana. Ní thaitníonn an smaoineamh sin le Micil mar tá a fhios aige go mbeidh sé fágtha ina aonar. Deir sé leis gur amadán é. Milleann sé a mhuintín i gcónaí. Maslaíonn sé é.
- (ii) Lá amháin, tagann cailín dathúil go dtí an teach. Bhí bia á lorg aici. Tincéir a bhí inti. Dúirt sí go raibh sí ag teitheadh óna hathair, Iarla Chonnacht. Dúirt sí gur mhaith léi dul go Sasana. Bhí sí bréan den saol a bhí aici sa chaisleán. Bhí saoirse ag teastáil uathí. Creideann Séamas gach a dúirt sí. Mhol sí é go mór. Thug sí muinín dó. Dúirt sí go raibh easpa airgid aici. Nuair a chloiseann Micil an chaint sa chistin, deir sé leis í a chaitheamh amach. Socraíonn siad dul go Sasana lena chéile. Maslaíonn Micil é.
- (iii) Ag deireadh an ghearrdhráma, tagann fear isteach sa teach agus bíonn sé ag lorg Míoda. Insíonn Míoda do Shéamas gur tincéir í. Insíonn sí bréaga agus goideann sí rudaí. Bíonn brón ar Shéamas nuair a chloiseann sé é sin.
- (iv) Binncheol is ainm don lasair choille. Tá sé mar pheata aige. Ní thuigeann Séamas an fáth nach mbíonn sé ag canadh. Níl an t-éan sásta sa chás mar tá sé i ngéibheann. Nuair a ligeann Séamas an t-éan saor, bíonn saoirse aige. Cloiseann sé é ag canadh den chéad uair. Níl sé i ngéibheann a thuilleadh. Tugann sé saoirse dó. Foghlaimíonn Séamas ceacht.
- (v) Ní thaitníonn Micil liom. Ní raibh sé deas le Séamas. Mhaslaigh sé é go mór. Ní raibh aon mhuintín aige as féin dá bharr. Níor thug sé aon saoirse dó.
- (b) Tá Seán pósta le bean. Tá post aige. Bíonn tuirse air nuair a thagann sé abhaile ón obair. Is bean tí í a bhean chéile. Tá leanbh amháin acu. Tugann sí aire dó. Ní bhíonn fonn cainte ar Sheán nuair a thagann sé abhaile ón obair. Léann sé an páipéar. Tá an bhean ag iarraidh caint leis. Níl sí sásta le Seán. Tá tuirse uirthi chomh maith. Bhí sí ag obair sa teach agus ag tabhairt aire don leanbh an lá ar fad. Bhí sí cantalach. Deir an bhean go bhfuil sí féin agus Seán i suirbhé sa pháipéar. Deir sí gur tháinig bean thorrach go dtí an teach i mí Eanáir. Bhí sí ag déanamh suirbhé. Dúirt bean an tsuirbhé go raibh sí féin agus a fear céile ag iarraidh teach nua a cheannach. Dar leis an tsuirbhé, tá an ceathrú cuid de mhná pósta na tíre míshona. Tá ionadh ar Sheán nuair a chloiseann sé go bhfuil a bhean chéile míshásta. Bhí an bhean ag iarraidh post a fháil. Bhí sí ag iarraidh sorn nua a cheannach don teach. Ní raibh an fear sásta nuair a chuala sé go raibh a bhean ag iarraidh dul amach ag obair. Éiríonn sé feargach. Ní maith leis

go bhfuil a bhean ag tabhairt eolais do strainséir. Dúirt an bhean leis gur inis sí bréag do bhean an tsuirbhé. Bhí sí mímhacánta. Tosaíonn sí ag caint faoi na Síngigh. Nuair a fhaigheann fear bás, dóitear an bhean chéile leis an bhfear. Bhí ról amháin ag an mbean dar leo: páistí a thabhairt ar an saol agus aire a thabhairt dá fear. Ceapann an bhean go raibh bean an tsuirbhé ag insint bréag di faoina post. Titeann Seán ina chodladh ag deireadh an scéil.

nó

B Prós Roghnach (50 m)

(a) Teideal an scannáin: 'Clare Sa Spéir' (1 m)

Ainm an scríbhneora: Audrey O'Reilly (1 m)

Is scannán nua-aimseartha é seo faoi theaghlach atá ina gcónaí i dteach leathscoite i mbruachbhaile i mBaile Átha Cliath. Tá go leor eachtraí sa scannán seo. Is iad Clare agus Eoin na tuismitheoirí. Níl gaol rómhaith eatarthu faoi láthair. Tá fadhbanna sa phósadh. Tá cúigear páistí acu: beirt mhac agus triúr iníonacha. Tá post ag Lisa, an iníon is sine.

Ag tús an scannáin tá an chlann ag an mbord sa chistin ag ithe a mbricfeasta. Tá rírá agus ruaille buaille ann idir na páistí. Briseann foighne Clare leo. Ligeann sí cúpla béic aisti agus deir sí leo dul ar scoil. Brostaíonn siad amach. Ceapann siad go bhfuil a máthair beagáinín ait faoi láthair. Tosaíonn comhrá idir Clare agus Eoin. Léann Eoin scéal amach as an bpáipéar faoi dhuine ar éirigh leis a ainm a chur sa Leabhar Curiarrachtaí Guinness. D'fhan sé curtha faoi thalamh i mbosca ar feadh seacht lá is seasca. Ceapann Eoin gur gníomh buille é sin. Téann sé amach ag obair go tapa gan slán ceart a fhágáil ag a bhean. Ní phógann sé í.

Tá Clare sa chistin ina haonar. Tá frustrachas agus míshástacht uirthi. Níl meas ag a clann uirthi. Déanann siad talamh slán di. Tugann sí sracfhéachaint ar an scéal sa nuachtán agus imíonn sí. Tá plean aici. Nuair a thagann an iníon is óige abhaile, níl a máthair ann. Siúlann sí amach sa ghairdín. Feiceann sí cosa na máthar ar iobarna ó chrann. Síleann an iníon agus an lucht féachana gur chuir Clare a lámh ina bás féin. Ligeann an iníon scread uafásach aisti. Ach níl an mháthair marbh. Dhreap sí suas sa chrann. Tá sí ag iarraidh áit a fháil sa Leabhar Curiarrachtaí Guinness trí fhanacht ansin ar feadh dhá lá is tríocha.

Ceapann na páistí go bhfuil sí as a meabhair. Éiríonn Eoin cantalach léi. Deir Clare lena comharsa béal dorais gur mhaith léi a hainm a fheiceáil sa Leabhar Curiarrachtaí Guinness. Síleann an bhean gur seift mhaith é sin. Fanann Clare sa chrann. Fad is atá sí ann, caitheann sí a cuid ama ag fuáil agus ag éisteacht le ceol. Níl Eoin in ann obair an tí a dhéanamh agus éiríonn sé an-chrosta léi. Téann sé go dtí an teach tábhairne. Mothaíonn sé go bhfuil gach duine ag caint faoi Clare agus tagann sé abhaile go luath. Tá na páistí thuas sa chrann ag caint le Clare.

Tar éis tamaill tagann athrú meoin ar Eoin. Déanann sé clúdach canbháis di chun í a chosaint ón mbáisteach. Labhraíonn sé go tuisceanach léi agus admhaíonn sé go dtuigeann sé anois cén fáth a ndeachaigh sí ar stailc. Déanann sé bosca don teilifís di ionas go mbeadh sí ábalta 'Coronation Street' a fheiceáil. Tagann feabhas mór ar an ngaol idir Eoin agus Clare ina dhiaidh sin. Bíonn Eoin ag caint léi thuas sa chrann agus titeann siad i ngrá arís. Fanann Clare sa chrann go ceann tríocha is a dó lá. Ceapann sí go bhfuil an tseanchuriarracht sáraithe aici. Ach ansin insítear di gur chaith an duine eile tríocha is a haon bliain sa chrann agus go bhfuil sé fós thuas ann. Is cuma léi. Tá a haidhm féin bainte amach aici. Tá gaol i bhfad níos fearr aici lena fear céile agus lena páistí. Léimeann sí anuas den chrann. Tarlaíonn go leor eachtraí sa scannán seo.

nó

Teideal an dráma: 'An Triail' (1 m)

Ainm an údair: Máire Ní Ghráda (1 m)

Déanann an t-údar cur síos ar an saol a bhí ag máithreacha singil agus an chaoi a chaitear leo in Éirinn i rith na seascaidí. Bhí tionchar mór ag creideamh ar shaol na ndaoine le linn an ama sin. Téann cailín óg soineanta darb ainm Máire Ní Chathasaigh chuig rince oíche amháin. Buailéann sí le fear pósta. Pádraig Mac Carthaigh ab ainm dó. Máistir scoile is ea é. Meallann sé Máire agus insíonn sé bréaga di. Tá sé pósta agus deir sé léi go bhfuil a bhean chéile tinn agus nach bhfuil ag éirí rómhaith leo. Is duine saonta í Máire agus creideann sí gach a deir Pádraig. Téann sé i bhfeidhm go mór uirthi. Bíonn sí faoi gheasa aige. Cuireann sé an dallamullóg uirthi. Ligeann sé air go bhfuil sé sásta í a phósadh. Deir sé 'Leis an bhfáinne seo, déanaim tú a phósadh'. Bíonn Máire faoi dhraíocht aige. Titeann Máire i ngrá leis. Deir sé léi gan a ainm a lua le haon duine faoin gcuidreamh atá eatarthu. Ansin, éiríonn Máire torrach. Nuair a fhaigheann Pádraig amach go bhfuil sí torrach, cailleann sé a chuid suime inti. Tréigeann sé í. Nuair a fhaigheann a máthair amach go bhfuil sí torrach, caitear amach as an teach í. Tá a máthair náirithe os comhair an tsaoil 'Mallacht ar an té a tharraing an náire seo anuas orainn' agus 'Mallacht Dé ortsa, a striapach'. Iar-rann a máthair uirthi an leanbh a mharú nó an t-athair a phósadh. Tréigeann sí í. Bíonn an leanbh ag Máire bocht.

Tugann a cara Mailí cabhair di. Nuair a insíonn sí do Phádraig go bhfuil leanbh aici, tugann sé cluas bodhar di. Bíonn saol cruu ag Máire agus caitear go dona léi. Ag deireadh an dráma, maraíonn Máire a leanbh agus cuireann sí lámh ina mbás féin. Tarlaíonn go leor eachtraí sa dráma seo. Scéal tragóideach atá ann.

(b) Teideal an ghearrscéil: 'An tÁdh' (1 m)

Ainm an údair: Pádraig Ó Cónaire (1 m)

Bhí Pádraig (an príomhcharacter), Micilín agus Séamas ina gcónaí faoin tuath in aice na farráige. Buachaillí beoga ab ea iad. Bhain siad an-spórt as an saol. Lá amháin bhí fonn orthu dul áit éigin. Bhí siad ar a laethanta saoire agus ní raibh fonn oibre orthu. Bhí spórt agus spraoi ag teastáil uathu. Dúirt Pádraig go raibh Tom Bheag ag dul go Garumna an lá sin. Bhí margadh muc ar siúl ann. Shocraigh siad dul i ngan fhios do Tom Beag. Ach, bhí ar dhuine amháin fanacht siar chun a rá le Tom go raibh dhá mhuc eile sa bhreis sa bhád. (Bheadh an bheirt eile i málaí ag ligean orthu gur muca iad.) Mar sin bhí crannchur acu. Bhí trí thráithnín acu. Bhí ar an duine a tharraing an ceann is faide fanacht. Bhí ar Phádraig fanacht. Bhí díomá an-domhain air. Dúirt na buachaillí eile leis go mbeadh lá eile aige. Cheangail Pádraig na buachaillí sna málaí ar an mbád agus d'inis sé an scéal do Tom Bheag. Bhí Tom ar meisce agus bhí cúpla táilliúir in éineacht leis. Bhí Pádraig ag caoineadh le díomá nuair a bhí an bád ag dul amach sa chuan. Ghoill sé sin go mór air. Bhí na buachaillí eile sásta leo féin. Thit Pádraig ina chodladh. Nuair a dhúisigh sé, bhuail sé le Máthair Mhicilín. Bhí sí trína chéile. Nuair a chuala sí go raibh Micilín sa bhád, phléasc sí amach ag caoineadh. Chuaigh sé abhaile. Bhí athair Shéamuis ann. Nuair a chuala sé go raibh Séamus sa bhád, d'fhág sé an teach. Mhínigh máthair Phádraig dó gur iompaigh an bád bun os cionn. Níor tháinig aon duine slán ón mbád. Bád gach duine ar bord. Bhí brón ar Phádraig nuair a chuala sé an scéal. Chaill sé a dhlúthchairde. Bhí an t-ádh air nár bád é chomh maith.

Ceist 3 (50 m)**A Filíocht Ainmnithe (50 m)**

- (a) (i) (a) Níl an fear seo dathúil. Níl sé cosúil leis na bláthanna a fhásann ar chrann sa ghairdín.
 (b) Fásfaidh na nóiníní as a chluasa: 'Is as a chluasa a fhásfaidh siad'
 (c) Tá súile an fhir róghar dá chéile. Níl a shúile glas agus ceolmhar: 'Ní haon ghlaise cheolmhar / lad a shúile / (Táid róchógarach dá chéile / ar an gcéad dul síos)'
 (d) Tugann sé úlla agus caora fíniúna don fhile: 'Tugann sé dom / úlla / (is nuair a bhíonn sé i ndea-ghiúmar caora fíniúna).'
- (ii) Is duine deas cineálta é an fear. Sin é an fáth gur thit sí i ngrá leis. Tá sí sona sásta leis, cé nach bhfuil sé dathúil. Tá a phearsantacht i bhfad níos tábhachtaí di ná a chuma. Tá meas mór aici air. Is duine cneasta é. Tugann sé úlla agus caora fíniúna di: 'Tugann sé dom / úlla / (is nuair a bhíonn sé i ndeá-ghiúmar caora fíniúna).
 Tá sí breá sásta leis.
- (iii) Níor thaitin na híomhanna den fhear liom. Déanann sí cur síos air. Tá a shúile róchógarach dá chéile 'táid róchógarach dá chéile, ar an gcéad dul síos'. Tá a ghruaig cosúil le 'WIRE deilgní'. Ní mholann sí a chuma. Thaitin pearsantacht an fhir go mór liom. Tá sé seo i bhfad níos tábhachtaí di. Is duine cineálta agus cneasta é. Tugann sé aire mhaith di. Tá sé seo níos tábhachtaí di ná aon rud eile. Molann sí é sa chaoi seo.
- (b) (i) (a) Bíonn sé ag siúl an drúchta go luath ar maidin: 'ag siúl an drúchta go moch ar maidin'
 (b) Cluain gheal Meala
 Tiobraid Árann
 Carraig na Siúire
 Callainn
 Dúrlas
 Caiseal
 (c) Cloiseann sé na daoine ag rá 'Sin chu'ibh an Spailpín Fánach!'
 (d) Cuireann siad ceist air an bhfuil obair aige: 'á fhiafraí an bhfuilim híreálta;'
- (ii) Bhí saol cruá ag an Spailpín. Bhí sé beo bocht. Bhí a shláinte go dona. Bhí sé tinn go minic: 'ag bailiú galair ráithe'. Ní raibh na Sasanaigh deas leis. Ní raibh meas madra aige orthu: 'bodairí na tíre.'
- (iii) Is maith liom an dán seo. Tá scéal an dáin suimiúil. Is maith liom an íomhá den spailpín. Ba fhear oibre é. D'oibrigh sé go dian. Thaisteal sé ar fud na háite ag lorg oibre. Rinne sé a dhícheall.
 Is maith liom an cur síos a thugann an file ar a shaol. Bhí trua agam dó. Ní raibh na Sasanaigh deas leis. Gláonn sé 'bodairí' orthu. Ní maith leis ag obair dóibh. Ni maith leis an saol atá aige. Bíonn sé tinn go minic.

nó

B Filíocht Roghnach (50 m)**(a) (i) Teideal an dáin: 'An tÓzón' (1)****Ainm an fhile: Máire Áine Nic Ghearailt (1)**

Is é an baol don timpeallacht téama an dáin seo. Tá an ciseal ózóin ag caint sa dán seo. Feiceann sé daoine ag déanamh dochair don timpeallacht. Cuireann sé seo fearg air. Cosnaíonn an tÓzón muid ón ngrian agus óna gathanna díobhálacha. Deir sé: 'Rinne Dia fadó mé, / Chun tusa a shaoradh, / Ó iomarca gréine / Agus nithe gránna eile'

Tugann sé rabhadh dúinn, aire a thabhairt don timpeallacht. Deir sé 'Ná loit rud ar bith, nár chruthaigh tú. Má leanaimid ar aghaidh, millfimid agus loitfimid ár saol agus ár sláinte. Ní chóir dúinn bheith leithleasach mar is muidne a bheadh thíos leis. Tugann sé comhairle dúinn ag deireadh an dáin: 'Glac mo chomhairle, agus mairfidh tú, mairfimid uile.'

(ii) An tÓzón (1)

Déanann an file cur síos ar an obair a dhéanann an tÓzón. Cosnaíonn sé muid ón ngrian agus óna gathanna díobhálacha eile: 'Mise an tÓzón / Anseo i lár na spéire / Rinne Dia fadó mé / Chun tusa a shaoradh / Ó iomarca gréine / Agus nithe gránna eile'

An cine daonna/daoine (1)

Déanann an file cur síos ar an dochar a dhéanann an cine daonna don timpeallacht. Tá siad ag lot rudaí a chruthaigh Dia dúinn. Tugann sé rabhadh dúinn aire a thabhairt don timpeallacht. Deir sé 'Ná loit rud ar bith, nár chruthaigh tú. Má leanann siad ar aghaidh ag déanamh dochair don timpeallacht, beidh saol agus sláinte muintir an domhain i mbaol.

- (iii)** Rud amháin a thaitin liom: Tugann an file comhairle mhaith dúinn aire a thabhairt don timpeallacht. Tá daoine ag déanamh dochair don timpeallacht. Deir sé: 'Ná loit rud ar bith, / Nár chruthaigh tú / Glac mo chomhairle, / Agus mairfidh tú, / Mairfimid uile.'

Rud amháin nár thaitin liom: Ní maith liom na daoine a dhéanann dochar don timpeallacht. Tá an timpeallacht i mbaol. Níl meas ag daoine áirithe ar an timpeallacht. Tá an ciseal ózóin ag déanamh a dhícheall chun muid a chosaint ón ngrian.

(b) (i) Teideal an dán: 'Bímse Buan ar Buairt Gach Ló' (1)**Ainm an fhile: Seán Clárach Mac Domhnaill (1)**

Is caoineadh é an dán seo ar Éirí Amach 1745 in Albain. Bhí na filí ag iarraidh go mbeadh Prionsa Séarlas Éadbhard Stíobhart ar ais i gcumhacht. Bhí stádas ag na filí in Éirinn fadó. Ach chaill siad an stádas nuair a bhí na ríthe i gcumhacht (Henry VIII, Elizabeth I agus William III). Bhí dóchas ag na filí as na Stíobartaigh mar ba Chaitliceach iad. Ach níor éirigh leo san Éirí Amach, agus d'éalaigh an Prionsa Séarlas Éadbhard go dtí an Fhrainc. Tá brón ar an bhfile mar tá an Prionsa imithe agus tá stádas níos lú acu anois. Deir an file go bhfuil brón ar an tír ar fad. Tá sé féin in isle brí. Deir sé: 'Ní bhfuairéas féin aon tsuan ar séan, / Ó chuaigh i gcéin mo ghille mear.'

- (ii)** Tá brón agus uaigneas ar an bhfile. Níor éirigh le Prionsa Séarlas san Éirí amach in Albain. Bhí stádas ag na filí fadó agus chaill siad an stádas seo ina dhiaidh sin. D'imigh an Prionsa Séarlas go tír eile. Ní raibh aon dóchas ag na filí a thuilleadh. Bhí siad in isle brí. Deir an file: 'Bímse buan ar buairt gach ló / ag caoi go cruaidh 's ag tuar na ndeor.'
- (iii)** Is maith liom an dán seo mar tá sé suimiúil. Tá sé suimiúil mar labhraíonn an file faoi Éirí Amach 1745 agus an tionchar a bhí aige ar gach duine sa tír. Is maith liom an cur síos ar an dúlra. Tá sé faoi bhrón. Níl an ghrian ag taitneamh: 'Níor éirigh Phoebus féin ar cóir.' Tá brat dubh ar an ngealach. Ar chaomhchneas ré, ta daolbhrat bróin. Tá an dúlra trína chéile chomh maith.

PÁIPÉAR I
CUID I: CLUASTUISCINT (60 M)

Cuid A (24 m)**FÓGRA A hAON (12 m)**

Príomhoide (3)

Muineacháin/Co. Mhuineacháin (3)

Trí chéad caoga cúig (€355) (3)

20 (ú) (3)

FÓGRA A DÓ (12 m)

1. (a) Déardaoin seo caite (3)

(b) Craoltóir (Raidió na Gaeltachta)/(iar)pheileadóir cáiliúil/a chuir tús leis na himeachtaí (3)

2. (a) 'Harry Potter'/'An tOileánach' (3)

(b) Spáinn (3)

Cuid B (24 m)**COMHRÁ A hAON (12 m)****An Chéad Mhír**

1. An tseachtain seo caite (3)

2. Dáil na nÓg (3)

An Dara Mír

1. Is cinnte nach n-éistean an rialtas minic go leor le daoine óga/ba cheart go mbeadh seans ag níos mó daoine óga dul go dtí Dáil na nÓg/faigheann daltaí meánscoile in Éirinn níos mó obair bhaile ná aon dream eile san Eoraip/tá daoine óga in Éirinn níos sásta ná cuid mhór de mhuintir na hEorpa/ Réitíonn siad go maith lena dtuismitheoirí/is maith leo an scoil/tá an teaghlach an-tábhachtach (níos tábhachtaí ná airgead ná post mór)/tá na cairde an-tábhachtach (níos tábhachtaí ná airgead ná post mór)/bhí siad ag gearán/cheap siad go raibh cuid den obair scoile leadránach/an t-ualach obair bhaile a fhaigheann siad (gach oíche)/tá an lá scoile níos faide (san Eoraip) (3)

2. Naoi go dtí cúig i ndiaidh a ceathair/9–4:05 (3)

COMHRÁ A DÓ (12 m)**An Chéad Mhír**

1. Caisleán Bhaile Átha Cliath/Baile Átha Cliath/BÁC (3)

2. 3 nóiméad 41.2 soicind (3)

An Dara Mír

1. Oifigeach (sa Roinn Custaim agus Máil) (3)

2. Cos (3)

Cuid C (12 m)**PÍOSA A hAON**

1. Dé hAoine seo caite (3)

2. (Gach) samhradh (3)

PÍOSA A DÓ

1. Trí (3) (3)

2. 098 40267 (3)

PÁIPÉAR I
CUID II: CEAPADÓIREACHT (100 M)

A Giota Leanúnach (50 m)

- (i) Is iad na laethanta ar scoil na laethanta is fearr i mo shaol go dtí seo. Tá neart cuimhní maithe agam ann. Rinne mé cairde nua ann agus beidh siad mar chairde liom go deo. Thosaigh mé sa bhunscoil nuair a bhí mé cúig bliana d’aois. Thaitin an bhunscoil go mór liom. Bhí na múinteoirí an-deas liom. Ba thaitní iontach é. D’fhoghlaim mé a lán rudaí nua. Chuamar ar thuras scoile gach bliain, mar shampla an zú agus an pháirc uisce. Bhí an-spórt is spraoi againn ann. D’imigh mé ansin go dtí an mheánscoil. Níor thaitin saol na meánscoile rómhaith liom ar dtús. Bhí gach rud difriúil. Bhí a lán múinteoirí nua againn. Bhí orainn a lán ábhar nua a roghnú. Bhí a lán obair bhaile le déanamh againn. Bhí brú mór orainn. Ach luíomar isteach ar an gcóras gan mhoill. Ní raibh an dara rogha againn. Bhaineamar triail as rudaí nua, mar shampla, spórt, ceol agus ábhair nua. Thaitin sé go mór liom. Bhain mé taitneamh as mo laethanta ar scoil gan dabht. Rachaidh siad chun tairbhe dom go deo.
- (ii) An samhradh seo caite, chuaigh mé agus mo chairde ar saoire go tuaisceart na Spáinne. Ba é sin mo chéad saoire gan mo thuismitheoirí. Bhí cúigear cairde maithe in éineacht liom. Chuireamar an tsaoire in áirithe ar an idirlíon. D’fhanamar in árasán mór in aice na trá. Bhí an aimsir go hálainn. Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch. Bhí an áit plódaithe le daoine. Chuamar go dtí an trá gach lá. D’imríomar cluichí ar an trá. Chuamar ag snámh san fharraige. D’ith mé uachtar reoite. Thaitin sé go mór liom. Bhuaileamar le grúpa as Sasana. Bhí an-spraoi againn leo. Chuamar amach go dtí an teach tábhairne agus an dioscó gach oíche. Thaitin an tsaoirse go mór liom. Bhí neart craic againn ann. Bhí brón orm nuair a bhí an tsaoire thart. Saoire iontach a bhí ann gan dabht.
- (iii) Is maith liom bheith ag féachaint ar an teilifís. Féachaim air gach lá. Caithim cúpla uair ag féachaint ar na sobailchláir. Is maith liom bheith ag féachaint ar ‘Coronation Street’ agus ‘Eastenders’. Is í Katy an carachtar is fearr liom. Is duine dathúil í. Is aobheann liom féachaint ar chláir spóirt chomh maith. Leanaim foireann Man Utd. Is breá liom ag féachaint ar na cluichí go léir. Is maith liom bheith ag féachaint ar ‘Soccer AM’. Feicim na cluichí go léir ann. Is maith liom ag féachaint ar chláir réaltachta, mar shampla ‘X Factor’ agus ‘Britain’s Got Talent’. Bíonn na rannpháirtithe an-ghreannmhar iontu. Déanann siad rudaí seafóideacha. Cuireann siad mé ag gáire. Is caitheamh aimsire maith é an teilifís. Ní fhéadfainn maireachtáil gan é go deo.

B Scéal (50 m)

- (ii) Is cuimhin liom go maith é. Bhí mé trí bliana déag d’aois ag an am. Bhí mo thuismitheoirí ar saoire sa Fhrainc. D’fhág siad mé i bhfeighil an tí. Oíche Dé hAoine a bhí ann. Bhí ocras orm. Shocraigh mé sceallóga a dhéanamh sa chistin. Fuair mé na sceallóga ón reoiteoir agus chaith mé iad isteach sa phota. Bhí mo dheartháir beag ag féachaint ar an teilifís. Ansin thosaigh mo fhón póca ag bualadh sa seomra leapa. Mo chara Seán a bhí ann. Ní raibh mé ag caint leis ar feadh tamaill. Chaith mé a lán ama ar an bhfón. Ní chreidfidh tú cad a tharla ansin. Rinne mé dearmad ar na sceallóga sa chistin. Go tobann, bhí boladh uafásach ag teacht ón gcistin. Leath na súile orm. Gan a thuilleadh moille, rith mé isteach sa chistin. Níor chreid mé fianaise mo dhá shúil. Ghlaigh mé ar Phól. “Uisce! Uisce! Tabhair dom uisce,” arsa mise os ord. Bhí na lasracha ag éirí in airde. Thosaigh mé ag béicíl. Chaith Pól uisce ar an tine. Chuir mé fios ar na seirbhísí éigeandála. Tháinig siad gan mhoill. Mhúch siad an tine láithreach. Bhí mé ar buile liom féin. Rinneadh a lán damáiste don chistin. Ní raibh mo thuismitheoirí róshásta nuair a d’inis mé an scéal dóibh. Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an lá sin.

C Litir/Ríomhphost (50 m)

(i)

Trá Bondi,
An Astráil.
12 Nollaig

A Shéain,
Cén chaoi an bhfuil tú? Tá súil agam go bhfuil tú i mbarr na sláinte. Tá gach rud ar fheabhas anseo.

Mar is eol duit, tá mé ag caitheamh dhá mhí saoire ag taisteal le mo chlann san Astráil. Tá sé ar fheabhas ar fad. Táimid ag fanacht i Sydney faoi láthair. Is breá liom an áit seo. Tá an aimsir go hálainn. Tá an ghrian ag scoilteadh na gcloch. Táimid ag fanacht in ostán álainn in aice na farraige. Tá na radhairc dochreidte. Ní fhaca mé a leithéid riamh. Téimid ag surfáil agus ag snámh san fharraige beagnach gach lá. Tá an bia ar fheabhas anseo chomh maith.

Is cathair ghnóthach í Sydney. Chuamar ar thuras bus timpeall na cathrach inné. Thugamar cuairt ar Áras Ceoldrámaíochta Sydney. Thaitin sé go mór liom. Bhuaileamar le clann as Gaillimh. Bhí an-spórt agus spraoi againn leo. Is breá liom Trá Bondi. Beimid ag dul go Melbourne ar an Satharn. Caithfidimid coicís ann. Tá mé ag tnúth go mór leis. Cogar, caithfidh mé imeacht anois. Abair le Máire go raibh mé ag cur a tuairisce. Feicfidh mé thú go luath.

Slán go fóill,
Do chara,
Bríd

(ii)

Ard na Mara,
An Daingean,
Co. Chiarraí

15 Iúil

An tUasal De Brún,

Pádraig De Barra is ainm dom. Is dalta scoile mé in Ard Scoil Rís. Chonaic mé tú ag gearán faoi dhaoine óga ar an gclár teilifíse 'Prime Time' an Luan seo caite. Ní raibh mé pioc sásta leat in aon chor. Cháin tú daoine óga ó thús go deireadh an chláir. Is beag meas atá agat orthu. Bhí tú ag gearán faoi dhaoine óga agus iad ag ól ar na sráideanna timpeall an bhaile.

Tá fadhb an óil ag éirí níos measa ar fud na tíre ach ná cuir an locht go léir ar dhaoine óga. Cá bhfuil na háiseanna do na daoine óga seo? Cad atá ar fáil sa bhaile dóibh? Ní haon ionadh go bhfuil daoine óga ag ól. Cé air a bhfuil an locht?

Ní mór duit rud éigin a dhéanamh láithreach faoi chlub óige a bhunú in ionad a bheith ag caitheamh anuas ar dhaoine óga. Dá mbeadh áiseanna ar fáil dóibh, ní tharlódh a leithéid. Tá easpa áiseanna sa bhaile agus ní mór duit an fhadhb a réiteach go luath. Ní chóir duit a bheith ag gearán, 'Mol an óige agus tiocfaidh siad' mar a deir an seanfhocal.

Ag súil le cloisteáil uait go luath.

Mise le meas,
Pádraig De Barra

D Comhrá (50 m)

(i)

- Siobhán:** Ar mhaith leat dul chuig scannán sa chathair anocht?
- Máire:** Níl a fhios agam. Cad atá ar siúl? An bhfuil scannán maith ar siúl?
- Siobhán:** Tá an scannán 'Skyfall' ar siúl. Ar chuala tú faoi? Cloisim go bhfuil sé go maith.
- Máire:** Níl a fhios agam faoi sin. Níl mórán cloiste agam faoi.
- Siobhán:** Is cuma, rachaimid... beidh sé go maith. Cad eile atá le déanamh agat don tráthnóna?
- Máire:** Bhuel, nílim ag déanamh aon rud chun na fhírinne a rá.
- Siobhán:** Tar liom. Beidh sé go maith. Fuair sé léirmheas maith sa pháipéar inné.
- Máire:** Cé hé príomhaisteoir an scannáin?
- Siobhán:** Is é Daniel Craig príomhaisteoir an scannáin.
- Máire:** Is aisteoir den chéad scoth é. Ghlac sé páirt James Bond sa dá scannán eile 'Casino Royale' agus 'Quantum of Solace'.
- Siobhán:** Bhí na scannáin sin ar fheabhas.
- Máire:** Chuala mé faoi na scannáin sin. Is scannáin eachtraíochta iad.
- Siobhán:** Sin é. Bíonn na héifeachtaí speisialta dochreidte. Bainfidh tú taitneamh as.
- Máire:** Ceart go leor. Rachaidh mé leat. Buailfidh mé leat taobh amuigh den phictiúrlann ar a hocht.
- Siobhán:** Feicfidh mé ansin tú. Slán.

(ii)

- Máthair:** Conas atá ag éirí leat, a Liam?
- Liam:** Go breá.
- Máthair:** An bhfuil aon chinneadh déanta agat go fóill faoi céard ba mhaith leat a dhéanamh tar éis na hArd-teistiméireachta?
- Liam:** Nílim cinnte go fóill.
- Máthair:** Bhuel, ní mór duit d'aighe a dhéanamh suas go luath. Nach bhfuil spriocdháta don fhoirm CAO?
- Liam:** Tá, ach tá sé líonta amach agam cheana féin.
- Máthair:** Cad iad na cúrsaí atá curtha síos agat mar do chéad rogha?
- Liam:** Tá céim san Eolaíocht Talmhaíochta curtha síos agam i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.
- Máthair:** Cé mhéad pointe atá ag teastáil uait?
- Liam:** Tá thart ar ceithre chéad caoga pointe ag teastáil uaim. Athraíonn na pointí ó bhliain go bliain.
- Máthair:** Agus an bhfaighidh tú na pointí sin?
- Liam:** Nílim cinnte. Tá súil agam go bhfaighidh mé iad. D'éirigh go maith liom sna scrúduithe.
- Máthair:** Muna bhfaigheann tú iad, céard a dhéanfaidh tú?
- Liam:** Chuir mé Eolaíocht síos i gColáiste na Tríonóide agus Ollscoil na hÉireann, Má Nuad chomh maith. Tá na pointí i bhfad níos ísle.
- Máthair:** An bhfuil tú sásta leis na roghanna sin?
- Liam:** Sílim go bhfuil mé sásta go leor leo. Muna bhfuilim sásta, déanfaidh mé cúrsa eile an bhliain seo chugainn.
- Máthair:** Tá súil agam go bhfaigheann tú a dhóthain pointí.
- Liam:** Ná bí buartha. Rinne mé mo dhícheall.

PÁIPÉAR II

Ceist 1 (100 m)

A Evanne Ní Chuilinn: Guth Úr Nua i Roinn Spóirt RTÉ (50 m)

- (a) Dún Garbhán/sna Déise (3) agus Cabhán (2)
(b) Gaelscoil Osraí (3) agus Meánscoil Chlochchar na Toirbhearta (2)
- (a) Ceol clasaiceach (5)/snagcheol (5)
(b) Ghlac sí páirt i gcomórtas díospóireachta Ghael-Linn (5)
- (a) Fraincis (5)
(b) TG4 (3) agus Adare Productions (2)
- In 2006 fuair sí post le RTÉ/rinne sí tuairiscí ar mhionchluichí ar fud na tíre/bhí sí i mbun craoltóireachta bheo sa chlár 'Touchline'/chuir sí clár i láthair mír spóirt ar 'News 6.1'/rinne sí cur síos ar chluiche leathcheannais na hiomána i gCúige Laighean/bheadh uirthi a bheith neodrach ina tuairiscí (2 x 5)
- (a) Tuismitheoir (5)
(b) Mar chaith Kieran tamall i gcathaoir rothaí, agus dúirt dochtúirí leis go raibh baol ann nach siúlfadh sé arís/mar tá Kieran tar éis cáiliú do na comórtais ghleacaíochta sna Cluichí Oilimpeacha/Mar tá spiorad iontach aige (5)

B Dáithí Ó hÉithir: Laoch Óg Leadóige (50 m)

- (a) Ollscoil Memphis Tennessee sna Stáit Aontaithe /sna Stáit Aontaithe /Memphis /Tennessee (5)
(b) Sé troithe ceithre orlach ar airde (5)
- (a) Peil Ghaelach (3) agus sacar (2)
(b) In Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (5)
- (a) Club Leadóige Theach Mealóg (3) agus Club Fitzwilliam (2)
(b) Mí (5)
- (a) Chun an Ardteistiméireacht a dhéanamh (5)
(b) Áiseanna iontacha (3) agus togha na traenála (2)/deiseanna aige cleachtadh le himreoirí gairmiúla (2)
- (a) Ag imirt le club sa Ghearmáin (5)
(b) Áit a bhaint amach ar fhoireann na hÉireann (5)

Ceist 2 (50 m)

A Prós Ainmnithe (50 m)

- (a) (i)-(vi) (Ceiliúradh) Tá Lisín agus Pól pósta ar feadh fiche bliain. Beidh cóisir mhór acu. (Na hullmhúcháin) Fuair Lisín gloiní agus fíon ar iasacht ón siopa. Tá reoiteoir amháin lán le bia. Fuair sí an dara reoiteoir ar cíós. Má bhíonn an aimsir go maith, beidh an chóisir taobh amuigh. Má bhíonn sé ag cur báistí, beidh an chóisir sa teach. Nuair a bhuail Lisín le Pól ar dtús, bhí sé ag obair i siopa. Ní raibh a lán airgid aige. D'éirigh go maith leis ina shaol. Is léachtóir gnó é anois. Tá sé saibhir. Is duine cliste é. Ceannaíonn sé stoc, árasáin agus tithe ar an idirlíon. (Gaoil lena fear céile agus lena mic) Tá gaoil maith aici lena fear céile agus spreagann sí é. Tá beirt mhac acu. Tá Ruán ocht mbliana déag d'aois. Tá Cuán trí bliana déag d'aois. Níl gaoil oscailte macánta aici le Ruán. Cuireann sí laghmhisneach air. Níl Ruán ag súil leis an gcóisir. Ceapann sé go mbeidh sé go dona. (Cur síos ar Lisín) Is bean tí den scoth í. Tá gruaig fhionn uirthi. Tá sí tanaí agus dathúil. Is duine uailmhianach, údarásach, gnóthach agus foirfe í. Níl sí cosúil leis na mná eile ar an mbóthar. Tá smacht aici ar a clann. (Am saor) Is bean ghnóthach í. Is bean tí í. Tá sí ina ball de mhórán clubanna, mar shampla, clubanna leabhar agus clubanna staire. Bíonn sí ag foghlaim teangacha: Rúisis, Seapáinis, Sínis agus Spáinnis. (Fáth amháin ar thaitin/nár thaitin Lisín leat) Thaitin Lisín liom mar is duine uailmhianach í. Bhí sí ag foghlaim ceithre theanga: Rúisis, Seapáinis, Sínis agus Spáinnis. Bhí sí cliste.

(b) (ceithre phointe ag teastáil) (7 + 6 + 6 + 6)

Lá amháin, bhí Oisín amuigh faoin aer leis na Fianna. Tháinig cailín álainn ar chapall bán. Dúirt sí go raibh sí i ngrá le hOisín. Niamh Chinn Óir ab ainm di. Dúirt Niamh go gcuirfeadh sí faoi gheasa é muna dtiocfadh sé ar ais léi go Tír na nÓg. Chuaigh sé léi ansin go Tír na nÓg. Bhí brón an domhain ar Fhionn. Tháinig siad i dtír ag dún Rí na mBeo, áit a raibh iníon an Rí ina brá ag Fómhar Builleach. Throid sé in aghaidh Fómhar Builleach ar feadh trí oíche agus trí lá. Bhain sé an ceann de agus scaoileadh saor iníon Rí na mBeo ina dhiaidh sin.

Ansin chuaigh Oisín agus Niamh go Tír na nÓg. Bhí fleá agus féasta ar siúl ar feadh deich n-oíche agus deich lá i ndún an Rí. Pósadh Niamh agus Oisín. Bhí triúr páistí acu. Bhí uaigneas ar Oisín i dTír na nÓg. Bhí sé ag iarraidh dul ar ais chun a athair agus na Fianna a fheiceáil in Éirinn. Dúirt Niamh leis dá dtiocfadh sé anuas den chapall bán nach bhfillfeadh sé go deo go Tír na nÓg. Dúirt Oisín léi gan a bheith brónach. D'fhág Oisín slán le Niamh agus chuaigh sé go hÉirinn.

Nuair a shroich sé Éire, ní raibh a athair nó na Fianna le feiceáil. Ní fhaca sé teach Fhinn in Almhain. Ní raibh ann ach fiailí agus neantóga. Bhí trí chéad fear ag baint cloiche i nGleann na Smól. Thug Oisín cabhair dóibh mar bhí sé an-láidir. Bhris an giorta agus thit sé den chapall. Tháinig athrú air agus bhí sé ina sheanfhear. Bhuail sé le Naomh Pádraig agus d'inis sé a scéal dó. Thug Naomh Pádraig aire mhaith dó. Mhúin sé soiscéal Dé dó. Ní fhaca sé Niamh ná a chlann riamh arís.

nó

B Prós Roghnach (50 m)**(a) Teideal an úrscéil: 'Gafa'****Ainm an údair: Ré Ó Laighléis**

Scéal réadúil agus truamhéalach faoi chultúr na ndrugaí i measc na nóg atá san úrscéal seo 'Gafa'. Is é Eoin Ó Floinn príomhcharactar an úrscéil seo. Duine óg neamhspleách ba ea é. Ba mhac le Breandán agus Eithne é agus bhí deirfiúr amháin aige darb ainm Sinéad. Ba mhúinteoir Gearmáinise é Breandán. Bhí teannas le brath sa teach i gcónaí. Tá cur síos lom ar an gcaoi a n-athraíonn meon agus iompar Eoin agus é i muinín na ndrugaí. Lá amháin fuair Eithne a mháthair drugaí faoi leaba Eoin. Bhí seanstoca, púdar bán, steallaire beag agus snáthaid ann. Bhí eagla ar Eithne nuair a chonaic sí é. Bhí Eithne an-bhuartha faoi Eoin ina dhiaidh sin. Thug sí faoi deara go raibh iompar a mhic ag athrú. Ghoill sé sin go mór uirthi. Bhí sé drochbhéasach. Ghlaigh sé 'Froggy' ar an múinteoir Francise. Bhí Eoin cairdiúil le Cillian Mhic Raghnaill. Bhí siopa poitigéara ag a thuismitheoirí. Bhí Eithne an-bhuartha faoi. Rinne sí iarracht labhairt le Breandán faoi ach theip uirthi aon dul chun cinn a dhéanamh leis. D'inis Eoin bréaga di an t-am ar fad. Tháinig sé abhaile déanach san oíche. Is beag meas a bhí aige ar a mháthair. Bhí Eithne go mór trína chéile faoi. Bhí sé i dtrioblóid leis na Gardaí. Tugadh os comhair na cúirte é. Níor gearradh téarma príosúnach air. D'imigh sé chun donais ina dhiaidh sin. Níor chuidigh a athair Breandán leis. Bhí Breandán mídhílis dá bhean chéile. Bhí sé ag siúl amach le hÚna. Bhí a fhios ag Eoin faoin ngaol sin agus thug Breandán airgead dó chun gach rud a choimeád faoi cheilt ó Eithne.

Sa deireadh chuir na barúin dhruagaí deireadh le saol Eoin. D'fhág siad a chorp i mála sacéadaigh taobh amuigh de theach Eithne. Chuaigh Eoin ar bhóthar a aimhleasa agus cuireadh deireadh lena shaol go tubaisteach.

(b) Teideal an scéil: Clann Lir

Roghnaíodh Badhbh Dearg mar rí ar Thuatha Dé Danann tar éis do Chlanna Míleadh an lámh in uachtar a fháil orthu i gCath Thailteann. Ní raibh Lear sásta mar níor iarradh air a bheith i gceannas orthu. Tamall ina dhiaidh sin, fuair bean Lir bás. Bhí brón an domhain air. Bhí trua ag Badhbh Dearg dó mar bhí sé fágtha ina aonar. Thug Badhbh Dearg duine dá iníonacha altrama dó mar bhean chéile. Phós Lear Aoibh agus bhí sé sona sásta. Bhí triúr mac Aodh, Conn agus Fiachra agus iníon amháin, Fionnuala acu. Ansin fuair Aoibh bás. Thug Badhbh Dearg iníon eile Aoife mar bhean chéile dó. Ní raibh Aoife sásta sa phósadh. Níor thug Lear aon aird uirthi. Bhí níos mó measa aige ar na páistí ná uirthi-se. Bhí fonn uirthi díoltas a bhaint amach. Thóg sí na leaspháistí go dún a hathar. Ar an mbealach, d'iarr sí ar thiománaí an charbaid Clann Lir a mharú. Dhiúltaigh sé é sin a dhéanamh. Ansin, d'iarr sí ar na páistí dul ag snámh ar Loch Dairbhreach. Chuir sí iad faoi gheasa agus iompaíodh iad ina gceithre eala bhána. Bhí guthanna daonna acu fós. Bhí orthu trí chéad bliain a chaitheamh ar Loch Dairbhreach, trí chéad bliain ar Shruth na Maoile agus trí chéad bliain in Iorras Domhnann agus ní raibh aon dul as acu. Bhí Badhbh Dearg ar buille le hAoife nuair a chuala sé an scéal. Rinne sé diabhal aerga di. D'inis sé an scéal do Lear.

Bhí saol crua acu i Sruth na Maoile. Bhí an aimsir go dona ann agus d'fhulaing siad go mór ann. Bhí áthas orthu nuair a bhí siad ag fágáil na háite. Chaith siad trí chéad bliain in Iorras Domhnann.

Tar éis naoi gcéad bliain, ní raibh siad faoi gheasa a thuilleadh. Chuaigh siad go dtí áit chónaithe Lir. Ní raibh duine ná deoraí le feiceáil ann. Bhí an áit tréigthe. Chuaigh siad go hInis Gluaire ansin. Bhuail siad le Naomh Mochaoimhóg agus Naomh Pádraig. Chaith siad tamall ag rá paidreacha agus ag canadh i Mainistir Mhochaomhóige. Cuireadh slabhraí airgid eatarthu chun iad a choimeád le chéile. Chuala Dearg, iníon Rí na Mumhan faoi scéimh na n-ealaí agus shantaigh sí na healaí. Chuir a fear céile Rí Chonnachta ceist ar Mhochaomhóg fúthu. Dhiúltaigh sé iad a thabhairt dó. Bhí fearg an domhain air. Rinne a shaighdiúirí ionsaí ar a mhainistir. Bhain siad na slabhraí de na healaí agus tharraing siad iad ón altóir. Thit na cleití de na héin agus athraíodh ina seandaoine iad. D'éalaigh Rí Chonnachta láithreach. Bhí bás i ndán dóibh go luath. D'íarr Fionnuala ar Mhochaomhóg iad a bhaisteadh agus a bpeacaí a mhaitheamh. Fuair siad bás tamall ina dhiaidh sin agus chuaigh siad go Neamh.

Ceist 3 (50 m)

A Filíocht Ainmnithe (50 m)

- (a) (i) (a) Is as na teochreasa an t-ainmhí seo, 'Ainmhí mé / Ainmhí allta / As na teochreasa.'
 (b) Tá an t-ainmhí sa zú anois. Tá a shaol leadránach ann, 'ach anois / Luím síos / Agus breathnaím trí leathshúil / Ar an gcrann aonraic sin thall.'
 (c) Chroith sé crainn sa choill lena bhúir, 'Chroithfinn crainnte na coille / Tráth / Le mo gháir.'
 (d) Luíonn sé síos agus breathnaíonn sé ar an gcrann aonraic sa zú. Tá a shaol an-leadránach sa zú anois: 'Ach anois / Luím síos / Agus breathnaím trí leathshúil / Ar an gcrann aonraic thall.'
- (ii) Feictear brón agus díomá sa dán seo.
 Tá brón ar an ainmhí mar níl sé ina chónaí sna 'teochreasa' a thuilleadh. Bhí a lán saoirse aige ann. Níl aon saoirse aige anois. Tá sé i ngéibheann sa zú.
 Tá díomá an domhain ar an ainmhí. Tá leadrán air sa zú. Ní maith leis a bheith i ngéibheann.
- (iii) Thaitin an dán go mór liom. Is dán simplí agus suimiúil é. Is maith liom na híomhánna den dúlra sa dán seo. Déanann an file cur síos ar an leon sna teochreasa agus sa zú. Thaitin rithim an dáin go mór liom chomh maith. Cuireann sé go mór leis an dán.
- (b) (i) (a) Tá sé te mar tá an ghrian ag taitneamh, 'i mbrothall lae.'
 (b) Bhí dath dearg ar an bhfeamainn 'an fheamainn dhearg'.
 (c) Bhí an bád lán d'éisc, 'currach lán d'éisc'.
 (d) D'fhill na hiascairí ar an gcladach ag deireadh an lae, 'I ndeireadh lae.'
- (ii) Bhí an bád ag teacht isteach sa chladach lán d'éisc ag deireadh an lae, 'currach lán d'éisc'.
 Bhí mná ag obair i bpoill uisce. Bhí a gcótaí fillte suas acu, 'Mná i locháin in íochtar diaidh-thrá, a gcótaí craptha.'
- (iii) Is maith liom an dán seo. Tá na híomhánna ar fheabhas ann. Is maith liom na híomhánna den earrach ar an oileán. Tá atmaisféar deas le brath ann, 'Fear ag glanadh cré, / de ghimseán spáide, / sa gciúnas shéimh, / i mbrothall lae'.
 Is maith liom na dathanna éagsúla atá sa dán, mar shampla, dearg agus bán. Tá an fheamainn dearg, 'an fheamainn dhearg' agus tá an trá bán, 'ar dhuirling bháin'.

nó

B Filíocht Roghnach (50 m)

(a) (i) Teideal an dáin: 'Gealt'

Ainm an fhile: Áine Ní Ghlinn

Is é téama an dáin ná tinneas intinne. Lá amháin, bhí fear ar an mbus agus bhí sé ag caitheamh a phitseamaí. Chuir sé eagla ar na daoine eile ar an mbus. Rug máthair greim ar a páiste. Rug fear greim ar a mhála cáipéisí. Ní dharna an fear aon rud mícheart. Cheap na daoine gur fear ait é mar bhí sé difriúil óna daoine eile. Ní raibh na daoine ábalta glacadh leis an suíomh. Cheap siad go raibh siad i mbaol.

(ii) Feictear eagla agus áthas sa dán seo.

Bhí eagla ar na paisinéirí. Cheap an fear gnó, an bhean agus an mháthair go raibh siad i mbaol, 'Rug an créatúr greim an duine bháite ar a bhrífcas! / Trí shuíochán síos uaidh chrosáil bean a cosa! / Rug máthair greim an duine bháite ar a pháiste! / D'fhéach an páiste ar an ngealt!'

Is duine áthasach é an fear. Tá sé ina dhomhan féin. Tá sé sona ann féin. Bhí sé ag gáire ar an mbus. Bhí an ghealt ag súgradh le cnaipí a phitseamaí. 'Rinne an ghealt meangadh mór mantach gáire air. Bhí sé ag súgradh lena cnaipí ar a phitseamaí.'

(iii) Is maith liom an dán. Is maith liom an íomhá den ghealt. Bhí sé sásta ag caitheamh a phitseámaí. Níor thug sé aird ar bith ar na daoine eile ar an mbus. Ba chuma leis. Is maith liom scéal an dáin. Tá sé suimiúil agus sothuigthe.

(b) (i) Teideal an dáin: 'Níl aon Ní'

Ainm an fhile: Cathal Ó Searcaigh

Is é grá an mothúchán is mó atá le feiceáil sa dán seo. Tá an file ina chónaí i nDún na nGall. Is breá leis an áit. Rugadh agus tógadh é ann. Tá sé ag iarraidh a ghrá a mhealladh chun cónaithe ann. Ach b'fhearr lena ghrá fanacht i mBaile Átha Cliath. Ní maith leis an bhfile Baile Átha Cliath. Is áit 'suarach' í agus bíonn an trácht go dona ann. Is breá leis Dún na nGall. Tá na radhairc níos áille ann. Is áit shuaimhneach shíochánta í. Is fuath leis an bhfile Baile Átha Cliath agus tá sé ag súil go dtiocfá a ghrá go Dún na nGall.

(ii) Déanann an file cur síos ar Bhaile Átha Cliath 'Brúchtbhaile balscóideach i mBaile Átha Cliath / Lena ghleo tráchta gan stad'. Tá a ghrá ina chónaí ann. Níl sé sásta. B'fhearr leis an bhfile go dtiocfadh a ghrá go Dún na nGall. Is fuath leis an bhfile Baile Átha Cliath. Bíonn an trácht go dona ann. Tá fuaim gharbh ag na focail a thosaíonn le b'brúchtbhaile balscóideach'. Déanann sé cur síos ar na háiteanna agus na radhairc difriúla i nDún na nGall. Is breá leis an áit. Is áit chiúin agus shíochánta í. Tá suaimhneas le fáil ann. Tá fuaimeanna deasa le cloisteáil ón nádúr. Tá na smólaigh ag canadh. Tá na cloigíní gorma ag déanamh ceoil, 'i gclingireacht na gcloigíní gorma'.

(iii) Is maith liom an dán. Is maith liom na híomhánna de Dhún na nGall. Is áit shuaimhneach shíochánta í. Tá radhairc áille le feiceáil ann. Déanann an file cur síos ar na háiteanna éagsúla ann, mar shampla, Mín na Craoibhe, Gleann an Átha, Inis Bó Finne, Caiseal na gCorr agus Fána Bhuí. Molann sé na háiteanna seo. Tá draíocht ag baint leo, 'is chluinfeá geantraí sí, / i gclingireacht na cloigíní gorma, / i gcoillidh Fhána Bhuí'. Is dán fileata agus dea-scríofa é. Is breá liom na meafair atá sa dán. I véarsa a dó, tá meafar ann: 'buicéad stáin na spéire ag sileadh solais ar Inis Bó Finne'. Tá an spéir ag doirteadh solais ar Inis Bó Finne.

PÁIPÉAR I
CUID I: CLUASTUISCINT (60 M)**Cuid A (24 m)****FÓGRA A hAON (12 m)**

16 Meitheamh (3)

Ciarraí/Co. Chiarraí (3)

Caoga euro (€50) (3)

Na cártaí urraíochta (3)

FÓGRA A DÓ (12 m)

1. (a) Caitlín Maude (3)

(b) 2 a chlog/a dó a chlog (3)

2. (a) Dlúthdhiosca dá cuid amhráin (3)

(b) (087) 27292989 (3)

Cuid B (24 m)**COMHRÁ A hAON (12 m)****An Chéad Mhír**

1. Ceolchoirm Oxegen (3)

2. Tada/níor íoc sí aon rud (3)

An Dara Mír

1. A colceathrar/Sinéad (3)

2. Leithris ghlana/folcadh te/siopaí de gach saghas (3 m)

COMHRÁ A DÓ (12 m)**An Chéad Mhír**

1. Déagóirí (3)

2. Na costais rómhór (3)

An Dara Mír

1. Cúrsaí faisin/ceol/scannáin/leabhair (3)

2. Ní féidir le Foinse íoc as féin/d'éirigh an chomhlacht i gConamara as é a fhoilsiú (3)

Cuid C (12 m)**PÍOSA A hAON**

1. Gaillimh/i gcathair na Gaillimhe (3)

2. T-léinte/na hearraí cniotáilte/seodra (3)

PÍOSA A DÓ

1. 2000/sa bhliain dhá mhíle (3)

2. Lóistín (3)

PÁIPÉAR I

CUID II: CEAPADÓIREACHT (100 M)

A Giota Leanúnach (50 m)

- (i) Is fearr liom Mullach Íde ná aon áit eile ar domhan. Is sráidbhaile é i dtuaisceart na cathrach. Tá sé suite i mBaile Átha Cliath. Tá a lán le feiceáil agus le déanamh ann. Tagann a lán turasóirí go Mullach Íde gach samhradh. Bíonn sé dubh le daoine. Tá stair an-suimiúil ag baint leis an áit. Tá caisleán Mhullach Íde suite taobh amuigh den bhaile. Is foirgneamh fíor-álainn é. Tá páirceanna áille ann. Bhí Muintir Talbot ina gcónaí ann fadó. Ba Phrotastúnaigh iad. Tá radhairc áille againn ar an bhfarraige. Tá sé suite in aice na trá agus gar don chathair. Tá siúlóid álainn againn ó Mhullach Íde go Port Mearnóg. Uaireanta nuair a bhíonn am agam, téim ag siúl ann le mo mhadra. Is maith liom Mullach Íde.
- (ii) Taitníonn Bono go mór liom. Is réalta ceoil den chéad scoth é. Rugadh é ar an deichiú lá de Bhealtaine sa bhliain naoi déag seasca. Tá meas mór agam air. Seinneann sé sa rac-ghrúpa cáiliúil U2. Tá clú agus cáil orthu ar fud an domhain. Tá neart gradaim buaite acu. Tá Bono cáiliúil ar fud na cruinne. Is amhránaí den scoth é. Is as Baile Átha Cliath é. Tá guth iontach aige. Caitheann sé spéaclaí gréine i gcónaí. Scríobhann sé go leor amhrán. Is é 'Beautiful Day' an t-amhrán is fearr liom. Tá sé pósta le Ali. Tá ceathrar páistí acu. Is réalta ceoil é cinnte. Cuidíonn sé le carthanachtaí éagsúla timpeall an domhain. Tá muintir na hÉireann an-bhródúil as.
- (iii) Is breá liom ceol. Tá draíocht ag baint leis. Is iomaí ceol atá ann na laethanta seo, mar shampla, popcheol, rac-cheol, rap-cheol, snagcheol, ceol traidisiúnta, ceol tuaithe, ceol rince, ceol hip hop agus ar eile. Is fearr liom rac-cheol ná aon cheol eile. Is é Snow Patrol an banna ceoil is fearr liom. Is as Éire iad. Tá clú agus cáil orthu ar fud an domhain. Tá neart gradaim buaite acu. Tá cúigear acu sa ghrúpa. Is é 'Chasing Cars' an t-amhrán is fearr liom. Tá sé draíochtach. Tá a n-albaim go léir ar m'iPod. Is aoibhinn liom a bheith ag éisteacht leo. Tugann sé sos dom ó na leabhair. Éistim lena gceol gach oíche. D'fhreastail mé ar a gceolchoirm san O2 tamall ó shin. Chosain na ticéid €80. Bhí an-éileamh ar na ticéid. B'fhiú go mór é. Bíonn draíocht éigin ag baint le gach saghas ceoil agus tá sé seo fíor i leith an bhanna ceoil Snow Patrol chomh maith.

B Scéal (50 m)

- (i) An samhradh a bhí ann. Bhí an cluiche ceannais peile ar siúl i bPáirc an Chrócaigh. Bhí mo fhoireann Coláiste Eoin ag imirt in aghaidh Cholóiste Chiaráin. Bhíomar ag tnúth go mór leis an gcluiche sin le fada. Bhí an áit plódaithe le daoine agus bhí atmaisféar deas le brath sa staid.

Thosaigh an cluiche ar a leathuair tar éis a trí. Bhí Coláiste Chiaráin an-láidir sa chéad leath. Go tobann, fuair siad cúl iontach. Bhíomar in ísle brí. Ag leath-am, labhair bainisteoir na foirne linn. Thug sé comhairle mhaith dúinn. Bhíomar ar tí an cluiche ceannais a chailliúint. Bhí orainn rudaí a athrú thart. Chuamar amach ar an bpáirc lán de fhuinneamh ina dhiaidh sin. D'imigh an cluiche ar aghaidh. D'éirigh linn cúpla cúilín a fháil. Bhíomar ar comhscór. Ansin chonaic mé an liathróid ag teacht i mo threo. D'fhéach mé timpeall orm, ní raibh aon duine in aice liom. Léim mo chroí le háthas. Rug mé ar an liathróid agus shleamhnaigh mé é isteach sa chúl. Níor chreid mé fianaise mo dhá shúil. Fuair mé cúl ag an nóiméad deireanach. Bhí sceitimíní áthais orainn. Shéid an réiteoir an fheadóg agus bhí an bua againn.

Ba é mise captaen na foirne agus bronnadh an corn orm. Ní mór dom a rá go raibh mé an-bhródúil asam féin. Bhí an fhoireann eile in umar na haimléise. Bhí díomá an domhain orthu. Tar éis an chluiche, chuamar chuig óstán breá chun an ócáid a cheiliúradh. Bhí an-oíche againn ann. Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar imeachtaí an lae sin.

- (ii) An samhradh a bhí ann. Bhíomar ar ár laethanta saoire ón scoil. Dúirt mo thuismitheoirí liom go raibh siad ag dul go dtí an Spáinn ar feadh coicíse. Ní raibh fonn orm dul leo. Dúirt siad liom nach raibh an dara rogha agam, áfach. D'iarr siad orm cara a thabhairt liom. Bhí mé sásta leis sin. D'iarr mé ceist a chur ar mo chara Máire teacht liom. Bhí sí an-sásta gur smaoinigh mé uirthi. Bhí sí ar comhaois liom agus bhíomar sa rang céanna chomh maith. Bhí uirthi €300 a íoc don eitilt agus bhí a lóistín saor in aisce. Bhí árasán dhá sheomra ar cíos ag mo thuismitheoirí i dtuaisceart na Spáinne. Chuireamar na ticéid in áirithe agus as go brách linn. Bhí mé ag tnúth go mór leis an saoire. Ach ní mar a shíltear a bhítear. Bhí brón orm gur thóg mé mo chara liom ar saoire mar bhí sí ag gearán an t-am go léir.

Nuair a shroicheadar aerfort na Spáinne, thosaigh sí ag gearán faoin teas. Bhí an aimsir ró-the di. Bhí sí ag cur allais. Fuaireamar bus go dtí an t-árasán ina dhiaidh sin. Ní raibh sí sásta nuair a chonaic sí an t-árasán. Bhí an seomra i bhfad róbheag di. Ní raibh a dóthain spáis aici ann ach oiread. Dúirt mé léi gan a bheith ag gearán agus taitneamh a bhaint as an tsaoire. Ní mór dom a rá go raibh aiféala orm gur thóg mé liom í. Chaith mé dhá sheachtain ag éisteacht léi ag gearán faoin mbia, faoin linn snámha agus ar eile. Ní raibh aon airgead aici ach oiread. Bhris sí mo chroí! Is cinnte go rachaidh mé i m'aonar an bhliain seo chugainn.

C Litir/Ríomhphost (50 m)

(i)

Bóthar na Bóinne,
An Uaimh,
Co. na Mí.

15 Meitheamh

A Sheáin,

Cén chaoi an bhfuil tú? Tá súil agam go bhfuil tú i mbarr na sláinte. Tá gach rud ar fheabhas anseo.

D'oscail mo thuismitheoirí a dteach ósta le déanaí. 'An Bradán Feasa' is ainm don teach ósta. Tá siad an-sásta leo féin. Ní chreidfidh tú é seo, ach tá ag éirí go maith leis. Bíonn an áit plódaithe le daoine ó mhaidin go hoíche. Táim ag obair ann don samhradh. Tosaím ar a hocht an chlog ar maidin agus críochnaím ar a trí san iarnóin. Níl an obair ródheacair chun na fírinne a rá. Freastalaím ar na custaiméirí sa seomra bia gach maidin. Ullmhaím agus glanaim an seomra gach lá. Tá ceathrar eile ag obair ann chomh maith. Tá post samhraidh ar fáil sa chistin. An mbeadh spéis agat ann? Smaoinigh faoi agus déan teagmháil liom. Tá an pá go maith. Is féidir leat fanacht i mo theach don samhradh chomh maith. Beidh neart craic againn. Beimid in ann dul amach san oíche agus ag an deireadh seachtaine. Bheadh an-chraic againn.

Cogar, caithfidh mé imeacht anois. Cuir scairt orm go luath faoin bpost. Abair le Pól go raibh mé ag cur a thuairisce.

Slán go fóill,
Do chara,
Mícheál

(ii)

Coláiste Caisleán Cnucha,
Caisleán Cnucha,
Baile Átha Cliath 15

10 Feabhra 2013

Colin, a chara,

Is dalta mé i do sheanscoil Coláiste Caisleán Cnucha. Tá mé san idirbhliain agus tá mé ag baint an-taitnimh as. Mar chuid den bhliain, tá orainn roinnt airgid a bhailiú chun seandaoine a thabhairt ar saoire. Mothaím go mbeadh sé go deas sos a thabhairt dóibh agus a dteaghlach. Tá sé ar intinn againn dul go Ciarraí don deireadh seachtaine 15–17 Aibreán 2013 ach tá orainn airgead a bhailiú chun an turas a eagrú. Beidh siad ag fanacht in óstan in aice na trá agus beidh go leor imeachtaí ar fáil dóibh ann. An mbeidh tú in ann teacht don deireadh seachtaine sin? B'fhéidir go mbeidh aithne agat ar chuid de na daoine áitiúla ann.

Bheimis an-bhuíoch díot dá mbeifeá in ann roinnt airgid a thabhairt dúinn chun an turas a eagrú. Beimid ag bailiú airgid san ollmhargadh Supervalu ag an deireadh seachtaine.

Mise le meas,
Pádraig De Brún

D Comhrá (50 m)

(i)

- Síle:** Dia duit, a Uasal De Brún.
- Príomhoide:** Dia is Muire duit. Conas atá ag éirí leat na laethanta seo?
- Síle:** Ó, táim ag streachailt liom féin. Beidh mé ag tnúth leis an sos i ndiaidh na scrúdaithe/i rith an tsamhraidh. Tá tuirse an domhain orm.
- Príomhoide:** Tuigim go maith. Is bliain chrua í an séú bliain.
- Síle:** Tá ceist agam ort. Is ionadaí mé don séú bliain agus d'iarr siad orm labhairt leat faoi dhamhsa mór a eagrú i halla na scoile ag deireadh na bliana. Cad a cheapfá faoi sin?
- Príomhoide:** An as do mheabhair atá tú? Cad ina thaobh a bheadh sibh ag eagrú rud mar seo?
- Síle:** Bhuel, tuigeann tú go maith go raibh bliain crua againn go léir agus táimid ag iarraidh deireadh na bliana a cheiliúradh.
- Príomhoide:** Ó, a Shíle, níl a fhios agam faoi sin. Cén fáth go mbeadh sibh ag iarraidh é a eagrú sa scoil? Nach mbeadh sibh in ann é a eagrú in áit ar bith sa bhaile mar a dhéantar chuile bhliain?
- Síle:** Bhuel, bhuaileamar isteach chuig cúpla óstán agus bhí sé ró-chostasach seomra a fháil ar cíós don oíche. Níl an t-airgead ag déagóirí nó fiú ag a dtuismitheoirí a thuilleadh. Bheadh sé i bhfad níos saoire é a chur ar fáil sa halla.
- Príomhoide:** Ach ní fhéadfá damhsa mór a chur ar siúl sa halla. An bhfuil tú as do mheabhair? Bheadh rirá agus ruaille buille ann. Bheadh na comharsana béal dorais ag gearán.
- Síle:** Ní bheadh. Tosóidh sé ar a naoi agus críochnóidh sé ag meán oíche. Labhraíomar le coiste na dtuismitheoirí an tseachtain seo caite agus dúirt siad linn go raibh siad sásta feitheoireacht a dhéanamh ann an oíche ar fad.
- Príomhoide:** Ó, nílím róchinnte faoi sin. Beidh orm níos mó machnaimh a dhéanamh air.
- Síle:** Ó, le do thoil, bheimis fíorbhuíoch díot.
- Príomhoide:** Buail isteach chugam Dé Luain agus smaoinoidh mé air i rith an deireadh seachtaine.

(ii)

- Síle:** An raibh tú ag féachaint ar an gclár réaltachta 'X Factor' ag an deireadh seachtaine?
- Pól:** Ní raibh. Tá an ghráin agam ar na cláir sin. B'fhearr liom a bheith ag féachaint ar na cláir spóirt ná ar na cláir réaltachta. Cuireann na cláir sin as dom go mór.
- Síle:** Ní chreidim nach dtaitníonn 'X Factor' leat. Níor chuala mé aon duine ag gearán faoi riamh.
- Pól:** Is fuath liom na moltóirí ann. Bíonn siad i gcónaí ag spochadh as a chéile.
- Síle:** Sílim go gcuireann siad go mór leis an gclár. Is breá leis an lucht féachana cláir mar seo. Ó, is breá liom Simon Cowell.
- Pól:** Ní maith liom é ar chor ar bith. Is duine ardnósach é. Caitheann sé go dona leis na hiomaitheoirí ann chomh maith.
- Síle:** Cuireann sé go mór leis an gclár. Bíonn lucht féachana an-mhór acu.
- Pól:** Is clár seafóideach é. Ní bhíonn tallann ar bith ag cuid de na hiomaitheoirí. Ní bhíonn cuid acu in ann canadh fiú.
- Síle:** Is fear mór spórtúil tú, a Phóil. Tá sé deacair tú a shásamh!
- Pól:** B'fhearr liom a bheith ag féachaint ar chláir spóirt. Bíonn daoine proifisiúnta ag imirt spóirt. Bíonn tallann den chéad scoth acu. B'fhearr liom mo chuid ama a chur amú ag féachaint ar chluiche sacair ná ag féachaint ar an tseafóid sin.
- Síle:** Ceart go leor, tá do phointe cruthaithe agat. Níl tú chun féachaint ar 'X Factor' liom anocht mar sin.
- Pól:** Tá an ceart ar fad agat. Beidh mé ag caint leat go luath.

PÁIPÉAR II

Ceist 1 (100 m)

A Agus anois an Aimsir... (50 m)

- (a) Feirmeoirí/iascairí/daoine ar laethanta saoire/duine ar bith a bhíonn ag obair san aer. (5)

(b) Bheadh plandaí, ainmhithe agus daoine ag fáil bháis den tart, mar a tharlaíonn uaireanta in áiteanna san Afraic. (5 m)
- (a) Bhí an samhradh an-fhliuch in Éirinn in 2007 agus in 2008 agus ní raibh samhradh na bliana seo caite ró-íontach ach oiread/an domhan ag éirí te. (5)

(b) Téann níos mó daoine as Éirinn ar laethanta saoire thar lear, rud nach gcabhraíonn le cúrsaí eacnamaíochta sa tír seo/scriosann báisteach throm an féar, an mhóin agus barra an fhómhair. (5)
- (a) Glanann sí an t-aer/níonn sé na sráideanna agus na bóithre/cabhraíonn sé leis an dúlra fás. (5)

(b) Is breá le páistí súgradh i locháin uisce/seasann daoine ar dhroichid ag éisteacht le ceol an uisce/ar an uisce a chaitheann bádóirí agus iascairí an t-am is pléisiúrtha dá saol. (5)
- Bhí a lán de thalamh na hÉireann faoi uisce/i gCorcaigh, bhris an Laoi amach thar a bruacha agus tharla scrios i gcuid mhór den chathair/rinneadh damáiste don chóras pumpála/ní raibh aon seirbhís uisce sna tithe/ó Bhaile Átha Luain go Luimneach bhí bóithre dúnta, agus feirmeacha agus tithe faoi uisce i rith mhí na Samhna agus mhí na Nollag anuraidh. (dhá dhrochrud = 5 + 5)
- Caithfidimid píopaí uisce na tíre a dheisiú/caithfidimid tosú ar uisce a stóráil i mbairille nuair a thiteann sé ón spéir agus é a úsáid don níosáin agus don leithreas. (dhá athrú = 5 + 5)

B Craoladh Digiteach – Todhchaí an Raidió Gaeilge? (50 m)

- Gréasán domhanda/bhí sé ar fáil ar feadh bliana roimhe sin ach ar an ngréasán domhanda amháin a bhí sé ar fáil. (10)
- Gaeilge ar fad a bhí in úsáid ag na láithreoirí óga beoga/ní raibh mórán difríochta idir an stáisiún nua seo agus stáisiúin eile ar nós Today FM nó Spin 103.8 nó RTÉ 2FM ach amháin gur Gaeilge ar fad a bhí in úsáid ag na láithreoirí óga beoga. (10)
- Ba iad Scott De Buítléir agus Aoife Ní Ghlaicín-Riain a chuir i láthair an clár 'Nocht ag a hOcht' a bhíodh á chraoladh ar maidin ag an deireadh seachtaine/ní raibh orthu brostú ar scoil/toisc an clár a bheith ar siúl ar an Satharn agus ar an Domhnach/bhí seans ag daoine óga taitneamh a bhaint as an gclár 'Nocht ag a hOcht' mar go raibh sé ar siúl ar an Satharn agus ar an Domhnach agus ní raibh siad ag dul ar scoil na laethanta sin. (10)
- Bhí éisteoirí ag Raidió Rí-Rá i Meiriceá, san Astráil agus i Sasana (10)/Meiriceá (4), Astráil (3) Sasana. (3) (is cuma cén tír atá sa chéad áit)
- (a) RTÉ/tá thart ar sé stáisiún dhigiteach ag RTÉ anois ag craoladh ar an gcóras digiteach anois. (5)

(b) Beidh an raidió digiteach ag dul ó neart go neart/má éiríonn chomh maith céanna leis anseo, beidh an raidió digiteach ag dul ó neart go neart in Éirinn taobh istigh de chúpla bliain/seo seans don raidió Gaeilge. (5)

Ceist 2 (50 m)

A Prós Ainmnithe (50 m)

- (a) (i) Tá Lisín agus Pól pósta ar feadh fiche bliain. Beidh cóisir mhór acu. Fuair Lisín gloiní agus fíon ar iasacht ón siopa. Tá reoiteoir amháin lán le bia. Fuair sí an dara reoiteoir ar cíos. Má bhíonn an aimsir go maith, beidh an chóisir taobh amuigh. Má bhíonn sé ag cur báistí, beidh an chóisir sa teach. Nuair a bhuail Lisín le Pól ar dtús, bhí sé ag obair i siopa. Ní raibh a lán airgid aige. D'éirigh go maith leis ina shaol.

Is léachtóir gnó é anois. Tá sé saibhir. Is duine cliste é. Ceannaíonn sé stoc, arásáin agus tithe ar an idirlíon. Tá gaol maith aige lena bhean chéile mar spreagann sí é. Tá beirt mhac acu. Tá Ruán ocht mbliana déag d'aois. Tá Cuán trí bliana déag d'aois. Níl gaol oscailte macánta aici le Ruán. Cuireann sí lagmhisneach air. Tá Muintir Albright saibhir. Tá siad ina gcónaí ar Ascaill na Fuinseoige.

Is bean tí den scoth í. Tá a gruaig fionn. Tá sí tanaí agus dathúil. Is duine uaimhianach, údarásach, gnóthach agus foirfe í. Níl sí cosúil leis na mná eile ar an mbóthar. Tá smacht aici ar a clann. Is bean

ghnóthach í. Is bean tí í. Tá sí ina ball de mhórán clubanna, mar shampla, clubanna leabhar agus clubanna staire. Bíonn sí ag foghlaim teangacha: Rúisis, Seapáinis, Sínis agus Spáinnis.

Níl Ruán ag súil leis an gcóisir. Ceapann sé go mbeidh sé go dona. Tagann an tUasal Mac Gabhann go dtí an doras. Ní maith le Ruán é. Tá súile géara aige cosúil le múinteoir.

- (ii) Thaitin an sliocht liom mar bhí an scéal nua-aimseartha. Bhí sé suimiúil. Thaitin an cur síos liom ar Lisín. Bhí sí dathúil, tanaí agus bhí a gruaig fionn. Bhí sí i gcónaí ag caitheamh smididh fiú nuair a chuir sí an bruscair amach. Bhí eagla uirthi go bhfeicfeadh aon duine í gan smideadh. Bhí sé sin greannmhar.
- (b) (i) Lá amháin, tháinig Oisín ar chapall bán. Bhí trí chéad fear ag baint cloiche faoin tuath. Thug Oisín cabhair dóibh mar bhí sé an-láidir. Bhris an giorta agus thit sé den chapall. Tháinig athrú air agus bhí sé ina sheanfhear. Bhuail sé le Naomh Pádraig agus d'ínis sé a scéal dó. Lá amháin, bhí sé amuigh faoin aer ag seilg leis na Fianna. Tháinig cailín álainn ar chapall bán. Dúirt sí go raibh sí i ngrá le hOisín. Niamh Chinn Óir ab ainm di. Pósadh iad agus chuaigh siad ar ais go Tír na nÓg. Bhí brón ar Oisín ag fágáil a athair bhoicht agus na Fianna. Bhí grá mór aige do Niamh. Bhí triúr páistí acu tamall ina dhiaidh sin. Bhí uaigneas ar Oisín i dTír na nÓg, áfach. Shocraigh sé cuairt a thabhairt air ar a athair agus na Fianna. Ní fhaca sé iad le tamall fada agus bhí brón an domhain air. D'fhill sé ar Éirinn chun iad a fheiceáil cé nach raibh cead aige a chos a leagan ar thalamh na hÉireann. Bhí Niamh buartha faoi. Nuair a shroich sé Éire, thug sé cabhair do ghrúpa fear a bhí ag baint cloiche. Go tobann, thit sé den chapall. D'athraigh sé ina sheanfhear ina dhiaidh sin. Thug Naomh Pádraig aire mhaith dó. Mhúin sé soiscéal Dé dó. Ní dheachaigh sé ar ais go Tír na nÓg riamh arís. Ní fhaca sé Niamh ná a chlann riamh arís. Bhí Niamh trína céile ina dhiaidh sin.

- (ii) Feictear grá agus brón sa scéal seo.

Grá: Bhí grá ag Niamh Chinn Óir do Oisín nuair a chonaic sí é den chéad uair in Éirinn. Thit Oisín i ngrá leis an gcailín dathúil. Pósadh iad agus chuaigh siad ar ais go Tír na nÓg. Bhí triúr páistí acu ina dhiaidh sin.

Brón: Bhí brón ar Oisín nuair a d'fhág sé slán lena athair agus leis na Fianna. Bhí meas mór aige orthu. Bhí uaigneas agus brón air nuair a bhí sé ina chónaí i dTír na nÓg. Shocraigh sé dul ar ais go hÉirinn. Bhí mí-ádh air mar thit sé dá chapall. D'athraigh sé ina sheanfhear agus ní fhaca sé a theaghlach riamh arís. Bhí brón ar Niamh agus na páistí.

B Prós Roghnach (50 m)

- (a) (i) 'An Bhean Óg' le Máire Mhac an tSaoi

Chuaigh an bhean óg go dtí an trá gach maidin. Chuir sí na páistí sa phram. Thug sí lón agus leabhar léi: *The Co-operative Movement in Great Britain* le Beatrice Webb. Níor thaitin cócaireacht ná fuáil léi. Bhí sí ina cónaí in áit iargúlta cois farraige. Bhí an trá ceathrú míle ón teach. Bhí an mhaidin seo an-te. Bhí bróga canbháis, hata tuí agus gúna cadáis uirthi. D'fhág sí an pram faoi scáth mar bhí bainne ann. Bean óg thanaí ab ea í. Bhí sí tuirseach traochta ach bhí sí lách do na páistí. Bhí sí cainteach leo mar chreid sí go raibh sé sin go maith dóibh. Thug sí ainm Gaeilge dóibh ar gach rud. Bhí an cailín beag go maith ag caint ag trí bliana d'aois. Ní raibh an buachaill go maith. Níor labhair an bhean mórán le muintir na háite. Bhí sí uaigneach. Chuaigh sí ag snámh leis na páistí. Ní raibh eagla orthu roimh an uisce. Choimeád sí an buachaill ina lámha. Rith an cailín beag isteach is amach as an uisce. Thriomaigh an bhean óg iad. Bhí áthas uirthi ag féachaint ar na páistí áille. Gach lá tar éis an lóin chuaigh na páistí ina gcodladh sa phram. Ansin léigh sí a leabhar, nó scríobh sí litreacha, nó dheisigh sí stocaí, nó ní dhearna sí aon rud. I dtosach scríobh sí litreacha cúramacha chuig a fear gach lá. Duine intleachtach ab ea é a bhí ag súil le litreacha cliste. Ach bhí sí tuirseach de sin. Níor scríobh sí aon litir le ceithre lá. Bheadh sé ag teacht ar cuairt an oíche sin. Bheadh sé ar a ghluaisrothar. Bheadh sé ag súil le teach deas néata, béile blasta agus bean ghealgháireach. D'fhág sí an trá go luath an lá sin. Bhí uirthi an teach a ghlanadh agus béile a ullmhú. Bhí uirthi í féin a ullmhú freisin. Níor thaitin púdar ar a haghaidh leis. Ní raibh sí sásta go raibh sé ag teacht abhaile.

- (ii) Níor thaitin an fear liom sa scéal seo. Chaith sé go dona lena bhean chéile. Fear údarásach a bhí ann. Choinnigh sé a bhean faoi smacht. Bhí sé ag súil le teach glan agus béile deas. Bhí uirthi í féin a ullmhú freisin. Chuir sé í faoi bhrú. Mhothaigh sí míchompordach. Ní raibh sí ag súil leis ag teacht abhaile.

(b) (i) An Cearrbhach Mac Cába

Feirmeoir bocht ba ea an Cearrbhach Mac Cába. Bhí sé i gcónaí ag imirt cártaí. Ní dhearna sé aon obair ar an bhfeirm. Oíche amháin chaill sé a chuid airgid go léir. Nuair a tháinig sé abhaile bhí mac nua aige. Chuaigh sé ag lorg sagairt. Bhuail sé le fear óg álainn. Dia a bhí ann agus dúirt sé go mbaistfeadh sé a leanbh. Ní raibh an Cearrbhach sásta leis seo mar nach raibh Dia fial dó. Lean sé ar aghaidh. Bhuail sé le strainséir. Fear mór tanaí ba ea é. Bhí sé dubh agus liathbhuí. Dúirt sé gurbh é an Bás a bhí ann. Ba mhaith leis a bheith ina charas Críost ag a leanbh. Ansin bhuail siad le Dia arís. Chuaigh an triúr acu go dtí an teach. Bhaist Dia an leanbh, agus bhí an Bás ina charas Críost aige. Fuair an Cearrbhach trí achainí ar Dhia: (1) bua chearrbhach an domhain, (2) bua dhochtúirí an domhain, (3) go mbeidh lámh aon duine ag goid úll ó chrann an Chearrbhaigh greamaithe den chrann. Níor inis sé don Bhás faoin tríú hachainí. Rinne an Bás margadh leis an gCearrbhach – dá mbeadh an Bás ina shuí ag cosa na leapa, leigheasfadh an Cearrbhach an duine sin, ach dá mbeadh an Bás ina shuí ag ceann na leapa, thógfadh an Bás an duine sin. D’imigh an Bás, agus lean an Cearrbhach ar aghaidh ag imirt cártaí. Bhuaigh sé a lán airgid. Ansin thosaigh sé ag obair mar dhochtúir. Bhí fear saibhir ina chónaí sa Spáinn. Bhí sé ag fáil bháis. Chuaigh an Cearrbhach chun an fear a leigheas. Bhí an Bás ag ceann na leapa. Fuair sé ceathrar buachaillí. Chas siad an leaba timpeall. Ansin bhí an Bás ina shuí ag cosa na leapa. Leigheas an Cearrbhach an fear. Nuair a bhí sé ag dul abhaile go hÉirinn rug an Bás greim scornaí air. Rinne an Cearrbhach margadh leis. Lig an Bás dó dul abhaile chun tiomna a dhéanamh. Shroich sé an baile. Nuair a tháinig an Bás, bhí coinneal ar lasadh ag an gCearrbhach. D’iarr an Cearrbhach air am a thabhairt dó go mbeadh an choinneal dóite. Thug an Bás an t-am dó. Ansin mhúch an Cearrbhach an choinneal. Fuair sé seacht mbliana eile. Tar éis seacht mbliana, tháinig an Bás ar ais. Dúirt an Cearrbhach leis dul agus úll a fháil ón gcrann dó. Nuair a leag an Bás lámh ar an úll, ghreamaigh sé de. Rinne an Cearrbhach margadh leis an mBás. Fuair sé seacht mbliana eile. Tar éis an seacht mbliana sin tháinig an Bás ar ais arís. Rug sé greim scornaí ar an gCearrbhach. D’iarr an Cearrbhach air ligean dó paidir a rá. Fuair sé an seans. Ní dúirt an Cearrbhach an paidir. Fuair sé seacht mbliana eile. D’imigh an Bás arís. Lá amháin bhuail sé le buachaill ag caoineadh. Dúirt an buachaill nach raibh sé ábalta dul chun Comaoine mar ní raibh paidir ar eolas aige. Mhúin an Cearrbhach an phaidir dó. Leis sin d’éirigh an Bás as corp an bhuachalla agus rug sé greim ar an gCearrbhach. Thachtaigh sé é. Chuaigh an Cearrbhach go hlfreann. Bhuaigh sé gach rud leis na cártaí. Cuireadh amach as lfreann é. Chuaigh sé go geataí na bhFlaitheas. Thosaigh sé ag imirt cartáí taobh amuigh. Bhí trua ag Naomh Peadar dó. Lig sé isteach é. Chaith an Cearrbhach na cártaí uaidh. Feiceann gach duine a théann ar Neamh iad.

(ii) Feictear trua agus éad sa scéal seo.

Trua: Bhí trua ag an mBás don Chearrbhach agus thug sé breis ama dó ar an saol go dtí go mbeadh an choinneal dóite. Seacht mbliana a bhí i gceist. D’imir an Cearrbhach bob air. Shéid sé an choinneal amach ina dhiaidh mar ní raibh fonn air imeacht go hlfreann leis an mbás.

Éad: Bhí an Bás in éad leis an gCearrbhach. Fuair sé trí achainí ar Dhia, bua chearrbhach an domhain, bua dhochtúirí an domhain, go mbeidh lámh aon duine ag goid úll ó chrann an Chearrbhaigh greamaithe den chrann. Níor inis sé don Bhás faoin tríú hachainí agus d’imir sé bob air.

Ceist 3 (50 m)**A Filíocht Ainmnithe (50 m)**

- (a) (i)** Ba mhaith leis a bheith pósta agus clann a bheith aige. Ba mhaith leis go mbeadh a bhean ag fanacht sa bhaile ag tabhairt aire do pháistí, ‘Shantaigh sé bean, i nead a chine’. Is fear traidisiúnta (*traditional*) é.
- (ii)** Ba mhaith léi a bheith pósta agus ‘leath den chiste’. Ba mhaith léi a bheith neamhspléach (*independent*). Ba mhaith léi a roghanna féin a dhéanamh. Ba mhaith léi taisteal ‘saoire thar lear’. Is bean neamhspléach í.
- (iii)** Ní raibh an lanúin sásta sa phósadh. Bhí **mianta difriúla** acu. Bhí fadhbanna acu. Tháinig siad ar réiteach. Scar said, ‘Thángthas ar réiteach, / Scaradar’.
- (iv)** Thaitin an dán liom mar tá sé gairid agus cliste. Deir an file a lán i mbeagán focal. Déanann sé cur síos ar an mbean agus ar an bhfear agus na mianta difriúla atá acu. Níl siad sásta a thuilleadh sa phósadh. Is fear traidisiúnta é agus is bean neamhspléach í. Tháinig siad ar réiteach agus scar said, ‘Thángthas ar réiteach, / Scaradar’. Tá ceacht le foghlaim sa dán seo.

- (b) (i) Bhí an t-ainmhí ina chónaí sna teochreasa, 'Ainmhí mé / Ainmhí allta / As na teochreasa'.
- (ii) Tá an t-ainmhí sa zú anois. Tá a shaol leadránach ann. Luíonn sé síos agus breathnaíonn sé ar an gcrann aonraic ann, 'ach anois / Luím síos / Agus breathnaím trí leathshúil / Ar an gcrann aonraic sin thall'.
- (iii) Ní ligfidh aon duine é amach ón zú, 'a dhéanfaidh rud ar bith dom / Ach mé a ligean amach'.
- (iv) Tá brón ar an ainmhí. Níl sé sásta sa zú. Níl aon saoirse aige a thuilleadh. Bhí saoirse aige nuair a bhí sé sna teochreasa, 'chroithfinn crainnte na coille / Tráth / Le mo ghéar'. Tá uaigneas air mar áiríonn sé uaidh an saol a bhí aige fadó.

nó

B Filíocht Roghnach (50 m)

- (a) (i) 'Faoiseamh a Gheobhadsa' – Mairtín Ó Direáin
- (ii) Is é an téama ná an chodarsnacht idir saol an oileáin agus saol na cathrach. Faigheann an file faoiseamh ar an oileán. Níl sé compordach sa chathair. Ba bhreá leis éalú ón gcathair ar feadh tamaill.
- (iii) Tá an file ina chónaí sa chathair. Níl sé sásta ann. Ba mhaith leis éalú 'ó chrá croí, ó bhuairt aigne, ó uaigneas dhuaire, ó chaint ghontach' ar feadh tamaill bhig. Tá an saol an-difriúil ó shaol an oileáin. Níl síocháin le brath ann.
- (iv) Is maith liom an dán. Déanann an file cur síos ar an saol ar an oileán agus faoin saol sa chathair. Is fearr leis an t-oileán mar tógadh é ann 'thiar ag baile'. Is maith liom an íomhá den oileán. Is áit síochánta réchúiseach (*easygoing*) í, 'Ag siúl cois cladaigh / Maidin is tráthnóna / Ó Luan go Satharn'.
- (b) (i) 'Jack' – Máire Mhac an tSaoi
- (ii) Tá an file ag smaoineamh ar a hóige nuair a bhí sí ar a laethanta saoire i gCiarraí. Bhuail sí le fear óg darb ainm Jack, 'Strapaire fionn sé troithe ar airde'. Bhí sí ag damhsa leis ag rince oíche amháin. Bhí gruaig fhionn air. Bhí sé dathúil agus múinte. Bhí sé gléasta go maith agus bhí a ghruaig néata, 'ina léine bhán is a ghruaig nuachíortha'. Thit sí i ngrá leis an samhradh sin, 'Dob é an samhradh so mo rogha pháirtí é'. Anois tá an file níos sine agus tá na laethanta sin imithe. Ní bheidh an file óg arís.
- (iii) Bhí Jack an-lách don fhile i gcónaí an samhradh sin. Bhí sé múinte, deas agus sona. Tá a fhios aici go bpósfaidh Jack bean eile. Beidh sé ag obair ar an bhfeirm. Beidh clann aige. Tá cuimhní deasa aici air. Guíonn sí rath is séan air ina shaol. Guíonn sí sonas air. Guíonn sí saol deas sona air mar bhí sé lách di. Ba é a grá geal an samhradh sin, 'Barr dá réir go raibh air choíche!' Rath is séan san áit a mbíonn sé! Mar atá tréitheach go dté crích air-'.
- (iv) Is iad grá agus brón na mothúcháin is láidre sa dán seo. Tá grá ag an bhfile do na laethanta a chaith sí i gCiarraí. Bhuail sí le fear darb ainm Jack ann. Thaitin sé go mór léi. Thit sí i ngrá leis. Bhí sé deas agus lách di. Tá cuimhní aici fós faoi Jack 'Strapaire fionn sé troithe ar airde'. Tá brón uirthi go bhfuil na laethanta sin imithe, 'Ach ní dhearúdfad a ghéaga im thimpeall'. Bhí an-chion aici air, 'A ghéire ciúin ná a chaint shibhialta- / ina léine bhán is a ghruaig nuachíortha'. Ag deireadh an dáin, guíonn sí rath agus sonas air, 'Barr dá réir go raibh air choíche'.